Oiread agus ainm amháin de bhunús miotaseolaíoch den chineál a dtagtar coitianta air i ré an Dinnseanchais (c. 900 – 1250 A.D.) agus ar feadh tamaill ina dhiaidh sin ní fhaightear i measc ainmneacha bharúntachtaí thuaisceart chontae Chorcaí (Orbhraí agus An Choill Mhór, Dúiche Ealla, Mainistir Fhear Maí, Condúnaigh agus Clann Ghiobúin) arb é seo a leanas líon a n-ainmneacha (de réir na fianaise) i gcaitheamh na tréimhse céanna :

Aois	Orbhraí agus An Choill Mhór	Dúiche Ealla	Mainistir Fhear Maí	Condúnaigh agus Clann Ghiobúin
900 – 99	1	1	1	0
1000 – 99	1	1	0	0
1100 – 99	2	1	3	0
1200 – 99	15	3	43	30
1300 – 99	36	14	17	10
1400 – 99	6	6	16	0

I dtaobh chomóntacht na ngnéithe aiceanta sa dinnseanchas a luann Máirín O Daly thuas, ‘mountains, rivers, lakes’ (féach ina leith seo leis, ‘it [dinnseanchas] refers much more commonly to notable topographical features than to what we might call centres of habitation’, (de hÓir, *op.cit.* 1), is díol spéise é gur ainmneacha a thagraíonn do ghnéithe fisiciúla leis is líonmhaire i gcás Orbhraí agus na Coille Móire de (16.3%) agus i gcás na mbarúntachtaí eile i dtuaisceart chontae Chorcaí, mar atá Dúiche Ealla (20%, *Log. DE* (1999), 315 – 319) agus Mainistir Fhear Maí móide Condúnaigh agus Clann Ghiobúin (14.6%, *Log. Dhá Bhar.* (1995) 424 – 426). Gnéithe topagrafacha is airde leis i ngréasáin logainmeolaíocha na n-údar seo a leanas : Ó Ciobháin, *Toponomia Hiberniae* IV xxxvi, Ó Catháin, O’Flanagan, *The Living Landscape* 65, 68 agus Cox, *The Gaelic Place-Names of Caroloway, Isle of Lewis* 69 – 80, Mac Aodha, ‘Gnéithe coitianta in áitainmneacha na Spáinne’, *Topothesia* 158 – 169 agus is dóibh a thugann an t-údar deireanach seo tús áite ina rangú ar chineálacha éagsúla logainmneacha in ‘Placename Research in Ireland’, *Anglo-Irish Studies* 1 (1975), 101, 102.

An méid seo a leanas leis ó E. Relph, ‘Indeed, one man’s first acts on entering any unexplored or uninhabited region is to give names at least to the most prominent features and thus to humanise the wilderness’ (*Place and Placelessness* 17).

Pointe eile a idirdhealaíonn ainmneacha an dinnseanchais phróis agus fhileata ó ainmneacha na n-aonad riaracháin trí chéile is ea a laghad ainmneacha sa dinnseanchas a thagraíonn d’ionaid chónaithe / lonnáiochta i gcomparáid le tarlachtaint chomónta na ngnéithe aiceanta (féach ina leith seo ráiteas thuasluaite de hÓir, *op. cit.* 1).

Cuirtear seo i gcomparáid le céatadán substaintiúil ainmneacha tíolactha nó ainmneacha a thugann seilbh nó úinéireacht le fios (ainmneacha pearsanta agus sloinnte den chuid is mó) i mbarúntachtaí thuaisceart chontae Chorcaí, mar atá, Orbhraí agus An Choill Mhór (10.8%), Dúiche Ealla (9%, *Log. DE* 319 – 324) agus Mainistir Fhear Maí, Condúnaigh agus Clann Ghiobúin (14.1%, *Log. Dhá Bhar.* 426 – 429). Léiriú ar úinéirí tailte de shloinne Gael is Gall sa bharúntacht seo staidéir is ea **Baile Uí Choscraigh** (uimh. 5), **Currach Uí Liatháin** (19), **Gort Uí Shíoda** (131) (sloinnthe Gael), **Baile an Bhailisigh** (102), **Baile an Róigh** (8), **Baile na dTreighdíneach** (6) (sloinnthe Angla – Normannacha) agus **Hardingville** (406), **Harrisgrove** (407), **Keating’s Lane** (419) (sloinnthe gallda daoine a lonnigh sa bharúntacht seo i ndiaidh 1750).

Feictear sa tslí chéanna lorg na gcineálacha éagsúla úinéirí stairiúla tailte ar áitainmniú tíortha eile chomh maith – ní luaitear anseo ach trí cinn de thíortha á léiriú seo go hachomair, mar atá : 1. Albain (cf. Nicolaisen, *Scottish Place-Names*, áit a dtagraítear d’ainmneacha luatha ó Shasana (*Ibid.* 68 – 83), d’ainmneacha Lochlannacha (*Ibid.* 84 – 120), do thionchar na nGael (*Ibid.* 121 – 148) agus na Breataine Bige (*Ibid.* 149 – 172), 2. Sasana (cf. Ekwall, *The Oxford Dictionary of English Place-Names*, mar a scrúdaítear taipéis ilghnéitheach na ngrúpaí éagsúla daoine a d’fhág a rian ar áitainmneacha na

tíre, mar atá, an eilimint Cheilteach (*Ibid.* xix – xxi), ainmneacha ó Shasana (*Ibid.* xxi, xxii), an eilimint Lochlannach (*Ibid.* xxi – xxv), an eilimint Laidine (*Ibid.* xxv) agus lorg na Fraince (*Ibid.*) agus 3. Talamh an Éisc i Meiriceá Thuaidh (cf. Seary, ‘A short survey of the place names of Newfoundland’, in B. Mac Aodha (ed.), *Topothesia* 144 – 157) mar a luaitear na treabhchais éagsúla ó thíortha eile a d’fhág a rian ar áitainmniú na tíre de réir a chéile, mar atá, Portaingéiligh, Francaigh, Sasanaigh (*Ibid.* 151) agus Éireannaigh (*Ibid.* 153), ina measc sloinnte Corcaíocha ar leithinis Avalon, m.sh. Leary’s Brook, McCarthy’s Pond, Murphy Cove (*Ibid.* 154) agus áitainm Corcaíoch, Skibbereen, ‘a small inland settlement named after Skibbereen, Co. Cork, a place used by small boats known as scibs (*Ibid.* 155).

Ainmniú agus focail

Pointe eile de phróiseas an ainmnithe (agus an áitainmnithe san áireamh) is ea an bhaint atá idir (áit)ainm agus gnáthfhocal i dteanga. Déanann an tOllamh W.F.H. Nicolaisen anailís mheáite ar an dlúthbhaint chéanna seo idir ainmneacha agus ghnáthfhocail sa ghiota seo a leanas, ‘names do not inhabit a kind of onomastic world of their own but in many ways never cease to be what most of them originally started out as-words. While playing new roles in the process of communication, they therefore still share many grammatical properties with other, non-onomastic, lexical items and, especially in syntactic environments, are frequently indistinguishable from these, particularly in the spoken language. Words which have become names never totally cease to be words, nor can names ever fully deny their lexical origins’ (‘Words as Names’ in Henri Draye, ed., *Berichte des XII Internationalen Kongresses für Namenforschung* 142, Bern (1975)). An scéal céanna á phlé aige arís an bhliain dar gcionn, ‘names are, after all, first and foremost, words’ (*Scottish Place-Names* 5) agus ag an Ollamh John Lyons timpeall an ama chéanna sin arís, ‘As far back as we can trace the history of linguistic speculation, the basic semantic function of words has been seen as that of naming’ (*Semantics* I, 215, Cambridge, 1977).

Chífeadh inár ndiaidh san aiste chéanna seo (cf. **An baile fearainn agus an áit dhúchais – tuar dóchais**), go bhfaigheann ainmfhocail bás de réir a chéile, áfach, sa chás nach dtuigtear iad, ní hionann agus ainmneacha de bhrí go mbíonn brí agus gá leo mar ainmneacha fiú amháin má bhíonn na hainmneacha céanna folamh ó bhrí mar fhocail (Nicolaisen, *Scottish Place-Names* 4).

Meath an Traidisiúin

Cuid thábhachtach eile den phlé seo ar thraidisiún an áitainmnithe (fara tábhacht thraidisiúnta (i) an dinnseanchais i ré na Meán-Ghaeilge agus (ii) chomóntacht chatagóirí áirithe ainmneacha i dtuaisceart chontae Chorcaí agus ainmneacha áirithe eile lasmuigh den tír) is ea an meath atá imithe ar an traidisiún céanna agus go háirithe i gcomhthéacs na barúntachta seo ar dhul i léig na mionainmneacha áite (droichid, liosanna, páirceanna) le leathchéad éigin bliain anuas. Gan trácht ar an 320 ainm sa saothar nár mhair in aon chor a fhaid le 1930 (cf. 4.2), insíonn torthaí taighde dúinn go bhfuil stádas marbh nó leochaileach ag leath de na hainmneacha sa bharúntacht go baileach (305/610), bídis imithe as gnáthchumarsáid daoine ar fad nó á gclos go hannamh nó go han-annamh (cf. **Comóntacht úsáide na nAinmneacha**) amháin. Tugtar faoi deara i gcás 76.8% de na hainmneacha nach ainmneacha riaracháin iad (295/384) go bhfuil tréithe seo an bháis nó an mheatha ag roinnt leo. Tuigtear leis gurb ar éigean atá stóras substaintiúil mionainmneacha ar eolas anois ag formhór na bhfaisnéiseoirí ar cuireadh agallamh orthu (F1-374) agus gur mó d'eisceachtaí suaithinseacha iad leithéidí Pat Irwin (F2), Harry Ball (F70), Dónal Ó Cáinte (F122), Pat Keane (F262) nó Tom Cronin (F283) ar leithne a gcuid eolais ar an stair áitiúil trí chéile agus cúrsaí mionainmneacha áite san áireamh.

Thagair Patrick Power sa bhliain 1907 don mheath, dar leis, a bhí imithe ar thraidisiún an áitainmnithe le céad bliain roimhe i gcontae Phort Láirge agus é ag leagan béime ar threise nó ar fhorleitheadúlacht an traidisiúin chéanna ann

anallód, ‘Up to a hundred years ago’, deir sé, ‘every place-name conveyed some definite idea of the physical character, history or ownership of the place it represented’ (*The Place-Names of Decies* xi).

In ainneoin (i) gur cinnte go bhfuil a stair féin ag gach focal i ngach logainm a shíneann siar go dtí a chéad úsáid agus (ii) gur ceangal beo iad na hainmneacha leis an am atá thart, fós féin, is cinnte chomh maith go bhfuil cuid mhaith de na feidhmeanna, de na himeachtaí agus de na gníomhaíochtaí a chéadspreag an t-ainmniú i mórán cásanna sa bhailiúchán reatha seo imithe i léig de réir a chéile nó ligthe i ndearmad ar fad.

Athruithe a bheith tagtha ar shaol sóisialta, ar shaol spioradálta, ar shaol eacnamúil agus ar chaighdeán beatha nó modhanna maireachtana daoine trí chéile, go háirithe ón dara leath den fhichiú haois ar aghaidh, is cúis le dul ar lár nó le laghdú úsáide mórán de na mionainmneacha ar liosanna, ar pháirceanna, ar thoibreacha tís, ar thoibreacha beannaithe (agus eile) sa saothar céanna. Luafainn go sonrach ina leith seo (i) seandaoine a bheith ag fáil bháis agus cuid mhaith de na scéalta iontais is áibhéile mar aon leis na hathruithe i gcleachtais shóisialta agus i gcúrsaí creidimh a bhíodh ag roinnt leis na mionainmneacha ar feadh i bhfad a bheith á dtionlacan go dtí an uaigh de réir a chéile, (ii) daoine óga (ar minic nach é an seanchas áitiúil is príomhábhar spéise leo ná tréithe nó gnéithe a shamhlaítí go traidisiúnta le scéalaíocht, le béaloideas/seanchas agus dinnseanchas san áireamh, mar atá, pisreogacht, osnádúrthacht, draíocht, fordhaonnacht, áibhéal agus dochreidteacht) a bheith ag fágaint na tuaithe go tiubh – diríonn P.J. Duffy aird ar cheist seo na heisimirce tuaithe agus ar athruithe eile i saol na tuaithe chomh fada is a bhaineann le hainmniú mionainmneacha de in aiste leis dar teideal ‘Unwritten Landscapes : Reflections on Minor Place-names and Sense of Place in the Irish Countryside’ in H.B. Clarke, J. Prunty, M. Hennessy (eds.), *Surveying Ireland’s Past 709*, á rá ‘as a result of socio-economic changes in the countryside – including out-migration and the implementation of productivist

strategies in agriculture from the 1960s – the practice of naming at this intricate scale virtually ceased for much of the twentieth century. We are left today with an attenuated legacy of older names’; (iii) dul chun cinn a bheith tagtha ar chaighdeán beatha daoine trí chéile i gcaitheamh na tréimhse céanna, ar sholáthar uisce reatha i dtithe, cuiream i gcás, sa mhéid is nach mbíonn feidhm phraiticiúil a thuilleadh le toibreacha tís, rud a chuireann le dí-ainmniú, le simpliú, le truailliú nó le dul ar lár mórán de na hainmneacha sa chatagóir chéanna, m.sh. **Bucket Well** (286) nó **Tubberadown** (599); (iv) athruithe a bheith tagtha ar chleachtais agus ar nósmaireachtaí i gcúrsaí creidimh le glúm nó dhó anuas, m.sh. tábhacht toibreacha beannaithe a bheith imithe ar gcúl cuid mhaith : **Toberleagh** (585), ‘Holy well, In pasture used by farm animals’ (2000, *FSCC* IV 13966), **Tobershivaun** (591), ‘Holy well covered over no longer visible’ (2000, *FSCC* IV 14025), **Trinity Well** (596), ‘Holy well now dry and disused with grass and stones dumped into it’ (2000, *FSCC* IV 14032). Tagraítear i gcás (i) **Tobermurry** (588) agus (ii) **St. Bridget’s Well** (563) do nós a bhíodh comónta tráth le linn cuairte ar thobar beannaithe, is é sin, bronntanas éigin (ceirt bheag, bláthanna, boinn bheaga, pictiúir bheaga naofa, dealbha beaga) a bheith á fhágaint ag an gcuairteoir ar leic an tobair le teann creidimh sa naomh a raibh an tobar ainmnithe ina d(h)iaidh. Chreidí leis coitianta nárbh fhéidir uisce ó thobar beannaithe a bheiriú (**Lady’s Well** (434), **Toberlenade** (586)), go bhféadfadh tobar beannaithe suíomh a aistriú sa chás go mbeadh easpa urrama á léiriú ina leith (**Baghuleesa** (242), **Tobercooraghaglyнна** (589)), go mbeadh cóir leighis, go háirithe do shúile tinne, ar fáil ar láthair an tobair (**Tobercooraghaglyнна**, **Tobermurry** (588)) go bhféadfadh uisce scairdeadh aníos as (**Baghuleesa**), go mbíodh naomh á nochtadh féin ag an tobar (**Lady’s Well** (436), **St. Bridget’s Well** (563)) nó go mbíodh iasc le feiscint in uisce an tobair sa chás go raibh leigheas le bheith i ndán don othar (**St. Bridget’s Well**) agus chreidí mar an gcéanna nárbh fhéidir adhmaid crann naofa le hais toibreacha beannaithe a dhó (**Crannavella** (337), **St. Bridget’s Tree** (562)).

Ní nach ionadh sa tslí chéanna gurb uair an-fhánach amháin a chloistear trácht ar ainmneacha ar nós **Gallow's Field** (378) / **The Hangman's Hole** (405) nó **Dallaun** (350) / **Páircín na Cille** (513) de bhrí go bhfuil na nósanna a ghabh leo, mar atá, sean-nós an chrochta agus naíonáin gan baisteadh a bheith á gcur i reiligí nó i gcillíní beaga ar leith, curtha ar ceal le fada i gcás an chrochta de nó le cúpla glúin anuas i gcás adhlacadh na leanaí.

Ar an gcuma chéanna, is ag tagairt siar don am a ndéantaí an talamh a loscadh coitianta, pé acu chun torthúlacht na talún a fheabhsú go sealadach (Kelly, *E. Ir. Farm.* 230) nó chun grán arbhair a dhealú ón ngas (*Ibid.* 240-1) nó chun fás an fhéir a fheabhsú de bharr dó aitinne (Joyce, *Or. Hist. Ir. N.P.* 1 238), atá **Ahaluske / Achadh Loiscthe** (4.2) agus **Gortnetotane / Goirtín an Tóiteáin** (4.2) nach maireann.

Ní haon ábhar iontais é ach an oiread go mbeadh áitainmneacha a samhlaítear bonn ócáideach nó eachtrúil leo, mar atá, **Richard's Bed** (542), **The Murdering Hole** (492), **The Soldier's Pond** (554) nó **The Tailor's Leap** (567) á gclos go hannamh nó go han-annamh amháin ná ní minic piseoga ná scéalta iontais agus áibhéile an tseanchais nó an bhéaloidis áitiúil ar logainmneacha á lua, ní hionann, cuiream i gcás, agus aimsir Bhailiúchán na Scol (1937,-8), áit a dtagtar ar chailleach a chaith cloch le fathach (**Dallaun** (350)), ar shagart a chuir an ruaig ar chailleach chluíteach darbh ainm Eibhlín Óg (**Eileen's Rock** (365)), ar phúca (**Bóthairín an Phúca** (277)), ar shíoga (**Lisnagroda** (450)), ar shoilse draíochta (**Moanroe** (474)), ar thairbh draíochta (**Páirc an Sí** (508), **Páirc an Tairbh Dhuibh** (509)) a bheith i bhfeighil cairn airgid, ar chailín aimsire a bheith á sciobadh chun siúil ag an ngaoth (**Máireguan**, 462), ar obair thógála cille i rith an lae a bheith á cur ar neamhní de bharr idirghabhála mistéirí istoíche (Kyle, 433) agus ar fheirmeoir a mbíodh drogall air dul i ngiorracht an phaiste talún ar a bhfuil **Lisnagroda** (450, áit churtha seachtar déag de na Gearaltaigh (a thit i gcath Lios Cearúill sa bhliain 1642) suite le linn dó a bheith ag treabhadh nó ag baint an fhéir.

An baile fearainn agus an áit dhúchais – tuar dóchais

In ainneoin meath dá sbórt a bheith imithe ar thraidisiún seachadta agus caomhnaithe mionainmneacha le cúpla glúin anuas (gheofar amach ar ball de bharr agallamh a cuireadh ar cheathrar faisnéiseoirí óga go maireann tuairim is dhá dtrian de na hainmneacha seo amháin a bhí ar eolas ag daoine níos sine ná iad, cf. **Ceathrar faisnéiseoirí óga – suirbhé**, 5.7.4 – is annamh leis mionainmneacha á n-úsáid mar sheoltaí baile, cf. 5.7.2), fós féin, ní mór a thuiscint i gcás na mbailte fearainn de gur láidre, gur buaine agus gur fadmharthanaí a gcás siúd i gcomhthéacs thraidisiúin an áitainmnithe de nuair a chuirtear sa mheá (i) gur seoltaí baile iad a bhformhór mór agus (ii) nach gá brí logainm nó na háite dúchais a thuiscint le go mairfeadh sé slán. A leithéid seo ó P.J. Duffy ag léiriú na tuairime céanna, ‘The townlands and their names remain as critical elements in local identity. Their continuing use as postal addresses has ensured their survival as living expressions of place in spite of frequent lack of comprehension of literal meaning, the names have resounding local, social and cultural significance. Even if the Irish language is no longer a familiar everyday language of the people, undoubtedly the euphony of place-name and its local pronunciation as a shadow of the older disconnected language is embedded in local consciousness’ (*op. cit.* 695).

Ní den riachtanas é go dtuigfí brí ainm le go mairfeadh sé slán, ní hionann agus úsáid ainmfhocail theibí, cuiream i gcás, a fhaigheann bás de réir a chéile sa chás nach dtuigtear a bhí, ‘Meaningless words die because the economy of language does not allow them to be carried as ballast when they no longer serve a meaningful function. Names, on the other hand, survive because they can be meaningful as names even if they have become meaningless as words’ (Nicolaisen, *Scottish Place-Names* 4 agus Hughes, ‘Irish Place-names : Some Perspectives, Pitfalls, Procedures and Potential’, *Seanchas Ard Mhacha* 14 (1991), 116).

Is leithne leis an tuiscint áitiúil ar cad is ‘áit’ ann ná an suíomh nó an cur síos topagrafach amháin a ghabhann léi mar is léir ó nádúr ilghnéitheach, iltaobhach an ní is ‘áit’ (agus is áitainm dá réir) ann dar le R. Relph, ‘In our everyday lives places are not experienced as independent, clearly defined entities that can be described simply in terms of their location or appearance. Rather they are sensed in a chiaroscuro of setting, landscape, ritual, routine, other people, personal experiences, care and concern for home, and in the context of other places’ (Relph, *op. cit.* 29).

Tugtar faoi deara go bhfuil cuid mhaith de na tréithe thuasluaite leis (suíomh, tírdhreach, nósmaireacht agus deasghnátha (na seilge), daoine eile (Caoilte, Pádraig agus na Fianna) agus áiteanna eile (loch bó, osmetal, cnoc na haeire, finnis, cnoc na maine) sa bhlúire Fiannaíochta seo a leanas mar a dtagann Caoilte agus a chomhluadar a fhaid le ‘cenn fhebhrat sléibe cáin’ (> **Ballyhoura**, baile fearainn atá suite díreach lasmuigh de bharúntacht Orbhraí agus na Coille Móire i mbarúntacht theorantach Mhainistir Fhear Maí, p.Imphrick – tá an paróiste céanna seo roinnte ar an dá bharúntacht réamhluaite) i gcontae Chorcaí, ‘Is ann sin ro éirig Pátraic agus Cailte in líon ro bhátar do shluagaib co cenn fhebhrat sléibe cáin suas. agus is amlaid do bhí suidiugud an inaid sin arráncatar trí glennta imon sléib agus loch eturra. loch bó a ainm. agus osmetal ainm an tsléibe. agus cnoc na haeire allaniar do’n loch. agus finnis ainm an chnuic airtheraig. agus cnoc maine ainm an chnuicsea. agus ann so do bhí in brécaire daimh .i. liath na trí mbenn. agus téiged ó’n féinn idir choin agus duine re ré secht mbliadan fichet. agus ro marb óclach do’n fhéinn é agus is mise [Caoilte] in tóclach tócbais Cailte a shuasán selga agus ní dhechaid éloidech beo as do’n tseilg’ (*Agall.* 114).

Dá laige é traidisiún an áitainmnithe in áiteanna mar is léir thuas, ní féidir nach treiside an traidisiún seo go minic leis an ilghnéitheacht chéanna seo.

1.2 Ionad an chnuasaigh seo i gcomhthéacs saothar eile a chuireann síos ar ainmneacha riaracháin agus ar ainmneacha eile

Is liosta le háireamh é a bhfuil de leabhair agus d'ailt in irisí léannta agus in irisí áitiúla a chuireann síos ar chnuasaigh ainmneacha riaracháin agus ainmneacha eile (ar mionainmneacha a bhformhór) le beagán le cois 130 bliain anuas. Tabharfar faoi deara i gcás na gcnuasach céanna nach i gcónaí a bhíonn na caighdeáin chéanna taighde á leanúint iontu maidir le soláthar fianaise stairiúla (*FS*), fianaise foghrúla (*FF*), fianaise cartagrafaí (*FC*), sonraí treo / suímh (*STS*), sonraí tagartha do léarscáileanna na *SO* (*SSO*) nó maidir le barántúlacht na bhfoirmeacha Gaeilge a mholtar (*FG*) (déantar cúram córasach de na gnéithe seo ar fad sa saothar reatha) rud a fhágann gur scolártha agus gur cuimsithí dá réir sin saothair áirithe i ngort na logainmníochta (cf. 1 – 55 thíos) seachas a chéile.

Déanfar comhaireamh i ngach cás ar na hainmneacha riaracháin (*AR*) agus ar na hainmneacha eile (*AE*) mar shlat tomhais i leith an tsaothair chéanna agus is de réir cúige agus contae a leagfar bunsonraí na mbailiúchán céanna amach, pé acu an ar bhonn cúige (uimh. 7), contae (19, 24, 28, 29, 30, 31, 32, 33, 34, 35, 40, 41, 43, 44), barúntachta (10, 12, 15, 16, 37, 38, 46, 47, 48, 54), barúntachtaí (9, 13, 14, 39, 45, 53), paróiste shibhialta (18, 42, 49, 50, 51, 52), paróistí sibhialta (11, 17), baile fearainn amháin (23), bailte fearainn (26), oileáin (8, 20, 25, 27, 55) nó oileán (36) a chnuasaítear thíos iad agus liostaí ainmneacha áiteanna ar fud na tíre is príomhábhar do shaothair 1 – 6. Ach an leathdosaen saothar seo a bhfuil bonn náisiúnta fúthu a áireamh iontu féin, fágann san ocht saothar is daichead ab fhéidir a cheangal le cúige ar leith : cúige Mumhan is iomadúla saothar (20/49, 41%, baineann 11/19 díobh seo le contae Chorcaí amháin agus leanann in ord iomadúlachta na saothar cúige Uladh (13/49, 27%), cúige Chonnacht (9/49, 18%) agus cúige Laighean (7/49, 14%) Ardaítear an figiúr seo ó 49 go dtí 69 nuair a chuimhnítear air go mbaineann imleabhair saothair áirithe, pé acu leabhair (m.sh. Joyce, *Or. Hist. Ir. NP* I (1869), II [1875], III (1913), Grove-White, *Hist. Top. Notes* I (1903-5), II (1911–13), III

(1913 – 18), IV (1925)) nó irisí (m.sh. K.V. O’Leary, ‘The Place-Names and Antiquities of the Barony of Kerrycurrihy, Co. Cork’, *JCHAS* 24 (1918), 67 – 76, 115 – 125, 158 – 165; *JCHAS* 25 (1919), 34 – 38, 82 – 88) le blianta éagsúla.

Baineann fiche saothar díobh seo leis an tréimhse ó 1869 – 1967 (: Joyce (1869, 1875 : I), Grove-White (1903 – 5 : 45), Laoide (1905 : 3), Power (1907 : 41), Hogan (1910 : 2), Grove-White (1911 – 13 : 45), Joyce (1913 : 1), Grove-White (1913 – 18 : 45), Power (1917 – 18 : 46), O’Leary (1918 – 19 : 47), Grove-White (1925 : 45), Ó Ríordáin (1930 – 34 : 48), Ó Foghludha (1935 : 4), Ó Criomhthain (1935 : 36), Ó Siochfhradha (1938 : 37), Price (1945 – 67 : 32), Ó Siochfhradha (1954 : 37), Walsh (1957 : 34)) – obair thaighde ar eilimintí logainmneacha nó liostaí logainmneacha ar fud na tíre nó saothair chontae nó bharúntachtaí nó bharúntachta is mó ar fad a bhí sa treis anseo. Is ón tréimhse 1969 ar aghaidh, áfach, a tháinig borradh suaithinseach faoi líon na bhfoilseachán dar struchtúr ainmneacha riaracháin agus ainmneacha eile (55) de bharr, go príomha, obair a chuir Brainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis (1969 : 5, 1975 : 42, 1989 : 6, 1990 : 40, 1991 : 33, 1991 : 43, 1993 : 31, 1994 : 35, 1996 : 19, 2004 : 44), Tionscadal Logainmneacha Thuaisceart Éireann (1992 : 12, 1992 : 13, 1993 : 14, 1995 : 9, 1996 : 15, 1996 : 16, 1997 : 10, 1999 : 7, 2004 : 18) agus scoláirí aonair (Kane, 1970 : 17; Mac Cárthaigh, 1972 : 3 : 49; *Idem.*, 1974 : 50; Ó Catháin agus O’Flanagan, 1975 : 23; Mac Cárthaigh, 1977 : 51; Ó Cíobháin, 1978 : 39; Mac Cárthaigh, 1980 : 52; Ó Cíobháin (*bis*), 1984 : 39; *Idem.*, 1985 : 39; Ó Muraíle, 1985 : 24 ; Robinson, 1986 : 20; O’Donoghue, [1986] : 53; Mac Giolla Easpaig, 1989 – 90 : 8; Robinson, 1995 : 21; Ó Muraíle, 1999 : 25; Bowman, 2000 : 54; Mac Graith, Ní Threasaigh, 2004 : 26) ar fáil agus saothair neamhfhoilsithe sa ghort céanna seo (ina measc, tráchtais dochtúireachta) is ea Lankford, 1995 : 55; Ó Coigligh, 1995 : 22; Ó Páircín, 1998 : 29; Ó Mainnín, 2002 : 11; Mac Gabhann, 2005 : 28 agus Mac Gabhann, 2004 : 27 (bailiúchán pearsanta).

Liostaí ar fud na tíre (1 – 6)

1. *The Origin and History of Irish Names of Places*, P.W. Joyce (I (1869), II [1875], III (1913)).

Ainmneacha riaracháin den chuid is mó. Aicmiú ar eilimintí logainmneacha is príomhábhar d'imleabhar I, staidéar ar eilimintí cáilitheacha atá in iml. II agus is geall le gasaitéar ar tuairim is 9,000 ainm atá sa tríú himl. – 'the gazetteer remains the least valuable of the three volumes in terms of today's standard of scholarship' de réir Flanagan, *BUPNS* 4 (1981-2), 62. In ainneoin go bhfuil saothar seo Joyce thar mholadh beirte dar leis an údar céanna, 'it has since remained the only comprehensive, consultative work in its specialist field' (*Ibid.* 61), fós, luann sí an róbhrath ar Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordanáis ann, 'they are at a rough estimate, no more than 70% correct' (*Ibid.* 63) mar aon le claonadh chun ginearálaithe agus míthuiscintí ó am go chéile (*Ibid.* 64-5). Ar na foinsí suaithinseacha dá dtagraítear ann, tá 'historical and literary texts edited by O'Donovan, Reeves, O'Curry, Hennessy and Todd' (*Ibid.* 62); *FG* – inghlactha go minic.

2. *Onomasticon Goedelicum*, J. Hogan (1910).

Idir áitainmneacha agus ainmneacha treibhe. Ainmneacha riaracháin den chuid is mó. Samplaí d'ainmneacha eile (*AE*) sa saothar reatha is ea Deel (uimh. 354, *Onom. Goed.* 325) agus Máig (uimh. 461, *Ibid.* 532,-3). Suas le 1,500 ceannfhocal faoin litir A – amháin (Ó Riain, Ó Murchadha, Murray (2003), viii).

Luaitear cuid mhaith de na húdair chéanna (a dtagtar orthu in 1 thuas) sa saothar seo, mar atá, Colgan, O'Donovan, Reeves, Hennessy, O'Curry, McCarthy (*Ibid.* vii).

3. *Post-sheanchas i n-a bhfuil cúigí, dúithchí, conntaethe, agus bailte puist na hÉireann, Cuid I, Sacsbhéarla-Gaedhilg*, S. Laoide (1905).

Ainmneacha riaracháin den chuid is mó (c.3000). Baineadh earraíocht as ‘Sean-téacsanna Gaedhilge, (2) Gaedhilgeóirí an lae indiu agus (3) Seanscríbhne an Riaghaltais’ (*Ibid.* 5) mar bhonn taighde.

Solaidí : Buttevant (uimh. 42) : Cill na Mullach (*Ibid.* 35, *recte* – Mallach, *AR*); Charleville (uimh. 176) : Ráth Luirc (An Ráth) (*Ibid.* 103, *AE*), *FG* – inghlactha go minic.

4. *Log-ainmneacha .i. Dictionary of Irish placenames*, R. Ó Foghludha (1935).

Ainmneacha riaracháin den chuid is mó (c. 7000). I measc na n-údar ar bhain sé úsáid as a saothair mar bhonn taighde bhí ‘Seán Ó Donnabháin, Pádraig Seós [Joyce thuasluaite] agus Seosamh Laoide’ (*Ibid.*, Réamhrá (gan lch.)).

Solaidí : Buttevant (uimh. 42) : Cill na Mollach (*Ibid.* 15, *AR*); Charleville (uimh. 176) : Ráth Luirc (*Ibid.* 19, *AE*), *FG* – inghlactha go minic.

5. *Ainmneacha Gaeilge na mBailte Poist*, An tSuirbhéireacht Ordanáis (1969).

Ainmneacha riaracháin den chuid is mó (c. 2,800), ‘Socraíodh le comhairle, ar bhonn taighde ar fhoinsí scríofa agus ar fhianaise áitiúil, ón gCoimisiún Logainmneacha’ (*Ibid.* v).

FF ó am go chéile.

Solaidí : Buttevant (uimh. 42) : Cill na Mallach (*Ibid.* 72, *AR*);

Ráth Luirc : An Ráth (*Ibid.* 78, *AE*), *FG* – údarásach.

6. *Gasaitéar na hÉireann*, An tSuirbhéireacht Ordanáis (1989).

Ainmneacha riaracháin den chuid is mó, is é sin, a bhfuil i gcló in *Bailte Poist* (1969, c. 2,800 ainm) móide c. 700 ainm eile ('ainmneacha na bpríomhghnéithe aiceanta agus roinnt ainmneacha eile curtha leo', *Ibid.* x).

Treoir faoi fhuaimniú na n-ainmneacha á tabhairt go minic. (Glacadh le fuaimniú nua, 'lárnach', caighdeánach a mhol an Dr. Dónall Ó Baoill anseo).

Solaoidí : Churchtown (uimh. 75) : Baile an Teampaill (*Ibid.* 15, *AR*); River Deel (uimh. 354) : An Daoil (*Ibid.* 87, *AE*), *FG* – údarásach.

Saothair de réir cúige agus contae

Cúige Uladh

7. *A Dictionary of Ulster Place Names*, P. McKay (1999).

Ainmneacha riaracháin den chuid is mó – a bhfuil i gcló in *Gasaitéar na hÉireann* (c. 3,500 ainm) fara ainmneacha eile i naoi gcontaetha an tuaiscirt a cuireadh i gcló in *Éire Thuaidh*, An tSuirbhéireacht Ordanáis (1988).

Tugtar, *inter alia*, foirm Ghaeilge, leagan foghrúil, míniú i mBéarla, (nótaí topagrafacha, staire agus eile go minic) mar aon leis an litriú is luaithe fianaise i ngach cás, *FG* – údarásach.

Contae Aontroma

8. 'Place-Names of Rathlin', *Ainm* 4 (1989 – 90), 3 – 89, D. Mac Giolla Easpaig.

Oileán atá suite tuairim is ceithre mhíle slí ó chósta thuaidh an chontae, 22 *AR*, 450 *AE*, *FF*, *FC*, *STS*, *FG* – údarásach.

9. *Place-Names of Northern Ireland. Volume Four. County Antrim I. The Baronies of Toome*, P. McKay (1995).

Barúntachtaí : Tuaim Íochtarach / Uachtarach, 223 AR, 70 AE, taighde agus plé ar ardchaighdeán anseo dála na saothar eile sa tsraith chéanna, FS, FF, FC (ar na hAR), STS i gcónaí, SSO, FG – údarásach.

10. *Place-Names of Northern Ireland. Volume Seven. County Antrim II.*

Ballycastle and North-East Antrim, F. Mac Gabhann, (1997).

Barúntacht : Cothraí, 215 AR, 260 AE, FS, FF, FC (ar na hAR), SSO, FG – údarásach.

Contae Ard Mhacha

11. *Townland and other placenames of Irish language origin in the parishes of*

Armagh, Eglish and Grange, County Armagh, M. Ó Mainnín (Ph.D.,

Ollscoil na Ríona, 2002). Paróistí réamhluaithe, 127 AR, 13 AE, FS, FF, FC (ar na hAR), SSO, FG – údarásach.

Contae an Dúin

12. *Place-Names of Northern Ireland. Volume One. County Down I. Newry and South-West Down*, G. Toner, M. Ó Mainnín (1992).

Barúntacht : An tIúr, 158 AR, 56 AE, FS, FF, FC (ar na hAR), SSO, FG – údarásach.

13. *Place-Names of Northern Ireland. Volume Two. County Down II. The Ards*, A.J. Hughes, R.J. Hannan (1992).

Barúntachtaí : Aird Íochtarach / Uachtarach, 227 AR, 144 AE, FS, FF, FC (ar na hAR), SSO, FG – údarásach.

14. *Place-Names of Northern Ireland. Volume Three. County Down III. The Mourne*, M. Ó Mainnín (1993).

Barúntachtaí : Múrna, Uíbh Eachach (an chuid íochtarach), 90 AR, 245 AE, FS, FF, FC (ar na hAR), SSO, FG – údarásach.

15. *Place-Names of Northern Ireland. Volume Six. County Down IV. North-West Down / Iveagh*, K. Muhr (1996).

Barúntacht : Uíbh Eachach, 269 AR, 109 AE, FS, FF, FC (ar na hAR), SSO, FG – údarásach.

Contae Dhoire

16. *Place-Names of Northern Ireland. Volume Five. County Derry I. The Moyola Valley*, G. Toner (1996).

Barúntacht : Loch Inse Uí Fhloinn, 186 AR, 213 AE, FS, FF, FC (ar na hAR), SSO, FG – údarásach.

Contae Dhún na nGall

17. 'Placenames of Inniskeel and Kiltreevege', *Zeitschrift für celtische Philologie* 31 (1970), 59 – 145, J. O'Kane.

Paróistí réamhluaite, 162 AR, 1,100 AE, FS ó am go ham, FF, FC, FG – údarásach.

Contae Fhear Manach

18. *Place-Names of Northern Ireland. Volume Eight. County Fermanagh I. Lisnaskea and District : The Parish of Aghalurcher*, P. McKay (2004).

Paróiste réamhluaite, 220 AR, 6 AE, FS, FF, FC (ar na hAR), SSO, FG – údarásach.

Contae Mhuineacháin

19. *Liostaí Logainmneacha. Contae Mhuineacháin, An tSuirbhéireacht Ordanáis* (1996).

Contae : 1,872 AR, 26 AE, agus 'is toradh na foirmeacha Gaeilge ar an gcuardach a rinneadh sna foinsí staire agus teanga' (*Ibid.* vii) dála na saothar eile sa tsraith chéanna, FG – údarásach.

Cúige Chonnacht

Contae na Gaillimhe

20. *Stones of Aran : Pilgrimage*, T. Robinson (1986).

206 ainm (mionainmneacha a bhformhór) timpeall chósta an oileáin, *FS* ó am go ham ar na *hAR*, fuaim áitiúil soiléir, *STS*, *FG* – inghlactha de ghnáth.

21. *Stones of Aran : Labyrinth*, T. Robinson (1995).

c. 200 ainm (mionainmneacha a bhformhór) mórthimpeall an oileáin, *FS* ó am go ham ar na *hAR*, fuaim áitiúil shoiléir, *FC*, *STS*, *FG* – inghlactha de ghnáth.

22. *Ainmneacha daoine agus áiteacha in Inis Meáin, Oileáin Árann, contae na Gaillimhe*, 3 iml., C. Ó Coigligh (Ph.D., Coláiste na Tríonóide, 1995).

Foirmeacha foghrúla agus foirmeacha Gaeilge ainmneacha tithe (100) in ocht gcinn de bhailte fearainn á soláthar agus foirmeacha foghrúla agus foirmeacha Gaeilge 1,587 ainm eile (bóithríní, creaga, garraithe) á gcur i láthair ar bhonn struchtúrtha, *FG* – údarásach.

Contae Mhaigh Eo

23. *The Living Landscape. Kilgalligan, Erris, County Mayo*, S. Ó Catháin, P. O'Flanagan (1975).

Baile fearainn : Cill Ghallagáin, 1 *AR*, 800 *AE*, *FS* ar an *AR* agus ar chuid de na *hAE*, *FF*, *FC*, *STS*, *FG* – inghlactha de ghnáth.

24. *Mayo Places. Their Names and Origins*, N. Ó Muraíle (1985).

Taighde d'ardchaighdeán anseo ar bharúntachtaí, ar pharóistí sibhialta, ar bhailte agus ar shráidbhailte móra an chontae, 187 *AR*, 26 *AE*. Leagan Gaeilge, míniú Béarla, seanfhoirmeacha stairiúla agus plé i ngach cás, *FG* – údarásach.

25. 'The Place-Names of Clare Island', *New Survey of Clare Island* 99 – 142, N. Ó Muraíle (1999).

Oileán : Cliara, 10 AR, 600 AE, FS, FF, FC, SSO, FG – údarásach.

26. *Logainmneacha agus Oidhreacht Dhún Chaocháin i mBarúntacht Iorrais, Condae Mhaigh Eo*, U. Mac Graith, T. Ní Ghearraigh (2004).

Ainm áitiúil ar roinnt bhailte fearainn, 14 AR, 1,500 AE, FS ó am go ham, fuaim áitiúil shoiléir, FC, STS, FG – inghlactha de ghnáth.

27. *Logainmneacha Acla* (féach Nóta 79), F. Mac Gabhann (2004).

Oileán : Acaill, 38 AR, 1,700 AE, FS, FF, FC, STS, FG – údarásach.

28. *Anailís ar ainmneacha na mbailte fearainn i mbarúntacht Bhuiríos Umhaill agus ar roinnt ainmneacha eile in iarthar Mhaigh Eo*, F. Mac Gabhann (Ph.D., Ollscoil na Ríona, 2005).

Barúntacht : Buiríos Umhaill, 374 AR, 25 AE, FS, FF, FC, SSO, nótaí cuimsitheacha, obair pháirce an-chuimsitheach, FG – údarásach.

Cúige Laighean

Contae Cheatharlach

29. *Logainmneacha Cheatharlach*, L. Ó Páircín (Ph.D., Maigh Nuad, 1998).

Contae : 606 AR, 8 AE, FS, FF, FC, SSO, FG – inghlactha go minic.

Contae Chill Chainnigh

30. *Kilkenny – a history of a county*, O. O’Kelly (1969).

Contae : 1,654 AR, 2,835 AE, fuaim áitiúil shoiléir de ghnáth, STS, FG – inghlactha go hannamh.

31. *Liostaí Logainmneacha. Contae Chill Chainnigh*, An tSuirbhéireacht Ordanáis (1993).

Contae : 1,654 AR, 23 AE (féach 19 thuas), FG – údarásach.

Contae Chill Mhantáin

32. *The Placenames of County Wicklow*, L. Price (1945-67).

Contae : 1,374 AR, 274 AE, FS, fuaim áitiúil shoiléir de ghnáth, STS de ghnáth, FG – inghlactha go minic.

Contae Lú

33. *Liostaí Logainmneacha. Contae Lú*, An tSuirbhéireacht Ordanáis (1991).

Contae : 695 AR, 59 AE (féach 19 thuas), FG – údarásach.

Contae na hIarmhí

34. *The Placenames of Westmeath*, P. Walsh (1957).

Contae : 1,350 AR, 406 AE, FS, fuaim áitiúil shoiléir de ghnáth, STS de ghnáth, FG – inghlactha go minic.

Contae Uíbh Fhailí

35. *Liostaí Logainmneacha. Contae Uíbh Fhailí*, An tSuirbhéireacht Ordanáis (1994).

Contae : 1,208 AR, 28 AE (féach 19 thuas), FG – údarásach.

Cúige Mumhan lúide contae Chorcaí

Contae Chiarraí

36. *Dinnseanchas na mBlascaodaí*, T. Ó Criomhthain (1935, eagrán 1999, Nic Pháidín).

Seacht n-oileán na mBlascaodaí, 2 AR (bf. Great Blasket Island; p. Dunquin); 344 AE (cuasanna, páirceanna, toibreacha), fuaim áitiúil soiléir de ghnáth, FC, STS de ghnáth, FG – inghlactha de ghnáth.

37. *Triocha-chéad Chorca Dhuibhne*, P. Ó Siochfhradha (1938).

Barúntacht : Corca Dhuibhne, 384 AR, 3,100 AE, FS (ar na hAR), fuaim áitiúil shoiléir de ghnáth, STS de ghnáth, FG – inghlactha go minic.

38. *Uí Ráthach*, P. Ó Siochfhradha (1954).

Barúntacht : Uíbh Ráthach, 516 *AR*, 137 *AE*, *FS* (ar na *hAR*), fuaim áitiúil shoiléir de ghnáth, *STS* de ghnáth, *FG* – inghlactha go minic.

39. *Toponomia Hiberniae*, I – IV, B. Ó Cíobháin (1978 – 85).

Barúntachtaí : Dún Ciaráin Thuaidh / Theas, 291 *AR*, 4,000 *AE*, *FS* (ar na *hAR* agus ar chuid de na *hAE*), *FF* (ar ardchaighdeán), *STS*, *SSO*, *FG* – údarásach.

Contae Luimnigh

40. *Logainmneacha na hÉireann. Imleabhar : I. Contae Luimnigh*, A. Ó Maolfabhail (1990).

Contae : 2,000 *AR*, 36 *AE*, *FS* i ngach cás, *FF* ó am go ham, nótaí gonta, *SSO*, *FG* – údarásach.

Foirmeacha Gaeilge na n-ainmneacha bunaithe ar obair thaighde d'ardchaighdeán. Tugtar faoi deara a mhinicíocht mhór a thagraítear sa tráchtas don saothar céanna seo agus crostagairtí d'eilimintí comhthreomhara á n-úsáid.

Contae Phort Láirge

41. *The Place-Names of Decies*, P. Power (1907).

Contae Phort Láirge móide beagán de chontae Chorcaí agus de chontae Thiobraid Árann, 1,837 *AR*, 3,478 *AE*, *FS* (ar chuid de na *hAR*), fuaim áitiúil shoiléir de ghnáth, *STS* de ghnáth, *FG* – inghlactha go minic.

42. *Logainmneacha as paróiste na Rinne, Co. Phort Láirge*, An Cumann Logainmneacha (1975).

Paróiste : An Rinn, 21 *AR*, 1,005 *AE*, *FF*, *FC*, *STS*, *FG* – údarásach.

43. *Liostaí Logainmneacha. Contae Phort Láirge*, An tSuirbhéireacht Ordanáis (1991).

Contae : 1,705 *AR*, 70 *AE* (féach 19 thuas), *FG* – údarásach.

Contae Thiobraid Árann

44. *Liostaí Logainmneacha. Contae Thiobraid Árann*, P. Ó Cearbhaill (2004).
Contae : 3,326 AR, 122 AE (féach 19 thuas), FG – údarásach.

Cúige Mumhan – contae Chorcaí

45. *Historical and Topographical Notes on Buttevant, Castletownroche, Doneraile, Mallow, and Places in their Vicinity*, I – IV, J. Grove-White (1903 – 1925).
Nótaí staire/topagrafacha ar áitainmneacha na mbarúntachtaí seo a leanas :
Dúiche Ealla (cuid), Orbhraí agus An Choill Mhór (formhór), Mainistir Fhear Maí, Condúnaigh agus Clann Ghiobúin, Baróidigh (cuid), c. 1,000 AR, c. 350 AE, FS (m.sh. *Fiant, Inq., Cen., DS, BSD, Sub. Roll, AL, Windele Mss.*), fuaim áitiúil shoiléir de ghnáth, grianghraif agus léaráidí, SSO, obair pháirce chuimsitheach, FG – inghlactha go minic.

46. ‘Placenames and Antiquities of South-East Cork’, *PRIA* 34 C (1917), 1 – 32; *PRIA* 35 C (1918), 184 – 205; *PRIA* 36 C (1923), 164 – 205, P. Power.
Barúntacht : Barraigh Mhóra, 476 AR, 854 AE, FS (ar chuid de na hAR), fuaim áitiúil shoiléir de ghnáth, nótaí gonta, STS de ghnáth, FG – inghlactha go minic.

47. ‘The Place-Names and Antiquities of the Barony of Kerrycurrihy, Co. Cork’, *JCHAS* 24 (1918), 67 – 76, 115 – 125, 158 – 165; *JCHAS* 25 (1919), 34 – 38, 82 – 88, K.V. O’Leary.
Barúntacht : Ciarraí Cuirche, 77 AR, 265 AE, FS (ar chuid de na hAR), fuaim áitiúil shoiléir de ghnáth, nótaí gonta, STS de ghnáth, FG – inghlactha go minic.

48. ‘The Place-Names and Antiquities of Kinalmeaky Barony, Co. Cork’, *JCHAS* 35 (1930), 57 – 67; *JCHAS* 36 (1931), 1 – 8, 57 – 68; *JCHAS* 37

(1932), 1 – 7, 98 – 104; *JCHAS* 38 (1933), 16 – 19, 57 – 66; *JCHAS* 39 (1934), 15 – 21, S.P. Ó Ríordáin.

Barúntacht : Cineál mBéice, 78 *AR*, 477 *AE*, *FS* (á tabhairt go hannamh), fuaim áitiúil shoiléir de ghnáth, nótaí gonta, *STS* ó am go ham, *FG* – inghlactha go minic.

49. ‘Placenames of the parish of Kilcatherine’, *Dinnseanchas* 5 (1972-3), 4 – 12, 29 – 46, M. Mac Cárthaigh.

Paróiste : Cill Chaitiainn, 29 *AR*, 278 *AE*, *FS* (ar chuid de na *hAR*), *FF* (ar chuid de na hainmneacha), fuaim áitiúil shoiléir de ghnáth, *FC* (ar na *hAR*), nótaí cuimsitheacha ar fhorhór na *nAR*, *STS* go minic, *FG* – inghlactha go minic.

50. ‘Placenames of the parish of Kilnamanagh’, *Dinnseanchas* 6 (1974), 13 – 24, 37 – 59, M. Mac Cárthaigh.

Paróiste : Cill na Manach, 25 *AR*, 528 *AE*, *FS* (ar fhorhór na *nAR*), fuaim áitiúil shoiléir de ghnáth, *FC* (ar na *hAR*), nótaí cuimsitheacha ar fhorhór na *nAR*, *STS* go minic, *FG* – inghlactha go minic.

51. ‘Placenames of the parish of Killaconenagh’, *Dinnseanchas* 6 (1977), 124 – 148, M. Mac Cárthaigh.

Paróiste : Cill Eacha Naoinneach, 10 *AR*, 394 *AE*, *FS* (ar chuid de na *hAR*), *FF* (ar chuid de na hainmneacha), fuaim áitiúil shoiléir i gcás na coda eile, nótaí ar chuid de na hainmneacha, *STS* go minic, *SSO*, *FG* – inghlactha go minic.

52. ‘Placenames of the parish of Kilcaskan’, *JCHAS* 85 (1980), 99 – 124, M. Mac Cárthaigh.

Paróiste : Cill Cháscáin, 87 *AR*, 1,213 *AE*, *FS* (gan a bheith ann de ghnáth), fuaim áitiúil shoiléir de ghnáth, *FC* (ar na *hAR*), nótaí gonta ó am go ham, *STS*, *FG* – inghlactha go minic.

53. *Parish Histories and Place Names of West Cork*, B. O'Donoghue [1986].
 Barúntachtaí : Baróidigh (*PN West Cork* 196 – 207; 67 AR, 38 AE),
 Beantraí (*Ibid.* 290 – 301; 127 AR, 36 AE), Béarra (*Ibid.* 309 – 320; 226
 AR, 107 AE), Cairbre (*Ibid.* 1 – 132; 1,127AR, 505 AE), Ciarraí Cuirche
 (*Ibid.* 186 – 195; 77 AR, 25 AE), Cineál Aodha (*Ibid.* 149 – 185; 211 AR, 76
 AE), Cineál mBéice (*Ibid.* 133 – 148; 78 AR, 79 AE), Corcaigh (*Ibid.* 208 –
 217; 152 AR, 11 AE), Múscraí (*Ibid.* 218 – 289; 702 AR, 386 AE).
 Iomlán : 2,767 AR, 1,263 AE, FS (ar chuid de na hAR), fuaim áitiúil shoiléir
 de ghnáth, nótaí staire / topagrafacha, STS de ghnáth, obair pháirce
 chuimsitheach, FG – inghlactha go minic.

54. *Place Names and Antiquities of the Barony of Duhallow*, M.J. Bowman
 (2000). (Féach Nóta 72).

Barúntacht : Dúiche Ealla, 581 AR, 2,361 AE, FS (áirithe ar fhormhór na
 nAR), fuaim áitiúil shoiléir de ghnáth, nótaí staire/topagrafacha, STS, SSO,
 obair pháirce an-chuimsitheach, FG – inghlactha go minic.

55. *Logainmneacha Chléire, Contae Chorcaí*, E. Lankford (Ph.D., Maigh
 Nuad, 1995).

Oileán : Cléire, 16 AR, 2,105 AE, FS (ar na hAR), FF, FC, nótaí
 cuimsitheacha, STS, SSO, obair pháirce an-chuimsitheach, FG – údarásach.
 (Taighde ar áitainmneacha aonad riaracháin amháin a bhí i gceist i gcás dhá
 thráchtas dochtúireachta an údair ar bharúntachtaí Chondúnach agus Chlann
 Ghiobúin, Mhainistir Fhear Maí (*Log. Dhá Bhar.*) agus Dhúiche Ealla (*Log.*
DE) sa chontae céanna).

Ar na príomhphointí a idirdhealaíonn an saothar reatha seo (ar Orbhraí agus
 An Choill Mhór) ó fhormhór na gcnuasach réamhluaithe, d'áireoinn :

- (i) an soláthar substaintiúil ar leaganacha stairiúla na n-aonad riaracháin (5,346 – ar chuma beagán saothar dar tagraíodh thuas, ina measc, Ó Maolfabhail, *Log. na hÉir.* I (uimh. 38), imleabhair na sraithe *PNI* (I – VII) (uimh. 9, 10, 12-16, 18) agus na tráchtas ar Ard Mhacha (uimh. 11), ar Bhuiríos Umhaill (28) agus ar Cheatharlach (29);
- (ii) soláthar níos eisceachtúla fós i gcás na n-ainmneacha eile (2,176 tagairt stairiúil – in ainneoin go dtagtar ar raidhse ‘ainmneacha eile’ leis i saothair údar áirithe, ina measc, O’Kane (uimh. 17), Ó Coigligh (uimh. 22), Ó Catháin, O’Flanagan (uimh. 23), Ó Muraíle (uimh. 25), Mac Graith, Ní Ghearraigh (uimh. 26), Mac Gabhann (uimh. 27), O’Kelly (uimh. 30), Ó Siochfhradha (uimh. 37), Ó Cíobháin (uimh. 39), Power (uimh. 41, 46), Mac Cárthaigh (uimh. 48, 50, 51), O’Donoghue (uimh. 53), Bowman (uimh. 54), Lankford (uimh. 55), níl leithéid an tsoláthair seo fianaise ar mhionainmneacha déanta in aon cheann de na saothair thuasluaite;
- (iii) soláthar substaintiúil tagairtí stairiúla a bheith bainte as foinsí lámhscríofa, neamhfhoilsithe (4, 243, is é sin, 56% den iomlán, 7,522);
- (iv) agallamh a bheith curtha ar lear mór áitritheoirí áitiúla (1 – 374) ar lorg leaganacha labhartha na n-ainmneacha mar aon le pointí eile faisnéise áitiúla, dála beagán de shaothair na n-údar réamhluaite, ina measc, O’Kane (uimh. 17), Ó Coigligh (uimh. 22), Mac Gabhann (uimh. 27), Ó Cíobháin (uimh. 39), *Logainmneacha as paróiste na Rinne* (An Cumann Logainmneacha, uimh. 42), Grove-White (uimh. 45), Power (uimh. 46), Ó Ríordáin (uimh. 48), Mac Cárthaigh (uimh. 49, 52), O’Donoghue (uimh. 53), Bowman (uimh. 54), Lankford (uimh. 55);
- (v) leagan foghrúil a bheith tugtha i ngach cás dála shaothair na n-údar seo a leanas amháin : McKay (uimh. 7, 9, 18), Mac Giolla Easpaig (uimh. 8), Mac Gabhann (uimh. 10, 27, 28), Ó Mainnín (uimh. 11, 14), Toner, Ó Mainnín (uimh. 12), Hughes, Hannan (uimh. 13), Muhr (uimh. 15), Toner (uimh. 16), Kane (uimh. 17), Ó Coigligh (uimh. 22), Ó Catháin, O’Flanagan (uimh. 23), Ó Muraíle (uimh. 25), Ó Páircín (uimh. 29), Ó

Cíobháin (uimh. 39), *Logainmneacha as paróiste na Rinne* (uimh. 42, cf (iv)), Lankford (uimh. 55);

- (vi) mionphlé a bheith déanta ar na heilimintí dá bhfuil na hainmneacha comhdhéanta, den chineál a fhaightear i saothair údar na sraithe *PNI* (uimh. 9, 10, 12-16, 18) agus i dtráchtas dochtúireachta (uimh. 11, 22, 28, 29, 55) amháin, is é sin, gnéithe topagrafacha nó oiriúnacht sloinne sa cheantar a bheith á bplé le cabhair ó mhórán crostagairtí d'eilimintí comhthreomhara i logainmneacha eile sa chontae céanna agus i gcontaetha máguaird. Eisceacht is ea an saothar reatha seo maidir le mionchomparáidí den chineál seo a bheith á ndéanamh ar eilimintí na mionainmneacha;
- (vii) sonraí cineáil, catagóra agus minicíochta a bheith tugtha i ngach cás – feiniméan nach léir ar aon cheann de na saothair thuasluaite;
- (viii) fianaise chartagrafach a bheith tugtha i ngach cás, dála uimh. 8 – 17, 22, 23, 24 – 29 agus 55 amháin;
- (ix) foirmeacha Gaeilge meáite, údarásacha a bheith molta i gcás fhormhór na n-ainmneacha dála leaganacha saothar eile thuas nach bhfuil a leaganacha Gaeilge molta go hoifigiúil go fóill, mar atá, uimh. 17, 22, 24, 25, 27, 28, 29, 39, 55 (Beartaíodh air i gcás an tsaothair reatha go gcuirfí an t-alt sa suíomh tosaigh isteach as chás amháin go raibh fianaise ar a leithéid);
- (x) mionscagadh a bheith déanta ar ghnéithe éagsúla den saothar staidéir (cf. 5.1 – 5.8) mar atá : foirmeacha Gaeilge na n-ainmneacha (5.1), foirmeacha Béarla / traslitríthe (5.2), foirmeacha Laidine/Laidinithe (5.3), foirmeacha labhartha (5.4 – féach ina leith seo leis Ó Choigligh (uimh. 22) agus Lankford (uimh. 55)), aois na n-ainmneacha de réir na fianaise (5.5), foinsí de réir aoise (5.6), cineálacha ainmneacha (i) a mhaireann (5.7.1) nó (ii) atá i mbaol a gcaillte (5.7.2) nó (iii) nach maireann (5.7.3), suirbhé ar an eolas atá ag daoine óga ar áitainmneacha a gceantair dhúchais (5.7.4) agus grinnstaidéar ar na cineálacha eilimintí dá bhfuil na hainmneacha comhdhéanta (5.8, dála shaothair thuasluaite Uí Choigligh agus Lankford, go háirithe saothar Lankford);

(xi) miontaighde a bheith déanta ar lear mór seanainmneacha (320, cés moite d'ainmneacha áirithe i ndoiciméid na *SO*) nár mhair a fhaid le 1930 (cf. 4.1, 4.2).

1.3 Leagan amach agus modheolaíocht an ábhair

Déantar ábhar an tráchtais a leagan amach ar shlí atá soiléir, ordaithe agus de réir a chéile go maith, mórán ar chuma na modheolaíochta atá leanta i gcás *Log. Dhá Bhar.* 1-lii agus *Log. DE* v-viii ach amháin go dtugtar roinnt ghnéithe breise (*thíos) isteach anseo.

Leantar ar dtús de chóras códaithe de chuid na hOifige Logainmneacha ina dtugtar códlitir do gach barúntacht sa chontae (23 ar fad, Barretts = A; Barretts = B, Orrery and Kilmore = X, cf. Nóta 1) agus ina dtugtar códuimhir do gach paróiste sibhialta (254 ar fad, Abbeystowry = 1, Aglishdrinagh = 10, Tullylease = 250, cf. Nóta 1). Is in ord aibítreach litriú Béarla na bparóistí sibhialta laistigh den bharúntacht a leagtar an t-ábhar amach i gcás na n-aonad riaracháin de agus ina dhiaidh sin tagtar ar litriú Béarla na mbailte fearainn in ord aibítreach laistigh den pharóiste. Déantar uimhir a bhronnadh ar gach ainm laistigh den chóras seo (m.sh. 1-226 i gcás na n-aonad riaracháin de) agus ina dhiaidh sin tagtar ar uimhir a ghabhann le hord an bhaile fearainn laistigh den pharóiste, ar litriú oifigiúil Béarla an bhaile fearainn, ar uimhir léarscála nó ar uimhreacha léarscáileanna ar an scála sé orlaí in aghaidh an mhíle ar a bhfuil sé suite, ar litriú áitiúil (Nóta 67) idir lúibíní sa chás go mbíonn san difriúil leis an litriú oifigiúil agus ar an gcineál ainm ata i gceist (m.sh. páirc, paiste talún) sa chás nach léir san ar an ainm féin (déantar cineál a bhronnadh ar ainmneacha áirithe amháin nach ainmneacha riaracháin iad).

I leith chur i láthair na n-ainmneacha nach ainmneacha riaracháin iad (*), leantar de na rialacha seo a leanas :

Cloítear le pé litriú ainmneacha (agus ainmneacha a n-uimhriú) a léirítear ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis (*SO*) ar an scála sé orlaí in aghaidh an mhíle, is é sin, ar an gcéad eagrán (E1, 1844,-5) agus/nó ar an dara heagrán (E2, 1903,-6) agus/nó ar an tríú heagrán (E3, 1936,-7), fiú amháin sa chás gurb

ann do litriú ó fhoinsé nó ó fhoinsí níos túisce ná E1 nach ionann agus an litriú a fhaightear ar an léarscáil, m.sh. roghnaítear Lombard's Castle (E1) thar Castle Lambert, *BSD* (1660)). Sa tsli chéanna tugtar tús áite do litriú na léarscála (E1, E2, E3) thar litriú foinsí eile de chuid na *SO* (m.sh. Carrigadoon (E1) a roghnaítear thar Carrigaduinn (*AL* (1840)), Carrigaduen (*DL* (1842)), Bucket Well (E1) a fhaightear seachas Tubberavuchead or Buckets Well (*AL*) agus Tubberavauchead (*DL*) agus Lisnagroda (E3) a fhaightear seachas Lis Gearodi (*OSFM*). Sa chás nach ann do E1 agus/nó do E2 agus/nó do E3 ach gurb ann do litriú ó fhoinsí eile de chuid na *SO* (m.sh. *AL*, *DL*, *MSO* (1844), *OSFM* (1932,-3)), is é a roghnaítear thar litriú nó thar litrithe foinsí eile (m.sh. Cosnúig (*OSFM*) a fhaightear seachas Clighcosnow (*Fiant* (1591)), agus Curraghbawn (*DL*) a fhaightear seachas Curraghbane (*CGn.* 1764).

I gcás ainmneacha atá in easnamh i bhfoinsí de chuid na *SO* ar léir éagsúlacht litrithe ar a bhfoirmeacha traslitrithe is é an litriú is luaithe a roghnaítear agus baintear feidhm as litriú Gaeilge i gcás ainmneacha de bhunús Gaeilge a fuarthas sa pháirc nárbh ann d'aon fhianaise scríofa orthu (m.sh. Bearna Ard, Cúilín, Poll an Mhadra).

Ina dhiaidh sin a thagtar ar fhianaise stairiúil gach ainm agus í leagtha amach i dtrí cholún. Dátaí na leaganacha stairiúla agus na bhfoinsí is ábhar do cholún a haon, leaganacha stairiúla na n-ainmneacha atá i gcolún a dó, agus noda na bhfoinsí agus na dtagairtí as a mbaintear iad is ábhar do cholún a trí. Ní hannamh nótaí tagartha ag gabháil leis na foirmeacha traslitrithe seo agus sa chás go mbíonn tagairt chruinn stairiúil feicthe ag *OC* agus *OD* (m.sh. *Bath Map*, *BSD*, *Dep.*, *DS*, *Inq.*) cuirtear san in iúl i ndiaidh na tagartha stairiúla i gcorp na fianaise roimh *AL* chun a thabhairt le fios go raibh a leithéid seo scrúdaithe acu araon agus iad i mbun foirm Ghaeilge (a bhí bunaithe ar fhianaise theoranta rompu san *AL* de ghnáth) a cheapadh. I ndiaidh na fianaise doiciméadaí (arb annamh is ann di i ndiaidh *AL* (1840) i gcás na n-aonad riaracháin de, ní hionann cás do na hainmneacha eile) tagtar ar fhogharscríobh

leathan foinéimíúil agus córas nodaireachta ainmneacha agus seoltaí beirte faisnéiseoirí (F1 – 374) á thionlacan.

Ina dhiaidh sin arís a dhéantar na heilimintí éagsúla dá bhfuil na hainmneacha comhdhéanta a phlé i gcomhthéacs an cheantair arb as iad agus/nó i leith ainmneacha eile sa bharúntacht, sa chontae nó i gceantair níos faide ó bhaile, bíodh an eilimint ina hainm pearsanta, ina hainm treabhchais, ina sloinne, ina gné fhisiciúil, ina hionad eaglasta, ina seanstruchtúr lonnaíochta, ina hearra lámhdhéanta nó eile. Pléitear comóntacht nó oiriúnacht sloinne sa cheantar, cuiream i gcás, agus leas á bhaint chuige seo as foinsí stairiúla (*CJR, Plea Roll, PRC, Fiant, Cen., BSD*, anuas go dtí *Griff. Val.*, 1851), as sloinnteoírí éagsúla (m.sh. de Bhulbh, *SGG*; Mac Lysaght, *Ir. Fam.*; Cottle, *Dict. Surn.*; Reaney, *Brit. Surn.*) agus as ainmneacha mar iad sa bharúntacht chéanna agus in áiteanna eile. Sa tslí chéanna baintear feidhm as foclóirí éagsúla (m.sh. *DIL, Dinneen, O'Br., Ó Donaill, CFNG* nó Bradley, *MED, Onions, OED*), as irisí áitiúla (m.sh. *CDHJ, JCHAS*), as irisí leannta ar ábhar na logainmneacha (m.sh. *Ainm, BUPNS, Dinnseanchas, Onoma*), as irisí léannta eile (m.sh. *Éigse, Ériu, Études Celt.*), as saothair a chuireann síos ar fhianaise áitainmneacha in Éirinn (m.sh. Ó Maolfabhail, *Log. na hÉir.*; Price, *PNWick.*) nó i Sasana (m.sh. Charles, *PNPembrok.*; Field, *Dict. Eng. FN*), as na hÁnna, as Féilirí na Naomh, as Ginealaigh, as lámhscríbhinní i Roinn an Bhéaloideas, Baile Átha Cliath, as fardal seandálaíochta, as eolas reatha áitiúil agus as mórán foinsí eile.

Dírítear aird leis ar thagairtí stairiúla míchrúinne (m.sh. *Bath Map, BSD, DS, Inq.*) a airítear faoi *AL* nuair is léir gur d'áiteanna eile ar fad (a soláthraítear a sonraí suímh i ngach cás) ba chóra dóibh tagairt.

Tógtar ceann ar fud na tráchtairéachta de na pointí litrithe seo a leanas :

Baintear úsáid as litriú Béarlaithe traslitrithé áitainmneacha (is é sin, as litriú an oird ina n-uimhrítear iad) agus (i) sonraí suímh á soláthar, m.sh. *Afanny Bridge*

(*Coolbane* (X182.3; SO 16)); (ii) nuair a dhéantar tagairt coitianta do sheoltaí faisnéiseoirí le linn na tráchtairéachta, m.sh. Pat Irwin (F2, *Annagh North*); (iii) aon uair a dhéantar crostagairt d'áitainmneacha eile, m.sh. déantar tagairt do *Baghuleesa*, do *Toberlenade* agus do *Tobermurry* (agus ní dá bhfoirmeacha Gaeilge) faoi *Tobernagleenagh* agus (iv) aon uair a mbíonn *bf.* (baile fearainn) roimh ainm, m.sh. foroinn de chuid *bhf. Annagh South* is ea *Gubleagh House* (cf).

Tagtar ar leagan Gaeilge áitainmneacha sa tráchtairéacht aon uair nach mbíonn ceann de na ceithre phointe thuasluaite sa treis, m.sh. idir *Lios Cearúill* agus *Cill na Mallach* atá *Boreen Glas, The* (cf.) suite, is as *Ballybeg Middle* do Tom Flynn (F243), cf. *Columbarium*, ach déantar tagairt d'*fhothrach mhainistir Bhaile Beag* sa tráchtairéacht ar an ainm céanna. Samplaí eile dá leithéid seo is ea Mary Coughlan (F92, *Kilcloosha*) (cf. *Cúil na Croise*), áit a dtagtar ar thagairt do *láthair eaglasta Chill Chluaise* agus tagraítear do *dhroichead Thobar an Lisín* (agus ní dá leagan traslitríthe) faoi *Carraigín na gCat*.

Agus iarracht tugtha ar bhrí na n-ainmneacha a phlé, tagtar ar chatagóir ar leith (1.1 – 6) a bhronntar ar gach ainm, ar mhinicíocht gach ainm (1 – 4), ar mhapa tagartha (d'ainmneacha nach ainmneacha riaracháin iad, 1 – 20) agus ar deireadh ar mholadh nó ar mholtaí Gaeilge i gceannlitreacha fara míniúchá(i)n i mBéarla.

Leagtar síos na polasaithe seo a leanas agus moladh nó moltaí ainmneacha á soláthar :

Moltaí Gaeilge

- (i) Ní sholáthraítear an t-alt sa suíomh tosaigh ach amháin sa chorrchás go mbíonn fianaise stairiúil ar a leithéid, m.sh. : *Fiddane* (X10.8; SO 7) < *Nefeddane* (1587) < *Na Feadáin*; *Kilmore* (X23 – cuid d'ainm na barúntachta) < - *na coilleadh móire* (1579) < *An Choill Mhór*;

- (ii) Idir húibíní a léirítear séimhiú ar aidiacht i ndiaidh ainmfhocail bhaininscnigh sa chás go mbíonn a leithéid ceilte ar an bhfianaise stairiúil, m.sh. : *Coolcaum* (X10.7; SO 7) < *Cúil C(h)am*; *Coolmore* (X57.15; SO 7) < *Cúil M(h)ór*; *Coolbane* (X182.3; SO 15, 16) < *Cúil B(h)án*;
- (iii) Sa chás go mbíonn seanfhoirm thraslitríthe agus foirm ghearr thraslitríthe á léiriú san fhianaise stairiúil, cuirtear an dá fhoirm Ghaeilge san áireamh, m.sh. : *Farran* (X57.5; SO 8) < *Farrenlaheshery* (nó a leithéid ó 1611 go dtí 1736) agus *Farran* go príomha as san amach : *Fearann na Leathsheisri* > *Fearann* agus *Cregganacourty* (X57.16; SO 16) nó a leithéid ó 1626 go dtí 1712, *Cregane* go príomha as san amach : *Creagán na Cúirte* > *Creagán*;
- (iv) Léirítear forbairt ar thuiséal ainm mar seo a leanas : *Tullig* (X36.5; SO 16) – *Tullagh* go príomha ó 1613 – 1683, *Tullig* go príomha as san amach : *Tulach* > *Tulaigh* (logthuiséal) ;
- (v) Sa chás go mbíonn ábhar amhrais ag roinnt le bunús ainm luaitear na féidearthachtaí éagsúla, m.sh. ní fios cé acu an é Cill Bhláin nó Cill Bhalláin nó Cill Bholláin is bonn le Kilbolane (X117.1; SO1);
- (vi) Aon uair a dtagtar ar dhá bhunús Gaeilge san fhianaise stairiúil, is é sin, ar luathfhoirm agus ar fhoirm níos déanaí a bhí, is cosúil, bunaithe ar thuiscint áitiúil, déantar an da fhéidearthacht a lua sa tráchttaireacht ach is den luathfhoirm amháin a thógtar ceann ar deireadh, m.sh. : *Ballynamuck* (X57.9; SO 16) < *Ballynamucky* ó 1630 – 1710 agus *Ballynamuck* (*Baile na Muc*) as san amach : *Baile na Muice* a mholtar agus

- (vii) I leith ainmneacha de bhunús Gaeilge a mbíonn mír thagartha i mBéarla á dtionlacan, m.sh. Ardanearle Cross Roads (234), Ballincolly Mill (244) agus Scart Bridge (545), is é cuid na Gaeilge amháin a fhaightear sna moltaí : *Ard an Iarla, Baile an Chollaigh agus Scairt*.

Moltaí Béarla

- (i) Sa chás go mbíonn ainm Béarla de bhunús Béarla sa treis, scríobhtar an fhoirm oifigiúil Bhéarla arís i ndiaidh na fianaise agus na tráchtairachta ar an ainm chun an toradh deiridh a léiriú, m.sh. *Castleharrison* (X25.3; SO 8) : Castleharrison; *Burton Park* (X57.11; SO 7, 16) : Burton Park;
- (ii) Sa chorrchás a mbíonn leagan áitiúil ainm Bhéarla de bhunús Béarla pas beag difriúil leis an litriú oifigiúil, is é an leagan so-aitheanta áitiúil a bhreactar, m.sh. *Castleland* (X41.10; SO 17) an fhoirm oifigiúil, *Castlelands* an fhoirm áitiúil agus an leagan deireanach seo a roghnaítear ; *Leap* (X57.23; SO 16) an fhoirm oifigiúil, *The Leap* an leagan áitiúil (a dtagtar air chomh maith san fhianaise dhoiciméadach) agus
- (iii) Breactar síos leagan Béarla ainmneacha Béarla nach maireann i ndiaidh na fianaise stairiúla agus na tráchtairachta ar na hainmneacha céanna, m.sh. *Ball's Lane* (247) agus *Bole's Bush* (275). I gcás ainmneacha Béarla nach dtagtar orthu i ndoiciméid na SO, is é an litriú stairiúil is luaithe a roghnaítear.

1.4 Catagóirí Ainmneacha

Is fairsing, ilghnéitheach an t-ábhar a chlúdaíonn na sé chatagóir ar leith nó na 63 fochatagóir ar leith a dtagraítear dóibh i ndiaidh na fianaise stairiúla agus na tráchtairachta ar na 610 ainm inár ndiaidh, is é sin, soiléire nó doiléire brí, soiléire nó éiginnteacht suímh, ainmneacha a bheith de bhunús Gaeilge nó Béarla nó Fraincise nó Spáinnise, ainmneacha a bheith comhdhéanta d'eilimint Ghaeilge agus d'eilimint nó d'eilimintí Béarla, foirmeacha oifigiúla Béarla ainmneacha a bheith traslitríthe go sásúil ón nGaeilge nó a bheith mí-thraslitríthe ón nGaeilge, ainmneacha a bheith aistrithe nó mí-aistrithe ón nGaeilge nó cumasc d'aistriú agus de thraslitríú nó d'aistriú agus de mhí-thraslitríú a bheith iontu, ainmneacha a bheith ar marthain nó imithe i léig, nó, *inter alia*, ainmneacha a bheith truailithe beagán nó cuid mhaith ina bhfuaim reatha áitiúil.

1. Na hAonaid Riaracháin

- 1.1 Ainmneacha de bhunús Gaeilge ar léir a mbrí óna bhfoirmeacha traslitríthe sásúla, m.sh. Ardglass < Ard Glas;
- 1.2 Ainmneacha Béarla ar léir a mbrí, m.sh. Leap;
- 1.3 Ainmneacha de bhunús Gaeilge ar léir a mbrí, a bhí truailithe, ábhar, roimh 1840 (*AL* m.sh. Ballyclogh (1730 – 1840) < Ballycloghye (1584) < Baile Cloiche;
- 1.4 Ainmneacha de bhunús Gaeilge a bhfuil a mbrí soiléir nó inmhínithe, a bhí truailithe go maith tamall roimh 1840 (*AL*), m.sh. Derryorgan (1780 – 1840) < Derrydargane (1640) < Doire Uí Dheargáin;
- 1.5 Ainmneacha de bhunús Gaeilge ar léir a mbrí, a bhí aistrithe go Béarla roimh 1840 (*AL*), m.sh. Copsetown (1769 – 1840) < Ballengarrane (1637) < Baile an Gharráin;
- 1.6 Ainmneacha de bhunús Gaeilge ar léir a mbrí, ar ciorrú ar a leaganacha stairiúla iad a bhfoirmeacha traslitríthe oifigiúla, m.sh. Croughta (1840) < Croghtebrean (1618) < Crochta Bréan;
- 1.7 Ainmneacha Béarla a raibh réamhtheachtaithe traslitríthe ainmneacha eile ar fad acu, a bhfuil a mbrí soiléir nó inmhínithe, m.sh. Egmont (1715 – 1840), Ballymacowe alias Egmont (1760), Ballimckowa (1592) < Baile Mhic Cua;
- 1.8 Ainmneacha ar léir a mbrí a bhfuil idir fhianaise Bhéarla agus fhianaise thraslitríthe ón nGaeilge orthu, m.sh. Jordanstown (1600), BallyJordane

(1601), Jordanstown (1840);

- 1.9 Ainmneacha de bhunús Gaeilge a bhfuil ábhar amhrais ag roinnt lena mbrí, m.sh. Imphrick < (?) Ime Bhric;
- 1.10 Ainmneacha ar léir a mbrí a bhfuil cumasc d'aistriú agus de mhí-thraslitriú araon iontu, m.sh. Currymount (1840) < Curraghnealaheshery (1629) < Currach na Leathsheisrí;
- 1.11 Ainm inmhíithe a bhfuil cumasc d'aistriú agus de thraslitriú araon ann, Mountcorbitt (1840), Drumcarbud (1629) < Drom Carbaid;
- 1.12 Ainm inmhíithe de bhunús Gaeilge ar cosúil gur de bharr mí-aistrithe a tháinig ann dá fhoirm Bhéarla; Blossomfort (1840), Lisardblahe (1618) < Lios Ard Bláiche;
- 1.13 Ainm inmhíithe de bhunús Béarla a Gaelaíodh agus ar truailíodh a fhoirm thraslitrithe ina dhiaidh sin, Bolbekeston (1301), Ballyvallyvecky (1629)/Baile an Bhoilbhéacaigh, Velvextowne (1712), Velvetstown (1840);
- 1.14 Ainm de bhunús Fraincise ar léir a bhrí, Buttevant < Butte en avant;
- 1.15 Ainm de bhunús Spáinnise ar léir a bhrí, Altamira < alta + mira.
- 1.16 Ainm a bhfuil idir fhianaise Bhéarla agus fhianaise thraslitrithe ón nGaeilge air nach léir a bhrí ná a fhoirm bhunaidh, Ballynatrilla < (?) Baile an Treilligh.

2. Ainmneacha (231) a dtagtar orthu i ndoiciméid na Suirbhéireachta Ordanáis (SO : AL, DL, E1, MSO, E2, OSFM, E3).

Is léir an suíomh i ngach cás ach amháin i gcás Beacon Fort thíos.

- 2.1 Ainmneacha de bhunús Gaeilge a mhaireann, ar léir a mbrí, m.sh. Awbeg < Abha Bheag;
- 2.2 Ainmneacha de bhunús Gaeilge nach maireann, ar léir a mbrí, m.sh. Ahatnaha Bridge < Áth an tSnámha;
- 2.3 Ainmneacha Béarla a mhaireann, ar léir a mbrí, m.sh. Arden House;
- 2.4 Ainmneacha Béarla nach maireann, ar léir a mbrí, m.sh. Baily Ville;
- 2.5 Ainmneacha de bhunús Gaeilge nach maireann, a bhfuil a mbrí pas beag doiléir, m.sh. Clashnabrack < Clais na mBroc (is dóichí) nó Clais na mBreac;
- 2.6 Ainmneacha de bhunús Gaeilge a mhaireann, a bhfuil a mbrí pas beag doiléir, m.sh. Ballycristy < Baile Cristy (? Ainm pearsanta, ? sloinne);
- 2.7 Ainmneacha de bhunús Gaeilge a bhfuil a mbrí pas beag doiléir, a maireann foirmeacha tuairisciúla simplí díobh i mBéarla, a dtuigtear a mbrí, m.sh. Aulackeen Stream < Abha Leaicín / Abha Leac Chaoín, The Stream (anois);

- 2.8 Ainmneacha de bhunús Gaeilge ar léir a mbrí, a n-úsáidtear sloinne úinéir na talún i mBéarla leo anois, m.sh. Lios na nGabhar > (O') Neill's Fort;
- 2.9 Ainmneacha de bhunús Gaeilge a bhfuil a leaganacha reatha labhartha pas beag truailithe agus a bhfuil ábhar amhrais ag roinnt lena mbrí, m.sh. Afanny Bridge < Áth (?) Feadhnaigh, / 'hafani · bridʒ /;
- 2.10 Ainmneacha de bhunús Gaeilge a bhfuil a leaganacha reatha labhartha pas beag truailithe agus ar léir a mbrí, m.sh. Annagorp < Áth na gCorp, /anə'gort bridʒ/ (*sic*);
- 2.11 Ainmneacha de bhunús Gaeilge ar léir a mbrí, a n-úsáidtear foirmeacha simplithe tuairisciúla i mBéarla leo anois, m.sh. Aghnacallee Bridge < Áth na Caillí, The Bounds Bridge;
- 2.12 Ainmneacha de bhunús Gaeilge ar léir a mbrí, a gcloistear foirmeacha simplithe dí-ainmnithe i mBéarla á rá leo anois, m.sh. Annasellagh Stream < Áth na Saileach, The Stream;
- 2.13 Ainmneacha de bhunús Gaeilge ar léir a mbrí, ar leaganacha ciorraithe dá bhfoirmeacha scríofa a leaganacha reatha labhartha, m.sh. Áth an Tulca, /a'tolk/;
- 2.14 Ainmneacha de bhunús Gaeilge ar léir a mbrí, a n-úsáidtear ainm an bhaile fearainn chomharsanaigh leo anois, m.sh. Ardanearle Cross Roads < Ard an Iarla, Gortskagh Cross;
- 2.15 Ainmneacha Béarla a dtuigtear a mbrí, a n-úsáidtear foirmeacha simplithe dí-ainmnithe leo anois, m.sh. Anthony's Well, The Well;
- 2.16 Ainmneacha arb ionann a leaganacha labhartha agus a leaganacha scríofa, arb aistriú ón nGaeilge iad na foirmeacha Béarla féin, ar léir a mbrí, m.sh. Cherry Hill < Cnoc na Silíní;
- 2.17 Ainmneacha Béarla ar léir a mbrí, a ndeirtear foirmeacha tuairisciúla leo anois, m.sh. St. Bridget's Well, The Blessed Well;
- 2.18 Ainm Béarla a bhfuil a bhrí pas beag doiléir agus a bhfuil a shuíomh ar eolas go garbh, Beacon Fort;
- 2.19 Ainm de bhunús Gaeilge a bhfuil a bhrí pas beag doiléir, a n-úsáidtear foirm chiorraithe ainm an bhaile fearainn leis anois (tá brí an bhaile fearainn dá dtagraítear ábhairín doiléir chomh maith), Aughnabuonagh Stream < Áth na (?) mBuanach, The Goura < Kilmagoura < Cill Mhaí Gabhra;
- 2.20 Ainm ar mí-aistriú ón nGaeilge é a leagan Béarla, Blossomville < Bealach na Bláí(th)che ('buttermilk');
- 2.21 Ainm a maireann foirm shimplithe dhí-ainmnithe d'fhoirm Bhéarla na léarscála arb aistriú ón nGaeilge é féin (tá brí na bunfhoirme soiléir), Boy Hill < Cnocán na mBuachaillí, The Mound;

2.22 Ainm Béarla arb aistriú ón nGaeilge é féin, a bhfuil foirm chiorraithe den leagan Gaeilge á rá leis anois agus ar léir a bhrí, Bucket Well < Tobar an Bhuicéid, /də bo'ke:d/;

n

2.23 Ainm de bhunús Gaeilge a bhfuil a bhrí pas beag doiléir, a ndeirtear foirm shimplithe dhí-ainmnithe i mBéarla leis anois, Coolnacrough Fort < Cúil na Cruaiche / -na gCruach, The Fort;

2.24 Ainm de bhunús Gaeilge a bhfuil a bhrí pas beag doiléir, a n-úsáidtear leagan tuairisciúil i mBéarla ina áit, Cosnúig < Cláí Cosnamhaigh, The Bounds Ditch;

2.25 Ainm Béarla ar mí-aistriú ón nGaeilge é féin, a ndeirtear ainm an bhaile fearainn leis anois, Furzeford Bridge < Bealach an Aitinn, Farran Bridge;

2.26 Ainm de bhunús Gaeilge ar ciorrú é a leagan reatha labhartha agus scríofa ar sheanfhoirm nach maireann, nach léir a bhrí, Glassid < Cnocán Glas (?) an Éada, /də 'glasits/;

n

2.27 Ainm a bhfuil a leagan scríofa comhdhéanta d' eilimint Bhéarla agus de dhá eilimint Ghaeilge ar léir a mbrí, a n-úsáidtear foirm shimplithe i mBéarla leo anois, Grove an Airgid, The Grove Field;

2.28 Ainm de bhunús Gaeilge nach maireann, nach léir a bhrí ó dhoiciméid na SO ach ar léir a bhrí ar an bhfianaise stairiúil is luaithe, Lisnaferney < Lisnafurrary (1786) < Lios na Foraíre;

2.29 Ainm Béarla ar léir a bhrí, a ndeirtear ainm an bhaile fearainn (a dtuigtear a bhrí) leis anois, Longford Bridge > Dromin Bridge < Dromainn;

2.30 Ainm de bhunús Gaeilge ar léir a bhrí, nach ionann litriú na léarscála agus na litrithe eile, ónar léire fós bunbhrí an ainm, Teampullnaboin alias Tampuleen, Toumpleen < Teampaillín, /də 'toup(ə)li : n/;

n

2.31 Ainm a bhfuil a leagan labhartha bunaithe ar an mbunfhoirm Ghaeilge, a bhfuil a bhrí soiléir in ainneoin gurb é a fhoirm aistrithe i mBéarla a léirítear ar E1, Tubberapunch < Tobar an Phuins, Punch Well (E1), /tobəɾə'pɒnt ʃ/;

2.32 Ainm Béarla nach maireann, ar léir a bhrí, a maireann ainm Béarla eile ina áit, Wood Meadow > The Piggery Field.

Ar na hainmneacha seo a luaitear i ndoiciméid na SO (231), maireann 188 díobh (81.4%) ar shlí amháin nó ar shlí eile.

3. **Ainmneacha (63) (seachas ainmneacha a dtagtar orthu i ndoiciméid na SO) a mhaireann, a maireann fianaise dhoiciméadach orthu.**
 - 3.1 Ainmneacha de bhunús Gaeilge ar léir a mbrí agus a suíomh, m.sh. Aglish Field < Eaglais;
 - 3.2 Ainmneacha Béarla ar léir a mbrí agus a suíomh, m.sh. Black Meadow, The;
 - 3.3 Ainmneacha de bhunús Gaeilge ar léir a suíomh, ach a bhfuil a mbrí pas beag doiléir, m.sh. Máireguan < (?) Máire Ghabhann;
 - 3.4 Ainmneacha atá comhdhéanta d'eilimint nó d'eilimintí i mBéarla (cés moite d'fhoirm Bhéarla an ailt) agus i nGaeilge, ar léir a mbrí agus a suíomh, m.sh. Far off Cluens, < Cluain;
 - 3.5 Foirm Ghaeilge shráidbhaile a aithnítear go háitiúil (ar léir a brí agus a suíomh), Bruytoyng < Brú Thoinne.

4. **Ainmneacha (47) (nach dtagtar orthu i ndoiciméid na SO) a maireann fianaise scríofa nó labhartha orthu go dtí 1931 nó ón tréimhse 1931 – 2000, nach maireann anois.**
 - 4.1 Ainmneacha de bhunús Gaeilge ar léir a mbrí agus a suíomh, m.sh. Bohereenakilla < Bóithrín na Cille;
 - 4.2 Ainmneacha de bhunús Gaeilge ar léir a mbrí, ach a bhfuil a suíomh pas beag éiginnte, m.sh. Boul Anáirde < Buaile in Airde;
 - 4.3 Ainmneacha Béarla ar léir a mbrí agus a suíomh, m.sh. Ball's Lane;
 - 4.4 Ainmneacha Béarla ar léir a mbrí, ach a bhfuil a suíomh pas beag éiginnte, m.sh. Bole's Bush;
 - 4.5 Ainm Béarla a bhfuil ábhar amhrais ag roinnt lena bhrí agus lena shuíomh, Summerhill;
 - 4.6 Ainm de bhunús Gaeilge a bhfuil ábhar amhrais ag roinnt lena bhrí agus lena shuíomh, Dromsharule < Drom (?) Searúill.

5. **Ainmneacha (41) a maireann fianaise ón gcaint amháin orthu.**
 - 5.1 Ainmneacha de bhunús Gaeilge ar léir a mbrí agus a suíomh, m.sh. Bóthar an Ghleanna;
 - 5.2 Ainm de bhunús Gaeilge a bhfuil a bhrí éiginnte, ach ar léir a shuíomh, Páirc Cooper /-Hooper, agus
 - 5.3 Ainmneacha Béarla ar léir a mbrí agus a suíomh, m.sh. Barrack Street.

6. **Dhá ainm de bhunús Gaeilge, nach maireann, a thugtaí ar Coolticormac Barracks, ar léir a mbrí agus a suíomh :**
Crois na Barraice, Dún na nAmhus.

1.5 Comóntacht úsáide na n-Ainmneacha (: Min(icíocht) 1 – 4)

Beartaíodh air i gcás ainmneacha a mhaireann a gcomóntacht úsáide a chur in iúl mar seo a leanas :

- Min.1. **An-chomónta** : ainmneacha ar aibhnte, ar bhailte, ar bhailte fearainn áirithe, ar cheantair, ar reiligí, ar shráideanna agus ar shráidbhailte a d'aithneodh formhór na n-áitritheoirí thar aois áirithe (c. 40 bliain d'aois ar aghaidh) sa bharúntacht staidéir;
- Min.2. **Comónta** : m.sh. ainmneacha ar bhailte fearainn, ar cheantair áirithe, ar pharóistí sibhialta, ar thithe móra agus ar thoibreacha beannaithe áirithe is eol do roinnt mhaith áitritheoirí (san aoisghrúpa céanna) ó cheann ceann paróiste nó ó pharóistí comharsanacha;
- Min.3. **Annamh** : m.sh. ainmneacha ar bhailte fearainn áirithe, ar chrosbhóithre, ar dhroichid, ar phaistí áirithe talún agus ar thithe áirithe is eol do bheagán áitritheoirí (san aoisghrúpa céanna) amháin (is annamh a shíneann cur amach ar na hainmneacha seo thar raon slí chúpla baile fearainn) agus is annamh a chloistear iad, agus
- Min.4. **An-annamh** : m.sh. ainmneacha ar dhroichid áirithe, ar liosanna, ar phaistí áirithe talún, ar ráthanna, ar thoibreacha (srl) is eol d'fhíorbheagán áitritheoirí amháin (go minic laistigh de bhaile fearainn amháin) agus is go fánach ar fad a chloistear iad.

Comóntacht úsáide na n-aonad riaracháin :

1. Ar na hainmneacha a úsáidtear go **han-chomónta** agus a bhfuil eolas forleathan orthu d'áireoinn ainmneacha fhorhór na bparóistí sibhialta (: Aghlishdrinagh, paróiste sibhialta amháin agus ainm reilige, Ballyclogh, p. + bf., Ballyhay, p. + bf, Bregoge, p. + bf, Buttevant, p. + bf, Churchtown, p. + bf, Cooliney, p. + bf, Drumdowney, p. + bf, Imphrick, p. + bf, Kilbolane, p. + bf, Kilbroney, p. + bf, Kilgrogan, p. + bf, Kilmaclenine, p. + bf, Lackeen, p. + bf, Liscarroll, p. + bf, Shandrum, p. + bf, Tullylease, p. + bf, ainmneacha na mbailte fearainn réamhluaite chomh maith le Ballybeg, Dromina, Newtown North agus Newtown South.
2. Ainmneacha **comónta** is ea formhór ainmneacha na mbailte fearainn (188/218 – ní luaitear ar leith anseo iad ar a líonmhaireacht) agus an chuid eile d'ainmneacha na bparóistí sibhialta nach luaitear thuas céis

moite de p. Hackmys nach maireann), mar atá : Corcomohide (a bhfuil an chuid is mó ar fad de suite i gcontae Luimnigh, áit ar fearr aithne air) agus Rathgoggan (ós é ainm bhaile na Rátha (Charleville) ainm ceannasach an pharóiste sibhialta chéanna).

- 3 - 4. Ar na hainmneacha nach gcloistear ach go **hannamh** nó go **hannamh** luafainn ainmneacha an dá leathbharúntacht, Orrery and Kilmore agus na bailte fearainn seo a leanas : Poulmareagha (p. Buttevant, nach bhfuil éinne ag áitreabh ann anois), Rusheen (p. Corcomohide, ós é Rossmills is mó a dheirtear leis), Knocknavorahee (p. Kilbolane, ós é Castleshelishen is mó a dheirtear leis), Knockough (p. Kilbolane), Seeds (p. Kilbolane), Clyderragh (p. Shandrum) agus Cromagloun (p. Tullylease, arb é Cloonsillagh is comónta a dheirtear leis).

Comóntacht úsáide agus cineálacha ainmneacha a mhaireann (517) :

An-chomónta (32) : Ainmneacha na bparóistí sibhialta agus na mbailte fearainn a luaitear faoi **Comóntacht úsáide na n-aonad riaracháin** 1 thuas – 20 ainm ar fad) móide dhá ainm déag eile a dtagtar orthu i bhfoinsí de chuid na *SO* : aibhnte (3), baile (1), bóthar (1), ceantair (3), reiligí (2), sráid (1) agus sráidbhaile (1).

Comónta (275) : Ainmneacha na bparóistí sibhialta agus na mbailte fearainn a luaitear faoi **Comóntacht úsáide na n-aonad riaracháin** 2 thuas – 188/226) móide na cineálacha eile seo ainmneacha a dtagtar orthu sna catagóirí eile, mar atá : aibhnte (2), bóithríní (3), caisleáin (2), carraig (1), ceantair (19 – ionaid áitribh de ghnáth, ní hionann agus paistí talún thíos ar seanionaid dídhaoinithe den chuid is mó iad féin), ceantar móna (1), crann naofa (1), crosbhóithre (14), droichid (7), fána (1), lánáí (4), paistí talún (7), plás/ceantar (1), poll snámha (1), sráid (1), teampall (1), teampall Protastúnach (1), tithe (14) agus toibreacha beannaithe (6).

Annamh (118) : Ainmneacha na n-aonad riaracháin a luaitear faoi **Comóntacht úsáide na n-aonad riaracháin** 3 thuas, is é sin, ainmneacha an dá leathbharúntacht, Orrery and Kilmore móide ceithre cinn de bhailte fearainn, mar atá, Poulmareagha, Rusheen, Knocknavorahee agus Cromagloun agus na cineálacha eile seo ainmneacha a dtagtar orthu sna catagóirí eile, mar atá : beairic (1), bóithríní (3), carraigeacha (3), ceantar (1), coiréal (1), crosbhóithre (8), cúlhbhóthar (1), droichid (9), foirm Ghaeilge shráidbhaile (1), lios (1), lochán (1), páirceanna (45), paistí talún (13), scioból (1), sruthán

(1), sruthán eanaigh (1), tithe (13), toibreacha (3), toibreacha beannaithe (3), agus uaimheanna (2)

An-annamh (92) : aibhnte (2), bóithríní (5), carn cloch (1), carraig (1), ceantar (1), ceantar móna (1), cláí teorann (1), clocha (2), crann naofa (1), crosbhóthar (1), dallán (1), dolmain (1), droichid (4), gairdín (1), gleann (1), lána (1), liosanna (13), móta (1), mullán (1), páirceanna (9), paistí talún (9), poll portaigh (1), poill snámha (2), poll uisce (1), ráthanna (3), scioból (1), scoil (1), seanáit chrochta (1), seanáit dhúnmharaithe (1), seanáiteanna curtha leanaí (3), srutháin (3), teach cosanta (1), toibreacha (12) agus toibreacha beannaithe (4).

Comóntacht ainmneacha de réir cineáil agus catagóra

Ainmneacha a dtagtar orthu i ndoiciméid de chuid na *SO* a mhaireann (188/231).

An-chomónta (12) : Aibhnte (*1 (x2), *6), baile (*3), bóthar (*3), ceantair (*1, *3 (x2)), reiligí (*1 (x2)), sráid (*3), sráidbhaile (*3).

Comónta (65) : Aibhnte (*3 (x2)), caisleáin (*3 (x2)), ceantair (*1 (x8)), *3 (x7), *13, *16 (x2), *20, crann naofa (*3), crosbhóithre (*3 (x9), *10, *14, *17 (x2)), droichid (*1, *3 (x4), *8, *13), teampall (*30), tithe (*3 (x14)), toibreacha beannaithe (*1, *3 (x4), *11).

Annamh (41) : Beairic (*3), bóithrín (*1), ceantar (*1), crosbhóithre (*1 (x2), *3 (x2), *14, *15), droichid (*1 (x2), *3, *9, *10, *11, *15, *25, *29), lios (*1), paistí talún (*1 (x3)), sruthán (*19), tithe (*1, *3 (x11)), toibreacha (*11 (x2)), toibreacha beannaithe (*1 (x2), *11), uaimheanna (*1, *3).

An-annamh (70) : Aibhnte (*1, *11), bóithríní (*1, *14), carn cloch (*1), carraig (*1), ceantar (*6), cláí teorann (*24), clocha (*11 (x2)), crann naofa (*1), crosbhóthar (*1), dallán (*1), dolmain (*7), droichid (*7, *12 (x2), *13), gleann (*12), liosanna (*1 (x2), *8 (x2), *11, *12 (x6), *18, *23, móta (*3), mullóg (*21), páirc (*1), paistí talún (*1, *3, *6 (x2)), poll portaigh (1), ráthanna (*23, *26, *27),

scoil (*3), seanáiteanna curtha leanaí (*1, *11 (x2)),
srutháin (*7, *12, *13), teach cosanta (*7), toibreacha
(*1 (x4), *3, *9, *11, *12 (x4), *13 (x2), *22, *31),
toibreacha beannaithe (*1, *3, *15, *17)

Comóntacht ainmneacha de réir cineáil agus catagóra

Ainmneacha (41) a maireann fianaise ón gcaint amháin orthu.

- Comónta (5) :** Ceantar (*3), crosbhóthar (*3), fána (*1), plás (*3), sráid (*3)
- Annamh (27) :** Bóithrín (*1), carraig (*3), páirceanna (*1 (x17), *3 (2)), paistí talún (*1 (x5)), poll sionnaigh (*1).
- An-annamh (9) :** Bóithríní (*1 (x2)), ceantar móna (*1), páirceanna (*1 (x4), 2 (1)), poll snámha (3)

Comóntacht ainmneacha de réir cineáil agus catagóra

Ainmneacha (63) (seachas ainmneacha a dtagtar orthu i ndoiciméid na *SO*) a mhaireann, a maireann fianaise dhoiciméadach orthu.

- Comónta (5) :** Lánaí (*2 (x3), paiste talún (*1), teampall Protastúnach (*1).
- Annamh (44) :** Bóithrín (*4), carraigeacha (*2 (x2)), coiréal (*1), cúlbhóthar (*1), foirm Ghaeilge shráidbhaile (*5), lochán (*2), páirceanna (*1 (x15), *2 (x10), *4 (1)), paistí talún (*1 (x7)), scioból (*2), srutháin eanaigh (*2), teach (*2), tobar (*1).
- An-annamh (14) :** Bóithrín (*2), gairdín (*2), lána (*2), páirceanna (*1 (1), *2 (1)), paistí talún (*1 (x3), *2 (1)), poll snámha (*2), poll uisce (*1), scioból (*2), seanáit chrochta (*2) seanáit dhúnmharaithe (*2).

1.6 Catagóirí foinsí in ord iomadúlachta tagairtí stairiúla

B'fhéidir foinsí an tsaothair a rangú go garbh de réir iomadúlacht tagairtí mar seo a leanas (tharlódh go mbeadh foinse ag luí thar chatagóir a chéile ó am go ham, m.sh., déantar foirmeacha Gaeilge *OC* agus *OD* in Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordanáis (*SO*) a áireamh faoi chatagóir (i), is é sin, faoi thagairtí lámhscríofa de chuid na *SO*, agus ní faoi chatagóir (ix), is é sin, tagairtí Gaeilge ó fhoinsí Gaeilge) :

- (i) Tagairtí lámhscríofa i ndoiciméid de chuid na *SO* (2,067, 27.5% d'iomlán na dtagairtí scríofa (7,522) : *AL* (2,013), *ALPB* (23), *MSO* (22), *OSFM* (9));
- (ii) Tagairtí a tógadh as doiciméid a bhaineann le hathruithe in úinéireacht na talún ó ré Eilíse (1558-) go dtí deireadh ré Anna (-1703, 1,277, 16.98% de 7,255), is é sin, cáipéisí a bhaineann le concas agus le plandáil na talún sa tréimhse seo, mar atá, Fiant Eilíse (*Fiant*), Rollaí Paitinne de chuid ré Shéamais 1 (*CPR*), Ionchoisní chontae Chorcaí (*Inq.*), Páipéir Stáit (*CSP*), tagairtí as cnuasach lámhscríbhinní John Lodge (*Lodge Mss.*), Teistíochtaí chontae Chorcaí, 1642 (*Dep.*), an tSuirbhéireacht Shibhialta, 1654-6, (*CS*), a d'fhiosraigh go príomha teorainneacha na talún, an Down Survey, 1655 (*DS*) a lean é (a coimisiúnaíodh chun na tailte coigistithe a lean plandáil Chromail a dheimhniú), na Leabhair Shuirbhé agus Dáilte (*BSD*) aimsir Chromail, na hAchtanna Socraithe agus Míithe (*ASE*, tíolacthaí tailte sa tréimhse 1666 – 1684), doiciméid de chuid na nOntaobhaithe, 1688 – 1703 (*Trustees*) 1,277, 16.98% den iomlán, 7,255 : *ASE* (96), *BSD* (106), *CG* (28), *CPR* (200), *CS* (30), *CSP* (30), *Dep.* (75), *Desm.Surv.* (8), *DS* (94), *F* (153), *Hib.Del.* (94), *Inq.* (231), *Lodge Mss.* (129), *Trustees* (3);

- (iii) Tagairtí a baineadh ó léarscáileanna éagsúla 856, 11.38% de 7,522 (déantar na tagairtí do *DS* agus do *Hib. Del.* a áireamh faoi chatagóir (ii) thuas) : *Bath Map* (152), *Boazio Map* (3), *DL* (121), *E1* (127), *E2* (113), *E3* (159), *Harding Map* (4), *Kelly Map* (9), *Mercator Map* (1), *Moland Map* (8), *Percival Map* (84), *Smith Map* (11), *Speed Map* (3), *T&S* (15), *Vallencey Map* (25), *VO Town Plan* (15), *Walsh Map* (1), *Wilson Map* (6);
- (iv) Saothair a chuireann síos ar stair áitiúil (gnéithe seandálaíochta, topagrafacha agus sanasaíocht phobail san áireamh anseo) 727, 9.7% de 7,522 : *Bail. na S.* (129), *Bhoura Leg.* (2), *Blackwater* (1), *CDHJ* (145), *Cork Castles* (16), *Descr. Cork* (1), *Dolmens Ir.* (2), *Florence Mac Carthy* (2), *FSCC IV* (40) *Gibson Cork* (6), *Guy Dir.* (6), *Hajba Houses* (10), *Hist. Top. Notes* (141), *JCHAS* (7), *JRSAI* (3), *Lewis* (56), *MFCJ* (7), *MHRH* (27), *Mould Cork* (1), *Or. Hist. Ir. NP* (9), *Power* (2), *PRIA* (4), *Res. South Ir.* (7), *Seanchas* (2), *Sean.Dúthalla* (2), *Shell Guide* (10), *Slater Dir.* (11), *Smith Cork* (50), *Spencer's Riv.* (1), *Stat. Surv.* (11), *Top. Dir.* (6), *Ware's Antiq.* (1), *Westropp* (2), *Windele Mss.* (7);
- (v) Gníomhais agus uachtanna de chuid na hochtú agus na naoú haoise déag den chuid is mó a chuireann síos, *inter alia*, ar mhorgáistí agus ar léasanna talún, 717, 9.5% de 7,522 : *Cloyne Wills* (5), *CGn.* (699), *COD* (3), *Index Test.* (2), *Swanzy Wills* (3), *Will Abstrs.* (5);
- (vi) Doiciméid a bhaineann le riarachán na hEaglaise, 610, 8.1% de 7,522 : *Ann. Cloyn.* (6), *Ann. Lim.* (4), *Bhea Vestry Bk.* (10), *Bolster Cork* (2), *Butt. Vestry Bk.* (2), *Carlisle* (25), *Cl. Par. Rec.CCR* (78), *CPL* (32), *Crow's Vis.* (15), *IMED* (4), *Ir. Mon. Poss.* (8), *Mon.Hib.* (4), *Pap. Tax.* (39), *Par. Priests* (8), *Par. Reg.* (91), *Pont. Hib.* (2), *PRC* (56), *Roy. Vis.* (21), *Seward* (23), *State Pop.* (11), *TAB* (169);
- (vii) Saothair ilchineálacha nach furasta iad a rangú 408, 5.4% de 7,522, m.sh. *CJR* (15), *Ir. Jac.* (12), *RBK* (2), *Reg. Corc.* (4), *R. Pat. Cl.* (16);

- (viii) Páipéir eastáit, saothair chlann móra, 292, 3.9% de 7,522 : *Arden Rent Roll* (2), *Bowen Pap.* (21), *Burton Rental* (1), *Butt. Rental* (2), *Don. Acc. Bk.* (2), *Egm. Diary* (2), *Egm. Mss.* (111), *Fam. Names* (1), *Gen. Yvery* (1), *Harrison Pap.* (2), *Herbert Corr.* (2), *Inchiquin Mss.* (1), *Kenm. Mss.* (2), *Lism. Pap.* (1), *Lodge Peerage* (18), *Lombards* (3), *Longfield Pap.* (4), *Nevill Rent Roll* (5), *O'Grady Pap.* (1), *Orr. Lease Bk.* (6), *Orr. Pap.* (36), *Orr. State Lett.* (1), *Percival Pap.* (64), *Sidney Pap.* (2), *Tanner Lett.* (1).
- (ix) Tagairtí Gaeilge ó raidhse foinsí Gaeilge (cés moite de thagairtí OC/OD dá dtagraítear thuas, féach leis Nótaí 4, 5), 285, 3.8% de 7,522, ina measc tagairtí ó bhailiúcháin éagsúla lámhscríbhinní Gaeilge (88 : *BCat.* (2), *BF* (2), *FCF* (2), *G* (1), *LN G* (24), *Luim. J* (18), *MM* (1), *Ox.* (2), *RIA* (30), *Par. M* (3), *Txii*, *Txiii* (3), tagairtí ó shaothair fhileata (56 : *Aiste Dh. C.* (1), *Aith. D.* (1), *Barántas* (9), *Butler Poems* (1), *C Uí Ch.* (3), *Dánta Shéaf.* (2), *Diar. Mac Cárr.* (1), *Diogh. D.* (2), *Éamonn de bhFál* (3), *É. na Máighe* (11), *Haicéad* (1), *Liam Inglis* (1), *Liam Ruadh* (1), *LÍE* (2), *Ó Braonáin* (2), *Ó Bruadair* (2), *Poets Muns.* (2), *Príomhsh. Éir.* (1), *Seán Clárach* (3), *Seathrún Céitinn* (2), *Tadhg Gaedhlach* (1), *Tadhg Dall* (1), *Top. Poems* (2), *Tribes Ir.* (1)), tagairtí Gaeilge ó Bhailiúchán na Scol (24), ó Na hAnnála (13 : *AIF* (3), *ARÉ* (8), *MIA* (2) agus ó shaothair ilchineálacha eile (104).
- (x) Saothair bhardasacha a chuireann síos ar chúrsaí cánach nó ar chúrsaí vótála, 210, 2.8% de 7,522 : *Cen.* (106), *Cen. Cork 1901* (2), *Cen. Cork 1911* (5), *Co. Cess* (13), *Corp. Cork* (1), *Corp. Kins.* (7), *Corp. Wat.* (4), *Corp. Youg.* (1), *Griff. Val.* (23), *Reg. Elect.* (15), *Sub. Roll* (33), agus
- (xi) Páipéir nuachta – fógraí díolta talún den chuid is mó, 73, 0.91% de 7,522 : *CEP* (43), *CGaz.* (1), *CJ* (5), *CMC* (4), *CMI* (2), *DPJ* (1), *HC* (10), *Sun. Indep.* (6).

1.7 Úinéirí Talún – fianaise na logainmneacha

Is liosta le háireamh é líon na n-ainmneacha a dtagtar ar sheantreibheanna agus ar shloinnnte an cheantair iontu (idir shloinnnte Gaeilge agus shloinnnte gallda, agus ainmneacha a bhí comónta i measc na nAngla-Normannach is comónta sa chatagóir dheireanach seo).

Ar na treibheanna a bhí lonnaithe go luath sa bharúntacht seo d'áireoinn (i) **Orbraige**, 'an ancient (and doubtless pre-Goidelic) group of tribes' (Binchy, *Éigse* 10.23) a mhaireann i gcónaí in ainm na barúntachta (Ballyclogh, Buttevant, Churchtown, Imphrick, Kilbroney, Liscarroll na paróistí sibhialta a fhreagraíonn dó), (ii) **Múscraige**, a bhí faoi theacht na Normannach, tar éis forlámhas a ghlacadh ar chéadtreibh thuasluaite an cheantair, 'the Múscraige also no doubt of pre-Goidelic origin, had established their authority over the Orbraige, and the territory was now [1200c.] called Muscraige Trí Maige, or Múscraige Aeda after one of the local kings, or most frequently of all Múscraige Donnacá(i)n' (*Ibid.*) (cf. *i Muscragi Edda*, AIF 308.3, anno 1176; *m.Don[nacáin]*, *m.Áeda*, CGH 323gb 52, 53; *Muscherie Dunegan*, CD1 1 340, anno 1207; *Muskeridonegan*, *Plea Roll* 11, anno 1301; *Muscridonegan*, *Pap. Tax.* 314, anno 1300c., 'now represented by the barony of Orrery and Kilmore and a small portion of that of Duhallow' (Ó Buachalla, *Dinnseanchas* 2, 11 (fonóta 1)), viz. Castlemagner, Kilbrin, Subulter, *Ibid.* 11, 12; *Críoch Ó nDonnagán ... Múscraighe Trí mhór Moighi*, *Top. Poems* 50 1345, -6, anno 1400c.), (iii) **Uí Choileáin/Uí Chuiléin**, cf. Liscullane (p. Shandrum), 'the western section of the Uí Fidgeinte were known as Uí Chonaill Gabhra whose ruling family were the Uí Chuiléin' (Ó Murchadha, *Fam. Names* 196); (iv) rian de *Uí Chonaill Gabhra* réamhluaite san ainm **Kilmagoura** sa pharóiste céanna agus (v) **Corca Mhuichead**, ainm pharóiste shibhialta atá roinnte idir Chorcaigh agus Luimneach (den chuid is mó) arb é Corkmoy, anno 1253, a chéadfhoirm scríofa (Ó Maolfabhail, *Log. na hÉir.* I 140).

Ar na háitritheoirí le sloinne Gaeilge a dtagtar ar a n-ainmneacha in áitainmneacha na barúntachta tá : (i) **Mac Bachlaigh** (nach maireann, Fern Macbaghly, *AB* 18, p. Kilmaclenine); (ii) **Macholdryk** (Terra Macholdryk, *AB* 52, p. Cooliney); (iii) **Ó Coscraigh** (Ballycoskery, p. Aglishdrinagh); (iv) **Ó Dálaigh** (Knockroundaly, p. Kilbroney); (v) **Ó Deargáin** (Derryorgan, p. Ballyclogh); (vi) **Ó Laighin** (Castlewrixon < Baile an Laighnigh, p. Imphrick agus Farthingville < Cúil Uí Laighin, p. Shandrum); (vii) **Ó Liatháin** (Curraghalehane, p. Ballyclogh); (viii) **Ó Maolcainnis** (nach maireann, Farrenymulkaness, *AB* 17, p. Lackeen) agus (ix) **Ó Sfoda** (Gortaheeda, p. Kilbolane).

Is iomadúla go mór iad na sloinnnte gallda (sloinnnte Angla-Normannacha a bhformhór seo) a d'fhág a rian ar thairpéis logainmeolaíoch na barúntachta sa tréimhse 1300 – 1700, ní nach ionadh i gcomhthéacs na tuairime go raibh suas le 60% de thailte an chontae trí chéile i seilbh na nAngla-Normannach faoi thosach na ceathrú haoise déag (Ó Buachalla, *Dinnseanchas* 2 (1966 -7), 1) agus ní taise don bharúntacht seo é (*Ibid.* 11, 12), áit a luaitear ainmneacha sna paróistí sibhialta seo a leanas : Aglishdrinagh, Ballyclogh, Ballyhay, Buttevant, Cooliney, Drumdowney, Kilbroney, Kilmaclenine, Lisscarroll, Rathgoggan agus Shandrum.

Ar shloinnnte na thairpéise thuasluaite luafainn (i) **Barry – Orriria Barria** a thugtaí ar an mbarúntacht seo tráth, ‘the Barrys having had possession of the greatest part of this country’ (*Smith, Cork* I 311) – chomh luath le 1180 fuair Philip de Barri sealús ar thrí bharúntacht óna uncail, Robert Fitzstephen, mar atá, Olethan, Muskerry – Donegan agus Killyde (*Fam. Names* 23) agus bhí caisleáin i seilbh na muintire céanna thar thréimhsí éagsúla sna bailte fearainn seo a leanas : Ballyclogh (*Smith, Cork* I 307; *Cork Castles* 302), Buttevant (*Smith, Cork* I 322; *Cork Castles* 309); Lisscarroll (*Smith, Cork* I 325; *Cork Castles* 349); Lisgriffin (*Smith, Cork* I 326; *Cork Castles* 352) agus Walshestown (*Smith, Cork* I 320; *Cork Castles* 365), féach leis Barry’s

Division (p. Bregoge, *AB* 5), Dunbarry (p. Bregoge), Dunbarry (p. Churchtown), Knockbarry (p. Buttevant), Knockbarry (p. Liscarroll), Kylmarauch (b'fhéidir, *AB* 30, p. Kilmaclenine), Mount Barry (*AB* 38, p. Bregoge); (ii) **Begg** (Farran-Ibeggy, *AB* 16, p. Buttevant); (iii) **Blake** (Garryniblakig, *AB* 21, p. Ballyhay); (iv) **Bolbeck** (Velvetstown, p. Buttevant); (v) **Bowen** (Bowenford, p. Kilbolane); (vi) **Cogan** – bhí brainse de mhuintir Chógáin i seilbh tailte timpeall Bhealach Átha agus na Rátha sa tréimhse 1251 – 1439 (Binchy, *Éigse* 10.216), m.sh. John de Gogan, Rathgoggan, *COD* III 370, anno 1291; (vii) **Conning** (Croghtacunany, *AB* 10, p. Buttevant); (viii) **Cuffe** (Cuffe's fort, *AB* 12, p. Ballyhay agus Cuffe's Wood, *AB* 13, p. Ballyhay); (ix) **Dodd** (Castledodd, p. Ballyhay); (x) **Farthing** (Farthingville, p. Shandrum); (xi) **Fitzgerald** (Lisnagroda/Lios na nGearóideach, p. Liscarroll – bhí brainsí den sloinne i seilbh chaisleáin i mbf. Broghill (*Smith, Cork* I 314; *Cork Castles* 308) agus i mbf. Castlelishen (*Smith, Cork* I 314; *Cork Castles* 314) tráth; (xii) **Gibblings** (Gibblingsgrove, p. Kilbolane); (xiii) **Gower** (Gowers land, *AB* 25, p. Kilmaclenine); (xiv) **Harrison** (Castle Harrison, Ballyhay); (xv) **Julian** (Ballindillanig, b'fhéidir, p. Ballyclogh); (xvi) **Kitchener** (Ballykitt, p. Ballyclogh); (xvii) **Lepotes** (Cnokan Lepotes, *AB* 8, p. Kilmaclenine); (xviii) **Lombard** (cf. Ard Lambert, *AB* 3, p. Buttevant; Lombard's Castle (p. Buttevant); Lombard's Orchard, *AB* 33, p. Buttevant agus Lumbert's mill, *AB* 34, p. Buttevant); (xix) **Malekin** (Malekyneston, *AB* 35, p. Aglishdrinagh); (xx) **Mule** (Muellyston, *AB* 41, p. Kilmaclenine); (xxi) (?) **Palmer** (Palmerstowne, *AB* 44, p. Churchtown); (xxii) **Pigott** (Garrien Pigoddy, *AB* 20, p. Buttevant); (xxiii) **Roche** (Rochestowne, *AB* 49, p. Churchtown; p. Kilgrogan); (xxiv) **Rous** (Ballyroe; p. Aglishdrinagh); (xxv) **Sanders** (Sander's Park, p. Rathgoggan); (xxvi) **Stackpole** (Stackballstowne, *AB* 50, p. Ballyhay); (xxvii) **Stapleton** (Ballinguile, p. Kilbroney); (xxviii) **Trevedyn** (Ballynadrideen, p. Aglishdrinagh); (xxix) **Wall** (Ballinaltig, p. Ballyclogh agus Ballynalta, *AB* 4, p. Liscarroll); (xxx) **Walsh** (Walshestown; p. Churchtown agus Kylvallingallise, *AB* 31, p. Ballyhay – 'the most widespread of our non-Gaelic surnames and the fourth most numerous in Ireland in the

early Norman era', *Fam. Names* 317); (xxxi) **Wrixon** (Castle Wrixon, p. Imphrick) agus sloinne de bhunús Lochlannach is ea **Cotter** (Farrancotter, p. Buttevant), 'by 1400 the family had several offshoots – [m.sh.] at Farranmaccotter, (Farrancotter near Buttevant)', (*Fam. Names* 262) sa bharúnacht chéanna.

Caibidil a Dó - Ainmneacha Riaracháin (1 – 226)

<i>bar.</i>	(1) Orrery and (2) Kilmore	
900c.	la Forbraigi	Trip. Life (Stokes) I.250
1050c.	a hOrbraigib	L. Cert 24.317
1050c.	a hOrbraigi	L. Cert 24.323
1050c.	a hOrbraigi	L. Cert 26.347
1050c.	(g.) Orbraigi	L. Cert 28.375
1050c.	Orbraigi	L. Cert 44.625
1050c.	Orbraigi	L. Cert 46.669
1160c.	Orbraigi	LL VI 1445.43663
1160c.	Orbraige	LL VI 1448.43786
1212	tuedo de Horfr	Pont. Hib. I.152.72
1290	Orwrei	PRC III 210.167
1295	Orwry	CJR I 77
1297	Oruery	CJR I 154
1300c.	Orrery	Pap. Tax. 277
	<i>recte</i> Orwery	Pap. Tax.xvi
1300c.	Horwery	Pap. Tax.314
1301	Orrereycastel	Plea Roll 11
1304	Orwiry	PRC III 210.167
1390c.	Orbraidi	BB 148 va 8
1390c.	Orbraidhe	BB 148 vb 16
1400c.	Orbraidi	Lec. 116 va 33
1576	the great wood called Kilmore	Fiant 2758
1578	the barony or hundred of Oryrry	Fiant 3287
1579	(g.) na coilleadh móire	ARÉ V 1714
1579	(g.) na coillidh móire	ARÉ V 1718
1580	gus an ccoill mhóir	ARÉ V 1730
1582	(g.) na coille móire	ARÉ V 1786
1584	county of Kylmore a	Desm.Surv. 123, f 88

1584	Divers woods and underwoods in Kylmore. These woods and underwoods are about 8 miles in length and 3 miles in breadth.	Desm.Surv. 124, f 88
1586	Oriry	Fiant 4826
1587	all other lands called Kylmore alias The Great Woode (<i>bar.</i>)	Fiant 5066
1600	Orery	Boazio Map
1600	Orery	Speed Map
1611	Baronia de Orrery (féach Nóta 33)	Inq. II 317
1611	Orrery barony	CPR 197-b
1615	(g.) Orbhraidhe	Tribes Ir. 70
1618	Orrery	CPR 412-b
1618	Barronia de Orrery (féach Nóta 33)	Inq. II 2
1620	Orery	CPR 476-b
1621	Orriria Barria	Hist. Cath. Ib. 277
1621	Orrery and Kilmore	CPR 501-a
1625	Orrery	CPCR I 28
1626	Kilmorenis	Lodge Peerage II 244
1630	baronia de Kilmore (féach Nóta 36)	Inq. III 328
1630	Baronia de Orrery (féach Nóta 36)	Inq. IV 50
1630	Baronia de Orrery (féach Nóta 36)	Inq. IV 54
1633	the great Wood called Kilmore	Pac. Hib. I 92
1642	the Baronye of Orery (féach Nóta 20)	Dep. I 92
1642	Orrary barony (féach Nóta 20)	Dep. I 215
1642	barrony of Coillmore (féach Nóta 20)	Dep. II 38
1642	Barrony of Killmore (féach Nóta 20)	Dep. II 90
1642	Orrory and Kyllmore (féach Nóta 20)	Dep. II 215
1642	Orrerry (féach Nóta 20)	Dep. IV 65
1642	ye barony of Kilmore (féach Nóta 20)	Dep. IV 145
1643	barony of Kilmore (féach Nóta 20)	Dep. I 243

1650c.	(g.) Orbhraighe	LM 38
1650c.	(g.) Orbhraighe	LM 377
1650c.	(g.) na Coille Móire	LM 287
1655	Orrery and Kilmore (<i>OC; OD</i>) (féach Nóta 25)	DS
1655	Wood of Killmore	DS
1659	Barony of Orrery and Kilmore	Cen. 239 (féach Nóta 76)
1660c.	Orrery and Killmore (féach Nóta 15)	BSD 118 (féach Nóta 76)
1666	Orrery and Killmore	ASE 53-b
1667	Killmore and Orrery	ASE 74-a
1667	Orrier and Kilmore	ASE 142-a
1668	Orrery and Kilmore	ASE 185-b
1668	the wood of Killmore	Bowen Pap. 7
1679	Orrery	Lodge Peerage I 192
1681	Orrery	Orr. Pap. 248
1681	Oirirí	Ó Bruadair II 244
1683	Kilmore wood (<i>bf.</i>)	Hib. Del.
1683	Orrery and Kilmor (<i>bar.</i>)	Hib. Del.
1685	Orbradii	Ogygia 275
1687	Orrery and Kilmore	Reg. Corc. 177
1702	Orrory and Kilmore	Percival Map
1720	(g.) Oiririghe agus na Coille Móire	Seán Clárach 56.1334

1732	Orrery	Corp. Cork 512
1750	Orrery and Kilmore constitute but one barony formerly named Oirria Barria, the Barrys having had possession of the greatest part of this country	Smith, Cork I 311
1776	(g.) Oirirí agus na Coille Móire	Barántas 205
1777	Barroney of Orrery	Wilson Map
1796	Orrery and Kilmore	Seward
1810	Orrery and Kilmore	Carlisle
1811	Barony of Orrery and Killmore	Bath Map
1815	Orrery and Kilmore, or rather Keelmore (the great wood)	Stat. Surv. I 440
1815	Keelmore and Orrery	Stat. Surv. I 446
1816	(g.) oiriridhe	BF 25, 76
1823	(g.) Oirirídhe agus na Coille Móire	LN G 325 iv, 249
1823	(g.) Oiririghe agus na coille móire	RIA 23K18, 382
1824	(g.) oiriríghe agus na coille móire	Luim. J [5]
1824	(g.) oiriríghe agus na coille móire	Luim. J 273
1840	Orrery and Kilmore	ALPB (223) : Lewis, Stat. Surv., Seward, Carlisle, Beaufort Map, Arrowsmith Map, DS
	Orbhraighe (a tribe name)	: OD

	Orraraighe, meaning ?	: OD
	Coill mór, i.e. sylvia magna, great wood.	: OD
1848	(g.) Oiriorúidhe et na Choille (<i>sic</i>) Móire	Luim. I 227
1856	Orrery and Kilmore	Slater Dir. 193
1961-3	The first occupiers [of the Charleville district] of whom we have record were the Orbraige, an ancient (and doubtless pre-Goidelic) group of tribes with branches in various parts of Ireland.	Binchy, <i>Éigse</i> 10.213
1961-3	the lordship of Kilmore (Coill Mór "[the] Great Wood"), a name which survives in the modern barony of "Orrery and Kilmore" ... included Rathcogan [X 214.1 - 3; SO 2, 3] and the land north and east of it.	Binchy 217
2001	/ɔ̃rəriː; kil'mo:r/	F70, 355

Ainmneacha barúntachtaí sa chontae ar ainmneacha treibhe iad (dála Orbraige) is ea **Bantry** (< Beantraí < Bentrige), **Kerrycurrihy** (< Ciarraí Cuirche < Ciarrige [*sic*] Cuirche), agus **Muskerry** (< Múscraí < Múscrige). Is fiú a lua i gcás na treibhe deireanaí seo go dtugtaí Múscraige Trí Maige nó Múscraige Aeda nó níos minicí ná a chéile Múscraige Donnacá(i)n ar fhobhrainse ar leith díobh (*Éigse, supra*) a raibh forlámhas aimsithe acu ar threibh ainm na barúntachta seo (Orbraige) faoi ionradh na Normannach.

Tharlódh go mba de na heilimintí seo a leanas a bheadh an t-ainm céanna comhdhéanta : *orb(b)*, *DIL*, (a), ‘patrimony landed estate’, (b) ‘an heir, scion’ (féach leis *orb(b)a, Ibid.*, ‘a patrimony, heritage (of land)’, *forbbae* (later form of *orbbae*), *Ibid.*, ‘inheritance, patrimony’, *foirb, Dinneen*, ‘land’) agus *-rige* >

-raige, 'kingship' (Mac Neill, *PRIA* 29C (1911), 67), 'kingdom' (Ó Muraíle, *CR* 11 (1984), 397; Ó Corráin, *PNITM* (1992), 42).

Sa phlé dó ar bhunús ainm barúntachta dar foirceann *-raige* i gcontae Mhuineacháin (Dartree) deir an Muraíleach 'Dartraighe. It comes from a proto Irish compound DARTORIGION which signifies 'the kingdom of the heifer' – meaning the kingdom whose totem (or hereditary mark or emblem) was a heifer' (*CR* 11, 397).

I gcomhair liosta de sheanainmneacha treabhchais (213 - malairtí leaganacha ainmneacha éagsúla (m.sh. *Forb-*, *Orb-*) san áireamh anseo), féach MacNeill, *PRIA* 29 C, 67 – 69.

Cat.1.2 Min.2
CASTLEHARRISON

(32)	4.	Coarliss 3 (Coreless, litriú logánta)
------	----	---------------------------------------

1632	Corelish (féach Nóta 36)	Inq. IV 146
1640	Corlishe (féach Nóta 36)	Inq. VII 16
1640	Corlish (féach Nóta 36)	Inq. VII 17
1655	Corlease (féach Nóta 26)	DS
1660c.	Cordlesse (féach Nóta 15)	BSD 117
1669	Cordlesse alias Cordilles alias Corleigh	ASE 204-a
1670	Cordlesse	ASE 227-b
1683	Corlease	Hib.Del.
1750	Cordlease	Smith Map
1752	Cordlis	CGn. 153.75.101700
1794	Coreless	CGn.478.282.310405

1811	Corelis (féach Nóta 8)	Bath Map
1834	Coorlis	TAB3
1840	Coarliss	AL(4) : BS, Rector's List
	Corlis	: HCR
	Courliss	: Revd. T. Cooke, Mr. W. Buckley, Mr. J. McCarthy
	Corliske (<i>leg. ? -lishe</i>)	: Jac.1
	córr lios,	
	odd fort	: OD
	córr has various meanings, compare	: OD
	It contains 2 Danish forts	: Descr.Rem.
2002	/ˈko:rlis/	F145, 298

Ní fios cé acu den dá struchtúr sheandálaíocha (*AL : Descr. Rem. ; FSCC IV 12328 nó FSCC IV 12329*) dá dtagraítear san ainm.

Ar feadh céad éigin bliain amháin, is cosúil, a mhair an *d* ‘isteach’ neamhthraidisiúnta idirchonsanta thuas (1660c. – 1750c.)

Cat.1.1 Min.2

CORRLIS (< CORR + LIOS); noticeable or pointed enclosure.

(33)	5.	Farran 8
-------------	-----------	-----------------

1611	Fereannyleechesfrye (féach Nóta 33)	Inq.I 229
1617	Farrenlasheshery (<i>OC; OD</i>)	Inq.II 167
1618	Farrinnylahesherey (féach Nóta 33)	Inq.II 7
1623	Farrenlaheshery (féach Nóta 33)	Inq.II 167
1632	Farrenlassesserye (<i>OC; OD</i>)	Inq.IV 146
1662	Farenlahessery	Sub.Roll 7
1736	Farrenlaghesherry	CGn. 85.41.58956

1777	Farran	Wilson Map
1823	Farren	Adm.Bds.Cloyne (s.n. David Foly)
1834	Farren	TAB 5
1840	Farran	AL (11) : BS
	Farren	: Rector's List
	Farranlashera	: HCR
	Farran	: Revd. T. Cooke, Mr. M. Buckley, Mr. J. McCarthy
	Farrenlashedery	: Jac.1
	Farrenneleghesserye (féach Nóta 34)	: Jac.1
	Farrenlassesserye	: Car.1
	Fearann na leithsheisiríge, land of the half plowland	: OD
2002	/'færən/	F76, 145

Ní luathfhoirm stairiúil de chuid na háite seo é *Farrenneleghesserye* (AL : Jac. 1; *Inq.* III 188, anno 1620) ós do **Farran** (*bar.* Muskerry East ; p. Aglish; *SO* 72, 84) sa chontae céanna a thagraíonn sé.

In ainneoin gur 120 acra a bhí sa tseisreach (féach Dinneen, *FFÉ* 1 112; *Top. Index vii*) agus gur 60 acra dá réir sin a bhí ina leath seo, fós féin, ní mór aird a tharraingt anseo ar líon athraitheach na n-acraí ó bhf. go chéile a dtagann an eilimint *leathsheisreach* isteach iontu, *m.sh.* :

- (i) **Currymount** (X36.3; *SO* 16) < *Currach na Leathsheisrí* : 100 acra (*BSD* 129, 1660c.) agus 259 acraí Sasanacha in 1844 (E1);
- (ii) **Farran** thuasluaite (*bar.* Muskerry East), < *Fearann na Leathsheisrí* : 574 acra (*BSD* 74, 1660c.) agus 1,072 acraí Sasanacha in 1844 (E1) agus
- (iii) 102 acra líon an ainm reatha ar E1 (1844) agus ríomhadh ar a líon acraí níl in *BSD*.

An dá chúis ba mhó a bhí taobh thiar de líon athraitheach na n-acraí, ní foláir, ná an méadú nó an laghdú acraí a d'fhéadfadh teacht ar aon áit ar leith thar thréimhse ama agus an difríocht idir an t-acra Éireannach agus an t-acra Sasanach (cf. Acres (X117.2; SO 6) thíos).

Cat.1.6 Min.2

FEARANN NA LEATHSHEISRÍ > FEARANN; land of the half ploughland (q.v. *DIL*, s.v. *seisrech* (c)).

(34)	6.	Kiltoohig 2
------	----	-------------

1601	Killtwork	Fiant6465
1618	Kiltogen	Inq.II 7
1621	Killtooeg	CPR 501-a
1621	Killtooeg	Lodge Mss. IV.242
1623	Kiltoige (<i>OC; OD</i>)	Inq.II 167
1632	Kiltoige (<i>OC; OD</i>) (féach Nóta 33)	Inq.IV 146
1642	Keiltwige (féach Nóta 20)	Dep. II 42
1642	Kiltoige (<i>OC; OD</i>) (féach Nóta 21)	Dep. III 86
1655	Kiltoyege (féach Nóta 26)	DS
1659	Kiltwoge	Cen.241
1660c.	Kiltweig (féach Nóta 15)	BSD 117
1666	Killwoige alias Killoige	ASE 53-b
1668	Kilcoweige (<i>leg. -toweige</i>)	CSP 154
1676-9	Killtoige	Orr.Pap. 223
1681	Killtoeigg	Orr.Pap. 249
1682	Killtouig	Orr.Pap. 256
1683	Killtoioige	Hib.Del.
1684-5	Killoige	Orr.Pap. 306

1722	Kiltoige	CGn. 36.17.20962
1811	Kieltog (féach Nóta 8)	CGn. 634.263.434578
1812	Kil-tooig (<i>T.L.</i>)	Leet II 51
1834	Kiltooig	TAB5
1840	Kiltoohig	AL (16) : BS
	Kiltooig	: Rector's List
	Killtoug	: Thornhill's Map 1771
	Killtogane	: HCR
	Kiltoohig	: Mr. M. Buckley, Mr. J. McCarthy
	Kiltoige	: Jac.1
	Kiltoege	: Car.1
	Kiltoige	: Dep.
	cill a' tuathaigh	: OC
	Toohey's church (wood?)	: OD
1902	Cill Tuathaigh	Seán Clárach xxii
1938	Cill Tú Thig	Bail. na S. 367.264
	There was a church in Cill Tú Thig in Hourigan's farm about 150 years ago.	Ibid.
1982	Cill Tuathaigh	Scríobh. Chorc. 26, 198
2002	/kil'tu:hig/	F76, 145

Coill seachas *cill* is dóichí is bonn le céad mhír an ainm (in ainneoin na foirme Gaeilge sin, *Cill Tuathaigh*, 1840, 1902, 1938, 1982) ós amhlaidh nach léirítear struchtúr eaglasta ar E1 ná in *FSCC IV* agus níl a fhios ag ceachtar den bheirt fhaisnéiseoirí thuas (F76, 145) go bhféadfaí aon iontaoibh mórán a thabhairt le ráiteas an pháiste scoile anallód (1937-8).

Ní fios cé acu an réaladh cuid *toohig* den ainm (i) ar an sloinne Corcaíoch, **Ó Tuathaigh** (q.v. Woulfe, *SGG* 655) a ndéantar an –g a fhuaimniú go minic ann sa chontae seo, dála fhormhór na bhfoirceann san fhianaise stairiúil thuas) nó (ii) ar an ainm pearsanta neamhchomónta arb as, ní foláir, an sloinne nó (iii) ar an ainmfhocal comónta *tuathach*, ‘a lord’.

Cat.1.9 Min.2

COILL TUATHAIGH (< COILL (?) UÍ THUATHAIGH); Tuathach's wood (?
(O')Toohig's)wood/wood of (the) lord).

(35) 7. **Knockardamrum 2, 3, 7, 8**

1660c.	Knockandamora (<i>leg. -arda-</i>)	BSD 117
1662	Knockardmara	Sub.Roll 7
1666	Knockardemora	ASE 74-a
1667	Knockordemora (x2)	ASE 74-a
1685	Knockordemora	CG 41-a
1784	Knockardamarum	CGn. 166.370.111897
1758	Knockordemora <i>orse</i> Knockardamram	CGn. 192.234.127422
1812	Knuck-ardanareen (<i>T.L.</i>)	Leet II 63
1830	Knuckardamarum	Par.Reg. (p. 5002) (s.n. David Ring)
1834	Knockardamrum	TAB5
1840	Knockardammaram Knockardamrum	AL (5) : BS : HCR, Rector's List, Mr. W. Buckley, Mr. J. McCarthy, Mr. M. Sarchfield
	Knockandamore (<i>féach Nóta 12</i>) cnoc áirde móir? hill of the great height	: DS : OD
	cnoc ard amram, High hill of Amram	: OD
1844	433' ar airde	E1
2002	/nokar'damrəm/	F76, 145

Consan 'isteach' neamhthraidisiúnta is ea -m na leaganacha stairiúla dar críoch -amarum (1754), -amram (1758), -amarum (1830), -amrum (1834) agus -ammaram (1840) i gcomhthéacs na bunfhoirme, *Cnoc Airde Móire* (1660c. - 1685).

Cat.1.4 Min.2

CNOC AIRDE MÓIRE; hill of (the) great height.

(36)	8.	Rathmorgan 3, 8
------	----	-----------------

1611	Rathvarrigaur (<i>OC; OD</i>); (<i>leg. -gaun</i>)	Inq.I 228
1621	Rathvarrigowne	CPR 209-a
1655	Rathmargoony (<i>OC; OD</i>)	DS
1660c.	Rathmargoony (féach Nóta 15)	BSD 117
1683	Rathmargoom (<i>leg. -gowne</i>)	Hib.Del.
1685	Rathinergrooney alias Rathinagroony	CG 41-a
1758	Rathmergooney <i>orse</i> Rathmergroony <i>orse</i> Rathmorgan	CGn. 192.234.127422
1811	Rathmorgan (féach Nóta 8)	Bath Map
1818	Rathmergruny <i>orse</i> Rathmergroony	CGn. 730.541.498476
1834	Rathmorgan	TAB7
1840	Rathmorgan	AL(2) : BS, Rector's List. Revd. T. Cooke, Mr. W. Buckley, Mr. J. McCarthy, Mr. M. Sarchfield, Mr. J. Connell
	Rathmargoony	: DS
	Rathvarrigaur	: Jac.1
	ráith a mharagáin? (mhuireagáin), Morgan's Rath or fort	: OD

	It contains [?] 3 Danish (cf 2000 thíos)	: Descr.Rem.
2000 (1984)	Ringfort	FSCC IV 12834
2000 (1984)	Ringfort	FSCC IV 12835
2002	/rat'mœrgən/	F76, 145

Tharlódh go mbeadh na luathfhoirmeacha dar foirceann *-varrigaun*, *-varrigowne* agus *-margoony* thuas ina réaladh ar *bharr gamhna*, 'of the summit of the calves', (< *gamhain* oft. pron. *gúin*, q.v. *Dinneen*), gné theangeolaíoch atá léirithe, ní foláir, sna leaganacha dar críoch *-goony*.

Ní cosúil, cuiream i gcás, gur léiriú iad na litrithe thuas ar an sloinne Gaeilge **Ó Muireagáin** > O Moregane, Morgan, 'in the 16th century, the name was most numerous in Down and Armagh' (Woulfe, *SGG* 621) agus ní mó ná san is léiriú ar an sloinne gallda **Morgan** (Reaney, *Brit.Surn.* 225) é a Gaelaíodh mar *Baile in Morganaigh* (de hÓir, *RCrR* 108, anno 1461), seanphaiste talún (nach maireann) i mbarúntacht theorantach Mhainistir Fhear Maí.

Cat.1.9 Min.2

RÁTH (?) BHARR GAMHNA; fort of (the) (?) high place of (the) calves.

(37)	1.	Bregoge Parish (X36.1-5), (Bregogue, litriú logánta)
		Bregoge 16

1300c.	Breog	Pap.Tax.277
1300c.	Bregogh	Pap.Tax.315
1301	Brigogo (<i>leg. Brigoge</i>)	Plea Roll 11
1472-3	Bregog	CPL XIII 1.350
1577	Bregoge	Fiant3095
1586	Bregog	Fiant4826

1591	Bregoge	Cl.Par.Rec.CCR II 58
1592	Bregoge	CSP 63
1610	Bregoge	CPR 168-b
1611	Bregoge (<i>OC; OD</i>)	Inq.I 241
1612	Bregoge	CPR 241-a
1615	Bregoig	Roy.Vis. 203
1637	Bregoge (<i>OC; OD</i>)	Lodge Mss. V 471
1638	Bregoge	Inq. VI 33
1642	Bregogge (féach Nóta 20)	Dep.I 75
1642	Bregogue (féach Nóta 20)	Dep.I 87
1642	Bregoge (<i>OC; OD</i>)	Dep.I 92
1642	Bregogge (féach Nóta 20)	Dep.IV 52
1659	Bragoge	Cen.241
1669	Breagoge	Cloyne Wills 46
1671	Bregoge	Cl.Par.Rec.CCR II 58
1683	Bragoge	Hib.Del.
1702	Bregoge (féach Nóta 56)	Percival Map
1720	Bregogeg	Crow's Vis. 71
1/3/1730	Breagoge	Justices 63
1731	Bregogue	State Pop.118
1738	Briagogue	Percival Pap. 47004.222
1795	Bregoge	Seward
1810	Bregogue	Carlisle
1811	Bregoague (féach Nóta 9)	Bath Map
1812	Bragogue (<i>S.</i>)	Leet I 108
1826	Breagogue (the Demesne of-)	Arden Rent Roll (s.n. John Rogers)
1837	Bregogue	Lewis I 223
1839	Bregogue	AL (1) : BS
	Breagogue	: Bath Map
	Brogogue	: Ld. Arden's Map 1702
	Bregoge	: Beaufort Map
	Brogogg (<i>sic</i>)	: Ld. Egmont's Trace

		1702
	Brogogue	: Prop's Map
	Bregoge	: Erck's Ecc.Reg.
	Bregoge	: Jac.1
	Bregoge	: Car.1
	Bregoge	: Dep.
	bréagóg (gan míniú)	: OC
	bréagóg, deception	: OD
	Brogogue Old Bridge	AL
	bréagóg, deception, must have been originally applied to the river [Awbeg, 240] from it being subject to sudden and unexpected floods	: OD
1840	bréagóg	ALPB (41) : OD
	q[ueery]? bri gobhag, like bri gobhann, smith's hill	: OD
1856-7	Bregogig	Reg. Cmacnoise 458
1861	Bregoge or Brogogue	Gibson-Cork 1 299
1894	<i>Brég</i> is an Irish word meaning a falsehood and in various forms it is applied to rivers that are subject to sudden and dangerous floods.	JCHAS 3A 127
1910	Bregóg	Onom.Goed. 124-b
2002	/bri'go:g/	F37, 38

Tá ainm an pharóiste shibhialta seo le hidirdhealú ó abhainn den ainm céanna (Bregoge River, cf. the Brooke called Brageoge, *CGn.* 49.140.32715 (anno 1727); *Gibson-Cork* I 298; Joyce, *JCHAS* 3A (1894), 126, -7; *Spencer's Riv.* 110 – 112; Evans, *JCHAS* 18 (1912), 201, -3; Courtenay Moore, *JCHAS* 19 (1913), 40, -2; 95, -6; Joyce, *Or.Hist.Ir.N.P.* II 436 agus Grove-White, *Hist.Top.Notes* IV 9, 139, 230) a dhéanann cumar leis an **Abha Bheag** (240) idir bf. Byblox (p. Doneraile) agus bf. Horseclose (p. Doneraile) i mbarúntacht theorantach Mhainistir Fhear Maí.

Cat.1.1 Min.1

BRÉAGÓG; deceitful or roguish little one.

(38)	2.	Buavanagh 16 (Boanna, litriú logánta)
------	----	---------------------------------------

1625	Buaghe (<i>OC; OD</i>)	Inq.III 15
1625	Baonagh (féach Nóta 36)	Inq.VII 238
1629	Boannagh	Lodge Peerage II 251
1637	Boanagh	Lodge Mss. V 471
1637	Boanagh	Egm.Mss. I.I.95
1660c.	Boannagh (féach Nóta 15)	BSD 129
1666	Boannagh	ASE 93-b
1702	Baunagh (féach Nóta 56)	Percival Map
1723	Buanagh	CGn. 40.15.23897
1738	Boannoh	Percival Pap. 47004.39
1765	Boannagh	CGn. 240.473.156420
1812	Boanah (<i>T.L.</i>)	Leet I 103
1833	Bavanagh	TAB1
1839	Bevanagh	AL(2) : BS
	Baney	: Prop's Map
	Boanagh (féach Nóta 11)	: Bath Map
	Buanagh	: Mr. Martin's Map 1712
	Bounagh (<i>sic</i>)	: Ld. Egmont's Trace 1702
	Bounagh	: Prop's Map
	Baunagh	: Miss Purcell's Map 1702
	Buaghe	: Car.1
	buabhanach	: OC
	bán achadh?, This is doubtful	: OD

Is cinnte nárbh fhéidir mórán iontaoibhe a thabhairt le moladh *OC* ná le féidearthacht *OD* i gcomhthéacs na fianaise thuas (agus i gcomhthéacs a raibh d'fhoirmeacha stairiúla scrúdaithe acu fiú amháin : 1625, 1702 agus 1840).

Réiteach amháin ab fhéidir a lua anseo (más go leathamhrasach féin é) is ea *Bothánach*, < *Bothach* (*Buaghe*, 1625).

Cat.1.9 Min.2

BOTHÁNACH; (?) small tract of land abounding in huts.

(39)	3.	Currymount 16
------	----	---------------

1625	Curraghleahessery (féach Nóta 36)	Inq.VII 238
1629	Curraghnelaheshery	Lodge Peerage II 251
1637	Curraghnelehessery	Egm.Mss. I.I.95
1637	Curraghnelehessery; Curraghnelehesserrie	Lodge Mss.V 471
1660c.	Curraghleigh Farragh (féach Nóta 15)	BSD 129
1666	Curraghleihisseragh	ASE 93-b
1702	Curranlaheshery (féach Nóta 55)	Percival Map
1712	Curroghnahessery	Percival Pap. 46979.121
28/10/1771	Curraghnalahesry	CEP XVI 86.2.3
1783	Currymount <i>orse</i> Curraghnalahesery	CGn. 345.594.235308
1801	Currymount	Hist.Top.Notes II 294
1811	Currymount (féach Nóta 8)	Bath Map
1833	Currymount	TAB3
1837	Currymount	Lewis 1 223
1839		AL(5) : BS, Rector's List,

		Mr. M. Linehan, Mr. J. O'Sullivan, Revd. C. Buckley, Mr. J. Blake, Mr. T. Barry
	-----	: OC; OD
	It is all arable	: Descr.Rem.
1923	Currymount (Curraghmount Park)	Hist.Top.Notes II 294
1923	The old Irish name of Currymount was Curragh na glossary, "the place where hides were tanned." According to tradition, large woods of oak trees flourished here formerly. The bark was used for tanning.	Or.Hist.Ir.N.P. II 294
2002	/'kori-mount/	F65, 66

I gcomhair comóntacht na míre *mount* i logainmneacha an cheantair máguaird, féach **Mountbridget** (X57.25, SO 16), **Mountcorbitt** (X57.26; SO 16); **Mount Barry** (AB38), **Mount Mary** (AB39) agus **Quarrymount** (AB48).

Dhealródh sé go bhfuil cuid *Curry* den ainm anseo ina dhrochléiriú ar *currach*, 'a marsh', féach leis *Lackyroe* (1710) < *Lackaroe* (X41.23; SO 17) thíos agus is cinnte nach bhfuil aon bheann ó thaobh brí de ag *mount* déanach an Bhéarla ar a réamhtheachtaí Gaeilge, *leathsheisreach* (q.v. **Farran** (X25.5; SO 8)) thuas.

Cat.1.10 Min.2

CURRACH NA LEATHSHEISRÍ; wet land of the half ploughland (q.v. *DIL*, s.v. *seisrech* (c)).

(40)	4.	Dunbarry 16
------	----	-------------

1811	Donbarry (féach Nóta 9)	Bath Map
1833	Dunbarry	TAB3

1839	Dunbarry	AL(6) : BS, Bath Map, Earl of Egmont's Trace 1702, HCR, Arrowsmith Map, BCR
	dun a bharraigh	: OC
	Barry's dun or fort	: OD
2000 (1984)	Ringfort	FSCC IV 12463
2002	/don'bari·/	F37, 69

Is cinnte gurbh aon bhf. amháin a bhí sa **Dunbarry** seo (40 acra) agus sa bhf. teorantach, **Dunbarry** (X57.18; SO 16; 108 acra), tráth sula ndearnadh iad a roinnt i bparóistí sibhialta éagsúla.

Féach leis **Knockbarry** (X41.22; SO 16, 17), **Knockbarry** (X182.5; SO 16), **Barry's Division** (AB 5), **Kylmarauch** (AB 30), **Monevara** (AB 37) agus **Mount Barry** (AB 38) sa bharúntacht chéanna.

Cat.1.1 Min.2

DÚN AN BHARRAIGH; (de) Barry's fort.

(41)	5.	Tullig 16
------	----	-----------

1613	Tullogh	Hist.Top.Notes IV 253
1625	Tullaghe (OC; OD)	Inq.III 15
1625	Tullagh (féach Nóta 36)	Inq.VII 238
1629	Tullig	Lodge Peerage II 251
1630	Tullogh	Hist.Top.Notes IV 253
1637	Tullagh	Egm.Mss. I.I.95
1637	Tullagh	Lodge Mss. V 471
1640c.	Tullig	Hist.Top.Notes IV 253
1642	Tullagh (OC; OD)	Dep.1 74

1643	Tullough	Egm.Mss. I.I.195
1659	Tullogh	Cen.241
1660c.	Tulloch alias Tullogh (féach Nóta 15)	BSD 129
1666	Tullogh alias Tullocke	ASE 93-a
1683	Tulloge	Hib.Del.
1702	Tullig (féach Nóta 57)	Percival Map
1738	Tullogh	Percival Pap. 47004.39
1750	Tulloge	Smith Map
1765	Tullogh alias Tulig	CGn. 240.473.156420
1811	Tullig (OC; OD)	Bath Map
1812	Tullig (T.L.)	Leet II 241
1833	Tullig	TAB1
1839	Tullig Tullig	AL(4) : BS, Bath Map : Ld. Egmont's Trace, 1702 : Prop's Map, Ld. Denroche's Map 1829, HCR
	Tullaghe	: Car.1
	Tullagh	: Dep.
	tulach	: OC
	oblique form <i>tulaigh</i> ,	: OD
	a hill	: OD
1844	526' ar airde	E1
2002	/'tolig/	F66, 162

In ainneoin gurb é *tulach* ba mhó a dheirtí leis seo i rith na seachtú haoise déag, *tulaigh*, is é sin, logthuiseal tabharthach *tulach*, an fhoirm cheannasach is cosúil ó lár na hochtú haoise déag amach.

Cat.1.1 Min.2

TULACH > TULAIGH ; a hillock.

(42) 1. Buttevant Parish (X41.1-33)

Buttevant 17

1259-60	Butheawaunt	Plea Roll RC 7/1 304
1295	Botauant	CJR I 35
1295	Buttauaund	CJR I 70
1295	Buteauaunte	CJR I 95
1297	Botauaunt	CJR I 162
1297	Buttauont	CJR I 180
1299	Boutauaunt	CJR I 244
1299	Botauaunt	CJR I 265
1300	Botavaund	Pap.Tax. xvi
1300	Boten	Pap.Tax.315
1300c.	Botauvant	Plea Roll RC 7/9 207
1300c.	Botevaunt	Plea Roll RC 7/9 209
1300c.	Botavant	Plea Roll RC 7/9 215
1300c.	Botavaund	Plea Roll RC 7/9 315
1300c.	Buttavont	Plea Roll RC 7/1 412
1300c.	Botavaunt; Botavant	Plea Roll RC 7/8 48
1300c.	Botavaunt	Plea Roll RC 7/8 272
1301	Botavaunt	Plea Roll 11
1307	Botauant	CJR II 366
1307	Botauaunt	CJR II 402
1307	Boutauaunt	CJR II 440
1313	Botavant	CJR III 294
1318	Botavaunt	R.Pat.Cl. 25-a
1341	Bothon	PRC III 40
1351	Boton	PRC III 80

1354	Bottavaunt	R.Pat.Cl. 68-a
1358	Botavaunt	R.Pat.Cl. 72-b
1364c.	Bothon	PRC III 28
1364c.	Bothon	PRC III 50
1364c.	Bothon	PRC III 62
1364-70	Bothon	PRC III 110
1365	Bothon	PRC III 64
1372	Botavant	RBK 151
1377	Bothon	R.Pat.Cl. 103-a
1381	Botavaunt	R.Pat.Cl. 114-a
1395	Botevant	R.Pat.Cl. 154-b
1408	Botavaunt	R.Pat.Cl. 189-b
1440	Buttevaunt	CPL IX 74
1440	iuxta Butoniam	CPL IX 132
1447	iuxta Bothoniam	CPL X 277
1449	prope Buthoniam	CPL X 434
1449-50	de Buctonia	CPL X 454
1459	iuxta Buctoniam	CPL XII 53
1463	juxta Bottomiam	CPL XII 179
1472	iuxta Butoniam	CPL XIII.(1). 349
1472-3	iuxta Bottoniam	CPL XIII.(1). 350
1474-5	juxta Bothonium	CPL XIII.(1). 403
1479	iuxta Buttoniam	CPL XIII.(II). 699
1481	de Botonia	CPL XIII.(II). 757
1481-2	de Botonia	CPL XIII.(II). 761
1489	iuxta Bottoniam	CPL XV 311.152
1492	iuxta Buttumam (? Buttuniam)	CPL XV 855.452
1494	iuxta Bitonum	CPL XVI 295.209
1494	iuxta Bothoviam	Ann. Cloyn. 24.78
1497	iuxta Bitonum	CPL XVI 734.496
1499	iuxta Botoviam	Ann. Cloyn. 27.93
1541	Kylnemallagh	Ir.Mon.Poss. 147
1541	Killenenagh;	Ir.Mon.Poss. 153

Killnemagh		
1550c.	Ceall na Mallach	C.Uí.Ch. 519.402
1551	Kilnemallagh	Fiant 902
1568	Butvant	Sidney Pap. 89
1568	Buttevant	CSP 368
1569	Buttevant	CSP 369
1573	Buttyvant	Fiant2246
1573	Butewant	Fiant2249
1573	Buttiwaunt	Fiant2253
1573	Buttiwant	Fiant2260
1574	Killenemallagh	Fiant2380
1576	Buttevante	Fiant2941
1578	Killenemallaghe alias Botevante	Fiant3278
1583	Killemallaghe alias Buttevaunte	Fiant4262
1584	Buttevant	Fiant4499
1591	Killnemallaghe alias Buttivante	Fiant5539
1591	Bothon	Cl.Par.Rec.CCR II 245
1592	Buttevante	Flor.MacCarthy 88
1594	Buttevant	Flor.MacCarthy 120
1601	Buttivant	Fiant6539
1601	Butvante	Fiant6566
1606	Killemallagh or Buttevant	CPR 83-a
1610	Buttevaunt <i>orse</i> Killmallagh	CPR 168-b
1612	Killemallagh	CPR 241-a
1613	Buttefant	CPR 261-b
1615	Bothon alias Buttevant	Roy.Vis.200
1617	Buttyfania, et hibernice dicitur Killnamullagh alias Killnamallagh	Prov.Hib. 74

1618	Buttevant	CPR 364-a
1621	Buttevaunt (<i>OC; OD</i>)	Inq.II 111
1621	Killnamollacham (ecclesia Tumulorum)	Hist.Cath.Ib.201.159
1625	Buttevant	CPCR I 28
1627	Buttevaunte (féach Nóta 36)	Inq.III 188
1634	Bothon alias Butivant	Cl.Par.Rec.CCR II 57
1636	hi ccill na mullach	ARÉ III 340
1638	Buttevant	Index Test. 80
1638	Buttevant alias Templebridey [572] (féach Nóta 36)	Inq. VI 33
1648	Buttywant	Longfield Pap. 137
1650c.	Butiphant	De Praesul.Hib.II 153
1655	Bittephant-towne (féach Nóta 26)	DS
1659	Buttevant	Cen.242
1661	Bothon	Cl.Par.Rec.CCR I 57
1662	Buttevant	Index Test. 240
1679	i gCill na mballach	Ó Bruadair II 172
1683	Buttevant	Hib.Del.
1689	Buttavairt (<i>sic</i>)	Ir.Jac. 68
1690	go Cill na mBallach	Ó Bruadair III 152
1702	Buttifant (féach Nóta 55)	Percival Map
1704	Buttevant	Par.Priests 57
1705	Bothon alias Buttivant	Cl.Par.Rec.CCR II 59
1708	i gCill na Mullach	Dánta Shéaf. 32
1720	Bothon	Crow's Vis. 70
1731	Buttevant	State Pop. 122
1774	Bothon orse Buttevant <i>orse</i> Kiġnamullagh	Cl.Par.Rec.CCR II 60
1786	Buttevant (<i>OC; OD</i>)	Mon.Hib. 58, -9
1795	Buttevant	Seward

1810	Bothon, or, Buttevant	Carlisle
1811	Buttevant (<i>OC; OD</i>)	Bath Map
1821	Buttevant, called also Bothon Parish	Pop.Ir. 167
1824	Buttevant	Res.South Ir. 113, 117
1840	Buttevant Buttavant Buttevant	AL (1:6) : BS, Bath Map : Arrowsmith Map : Beaufort Map, Pop.Ret. 1821, BCR, HCR, Archdall
	Buttevaunte	: Jac.1
	Buttivante	: Car.1
	Buddifont (féach Nóta 22)	: Dep
	Bout avant, This is Barry's motto	: OD
1844	Abbey (in ruins)	E1
1850	Buttevant, Kilnemullach	Windele Mss. 12I10.163
1851	Cill na Mullach (<i>OD</i>)	ARÉ III 341, fonóta m (<i>per</i> Hist.Cath.Ib. (1621) thuas)
1905	Buttevant (Killenemallagh)	Hist.Top.Notes I 334
1910	cell na mullach	Onom.Goed. 207-b
1911	Cill na mullach	Spencer's Riv. 108
1944	Cill na Mullach, "the church of the little hills."	MHRH 45; 63
1956	Cill na Mollach	Ó Fogh. : Log. 15
1969	Cill na Mallach	Bailte Poist 72
2000 (1997)	Friary	FSCC IV 14382
2002	/ˈbɒtəvənt/	F96, 245

In ainneoin go meastar coitianta gurb é *Boutez-en-avant* ("Push Forward"), is é sin, gáir chatha mhuintir Bharra ón Normain, is bonn le *Buttevant* (q.v. *Smith, Cork* I 321, *Seward; Lewis* I 235; *AL* : (1:6) : *OD*; O'Flanagan, *Blackwater*

144; *Gibson, Cork* II 474; *Guy Dir.* [1887] 27; *Cole, Rec.* 164; *Spencer's Riv* 108; *Cochrane, JCHAS* 18 (1912), 66, -7; *Bail. na S.* 368.231; Ó Donnagáin, *CDHJ* 5 (1991), 75; Conlan, *JCHAS* 107 (2002), 195; *Hajba Houses* 1 90 agus in ainneoin gur cinnte go raibh an mhuintir chéanna lonnaithe go luath sa cheantar seo go díreach (: Philip de Barry a bhunaigh príóireacht Agaistíneach Bhaile Beag ar imeall thoir theas an bhaile sa bhliain 1229 (Gwynn, Hadcock, *MRH* 243); David Oge Barry a bhunaigh coinbhint na mBráthar Mionúr anseo leis sa bhliain 1251 (*Ibid.*, *Ann. Cloyn.* 24.24); muintir Bharra a thóg caisleán *Buttevant* go luath i ndiaidh theacht na Normannach (Healy, *Cork Castles* 309), ar imeall thiar theas an bhaile atá *Knockbarry* (X41.22; *SO* 16, 17) suite agus bhí de líonmhaireacht na muintire sa bharúntacht seo trí chéile go dtugtaí 'Orriria Barria' uirthi tráth, 'the Barrys having had possession of the greatest part of this country' (*Smith, Cork* I 311; Kelly, *Hist. Cath. Ib.* 277), fós féin, níl aon ábhar amhrais ann ná gur cirte agus gur urrúsaí go mór míniú na n-údar seo a leanas :

1902 for four centuries, from the bank of the Seine to the Awbeg the name [Boutavant] prevailed, and in every case in the sense of outwork or outpost ... it was used for an outwork, or even subsidiary castle, "pushed in advance" of the main building. (Westropp)

JRSAI 31, 87

1914-16 Boutez en avant. This, however, is a popular derivative, for Buttevant merely meant "out post" (advanced Butte or Mote) as is found so applied at Château Gaillard, Corfe Castle and Buttevant's Tower [anno 1585] in the walls [or north eastern bastion] of Dublin. (Westropp).

PRIA 32, 101 [JRSAI 31, 87]

1967 Its English name [Buttevant] has no connection with the Barry warcry, *Boutez en avant*, but is simple *botavant* (botavaunt), Norman-French name for a defensive outwork. (Killannin)

Shell Guide 130

1988 One of the romantic, but apparently fictional explanations of the origin of the name ... is that is that it came from the battle cry of the Norman De Barrys ... In fact it seems to have come from the French-Norman word for an advanced earthwork. (Healy).

Cork Castles 310

Is é *butte* na Fraincise sa chéill *sonnfort* nó *ardán seachtrach dúna* (*tonneau*, ‘a mound’ (*Godefroy, Dict.* 1); *tertre*, ‘an eminence’ (*Littre, Dict.* 443); ‘rising ground, knoll, hillock, mound’ (*Harrap, Dict.*, s.v. *butte* 1.) is bonn le céad mhír an ainm dála chéad eilimint na solaoídí comhthreomhara seo sa bhFrainc, mar atá, **Boutavent** (‘un ouvrage de fortification’ (*Dauzat, Dict.* 107), ainm ar chomún i gceantar Oise na Frainc (*Oizon, Dict.* 122)), **Boutavant** i gcomharsanacht abhainn an Eure sa Normain (*Moing, Lieux* 123), **Butte** Warlencourt i dtimpeallacht Bapaume (Mawer, Stenton, *Intro.Eng.P.N.* 159) agus **Buttard** in Anjou, ‘tertre, butte’, (*Pégorier, Lieux* (1996), tome 1).

Is léir leis go meastar coitianta gurb é *Cill na Mullach* ‘church of the summits’ is bonn le cuid na foirme Gaeilge den ainm (q.v. Jennings, *Prov.Hib.* 74; Kelly, *Hist.Cath.Ib.* 201.159; O’Donovan, *ARÉ* III 340; Ua Duinnín, *Dánta Shéaf.* 32; *MM* 12 268; *Windele Mss.* 12I10, 163; *ARÉ* III 341 (fonóta OD); *Guy Dir.* (1887), 87; *Spencer’s Riv.* 108; Cochrane, *JCHAS* 18 (1912), 66; Linehan, *MHRH* 63; Killanin, *Shell Guide* 4; Conlan, *JCHAS* 107 (2002), 195; *Hajba Houses* I 262 – is é leis atá inscríofa ar chomharthaí bóthair an bhaile) ach in ainneoin chomóntacht na tuairime seo, is róléir ar iontrálacha áirithe thuas (*viz.* 1541, 1550c., 1574, 1583, 1591, 1606, 1610 agus 1612) gurb é *mallach* (q.v. *DIL* 2. *mallach*, ‘a curse’), is é sin, malairt foirme stairiúil de *mallacht* (< *maldacht* < *maledictio* (*Lat.*), a bhí i gceist ag an té a bhaist a leithéid d’ainm

neamhchomónta (*beannacht* (< *bendacht* < *benedictio* (Lat.), ‘a blessing’; féach leis *bennach* (*DIL* 1.*bennach*, ‘a blessing’) seachas mallacht neamhomósach mínaofa ba thúisce a shamlófaí á lua le *cill*) ar an áit.

Is é Edmund Spenser, ní foláir, faoi deara cuid *na mullach* dá dtagraítear thuas agus ‘the Gentle *Mulla*’ á ionannú aige leis an Abha Bheag i gcomharsanacht an bhaile, ‘even though the Awbeg was never called the Mulla except by Spencer’ (q.v. Joyce, *Or.Hist.Ir.N.P.* I 334) : ní léir aon mhullach, ní áirím aon mhullaigh, a bheith i gcóngar na cille. 1617 bliain chéad tagairt na foirme mí-thraslitrithe seo, *-mullagh, Buttyfania, et hibernice dicitur Killnamullagh alias Killnamallagh* agus timpeall an ama chéanna seo, a cuireadh na boinn faoin míthuisceant mharthanach chéanna, cf. *Killnamollacham – ecclesia Tumulorum* (1621) agus *hi ccill na mullach* (1636). (Ní mór a thuisceant i gcás na foirme aistrithe seo, *ecclesia Tumulorum*, go mb’fhéidir gur leasc le lucht eaglaise mallacht a shnaidhmeadh leis an áit). In ainneoin, áfach, gur léir nach foirm gan smál í foirm réamhluaithe Dháibhí Uí Bhruadair (arbh ó chontae comharsanach Luimnigh dó), i *gCill na mballach* (1679), go *Cill na mBallach* (1690), fós féin, is díol spéise é gur dealraíthí go mór le *mallach* ná le *mullach* cuid *mBallach* na seanfhoirme céanna.

I gcomhair tarlachtaintí eile de logainmneacha dar críoch *na mallach(t)* ach ar léir *-namullagh* leis (de bharr na míthuisceana thuasluaite) ar chuid den fhianaise stairiúil, féach :

- (i) **Ashgrove / Currach na Mallacht**, "wetland of the curses" (q.v. Ó Maolfabhail, *Log. na hÉir.* I 153) i gcontae Luimnigh :
Croghnemullogh (1586); *Croghnemallagh* (1595);
Curraghnemallaght (1655, 1657) agus *Curraghnamallagh* (1660);
- (ii) **Aghnamallagh / Achadh na Mallach** "field of the curses" (q.v. *Liostaí Log. : Mu 4*) i gcontae Mhuineacháin :

1659	Aghanamalaght	Cen.150
1660c.	Aghanamullagh	BSD (Mon.) 146

1750	Aghnamallagh	CGn.148.518.105684
1835	Aghnamallagh	AL(p.Drumsnat)

agus

(iii) Derryillon or **Knocknamullagh** / *Cnoc na Mallach* "hill of the curses" (b'fhéidir) (q.v. *Liostaí Log. : Mu. 25*) sa chontae céanna:

1712-19	Knocknemala	Bath Est. 342
1723	Knocknemaula	CGn. 39.414.24652
1835	Knocknamullagh	AL(p.Donaghmoine)

Cat.1.14 Min.1

BUTTEVANT < BUTTE AVANT; mound (earthwork) in a forward position.

CILL NA MALLACH; church of the [uncharacteristic] curses or maledictions.

(43)	2.	Ardaprior 16
------	----	--------------

1618	Ardefriery	CPR 364-b
1618	Ardefriery	Lodge Mss. IV 29
1623	Ardpriory	Lodge Mss. XIII 10
1626	Ardfriery (<i>OC; OD</i>)	Inq. III 117
1657	Ardafryer (<i>OC; OD</i>)	Inq. VII 113
1659	Ard Pryory	Cen.241
1660c.	Ardpriory (féach Nóta 15)	BSD 120
1667	Ardyfryer	ASE 105-a
1669	Ardpriory	ASE 204-a
1702	Ardaperary (féach Nóta 55)	Percival Map
1723	Ardprior alias Ard Priory	CGn. 42.13.25453
1735	Ardprior alias Ardpriory	CGn. 45.483.30142

1811	Ardprior (<i>OC; OD</i>)	Bath Map
1812	Ardprior (<i>T.L.</i>)	Leet I 16
1833	Ardaprier	TAB1
1840	Ardaprior	AL(2:24) : BS
	Ardprior	: Bath Map, Ld. Bandon's Map 1750
	Ardapriory	: Ld. Denroche's Map 1702, Miss Purcell's Map 1702
	Ardaprior	: HCR, Revd. C. Buckley, Mr. J. O Sullivan, Mr. T. Barry
	Ardfriery	: Car.1
	Ardafryer	: Crom.1
	árd a phríora	: OC
	The prior's height or hill	: OD
	The name of a Trig[onometrica]l St[at]io[n].	: Descr.Rem.
1844	636' ar airde	E1
2002	/ardə'prɔɪr/	F3,6

Le mainistir Bhaile Beag (cf. *FSCC* IV 14379; *p[ri]ori ... S[ancti] Tho[m]e mart[iris] jux[ta] Butyvaunt, R.Pat.Cl. 148-a, anno 1391; prioratus Sancti Thome Martiris, Ann.Cloyn. 24.78, anno 1494 agus AbbyLand, AB 1*) atá suite i ngiorracht cheithre mhíle éigin slí soir ó dheas ó bhf. Ardaprior sa pharóiste céanna is dóichí atá cuid *prior* den ainm bainteach anseo.

Cat.1.3 Min.2

ARD AN PHRÍÓRA; height (hill) of the prior.

(44)	3.	Ardskeagh 24
------	----	--------------

1604	Ardskeagh	CPR 80-b
1618	Ardeskeigh or Ardschieh	CPR 364-b
1618	Ardeskeagh or Ardschieh	Lodge Mss. IV 29
1626	Ardskeaghe (<i>OC; OD</i>)	Inq. III 17
1629	Ardskeagh	Lodge Peerage II 251
1655	Ardscah (féach Nóta 26)	DS
1660c.	Arskea (féach Nóta 15)	BSD 120
1702	Ardskeagh (féach Nóta 55)	Percival Map
1812	Ardskea (<i>T.L.</i>)	Leet I 17
1833	Ardskeigh	TAB5
1840	Ardskeagh	AL(1:16) : BS, Prop's Map 1702, Ld. Doneraile's Map 1826
	Ardskeh (féach Nóta 11)	: Bath Map
	Ardskeagh	: HCR, Seward, Carlisle, Beaufort Map
	Ardskeaghe	: Car.1
	árd sgeach	: OC
	hill of the briars or whitethorns	: OD
1844	411' ar airde	E1
1910	ard scíath	Onom.Goed. 48-a
2002	/ard'sgi:/	F6, 96

Tagairtí iomrallacha is ea *Ardskeagh* (*AL : Seward*) agus *Ardskeagh* (*AL : Carlisle*) sa chás seo ón uair gur don pharóiste sibhialta *Ardskeagh* (*SO 3, 8*) i mbarúntacht chomharsanach Mhainistir Fhear Maí a thagraíonn siad.

Fág is go dtagann cuid mhaith d'fhoirmeacha stairiúla an ainm dheireanaigh seo (m.sh. *Ardskeagh*, *CPR 107-b* (anno 1607); *Ardskiegh*, *CPR 209-a* (anno 1611) agus *Ardskie*, *CPR 515-b* (anno 1621)) le formhór na fianaise thuas, is ó ainm naoimh, *Sciath – Sciath ó Fhirt Sceithi* (q.v. *F.Thamh.* 68, anno 800c.) d'fhoirceann an ainm eile seo.

Cat.1.4 Min.2

ARD SCÉ; height of the thorn-bushes, whitethorns (q.v. *DIL*, s.v. *sgé*)

(45)	4.	Ballybeg 24, 25
(46)	5.	Ballybeg East 17, 25
(47)	6.	Ballybeg Middle 17, 25
(48)	7.	Ballybeg West 16, 17, 24, 25

1481	Ballybeg	CPL XIII (II) 761
1489	Ballybeg	CPL XV 311.152
1492	Ballybeg	CPL XV 855.452
1541	abbey of Ballybeg	Ir.Mon.Poss 146
1541	Ballybege	Ir.Mon.Poss 147
1551	Ballybege	Fiant902
1568	Ballybeg (abbey)	CSP 368
1568	Abbey of Ballybeg	Sidney Pap. 89
1574	Ballibeg	Fiant2380
1583	Ballibegg;	
	Ballibegge	Fiant4262
1606	Ballibegge	CPR 83-a
1607	(dissolved abbey of) Ballibegge;	
	Ballibeg	CPR 104-a
1608	Ballybeg	CPR 158-b
1610	Ballibeg	CPR 4-a
1610	(dissolved monastery of) Ballibegge	CPR 153-b
1612	Ballibeg	CPR 241-a
1619	Ballybegg	CPR 483-b
1638	Abbie de Ballybegg (<i>OC</i> ; <i>OD</i>)	Inq. VI 33
1659	Ballybegge	Cen.241

1702	Ballybegg (féach Nóta 59)	Percival Map
1750	Ballybeg	Smith, Cork I 323
9/1/1769	Ballybeg	CEP XIV 3.4.1
1778	Ballybeg	T & S 183
1786	Ballybeg (OC; OD)	Mon.Hib. 56
1811	Ballybeg (OC; OD)	Bath Map
1812	Ballybeg (T.L.)	Leet I 49
1837	Ballybeg	Lewis I 236
1840	Ballybeg West	AL (1:7) : BS
	Ballybegg	: Bath Map
	Lisballyhey (féach Nóta 59)	: Ld. Egmont's Trace 1702
	Ballybegg	: Prop's Map 1702
	Ballybeg	: Ld. Denroche's Map 1829, Arrowsmith Map, Rector's List, Archdall
	Ballybegg	: Car.1
	baile beag	: OC
	little town	: OD
2002	/bali·'beg; bali·be'gi:st, bali·beg 'midil, bali·beg'west/	F25, 26

Is do *Lisballyhay* (p. Ballyhay; SO 7, 8, 16, 17) i mbarúntacht theorantach Mhainistir Fhear Maí agus ní don áit seo a thagraíonn *Lisballyhey* (AL : Ld. *Egmont's Trace*, 1702).

In ainneoin a gcuireann an aidiacht *beag/beg* in iúl thuas, ní mór cuimhneamh air anseo gurb é *Ballybeg* féin (agus a chodanna éagsúla le chéile) an bf. is substainiúla go mór (2,094 acra : Ballybeg (746 acra), Ballybeg East (417), Ballybeg Middle (493) agus Ballybeg West (438)) sa pharóiste sibhialta céanna seo trí chéile.

Cat.1.1 Min.1

BAILE BEAG; smallish town (place)

(49)	8.	Boherascrub East 16, 24
(50)	9.	Boherascrub West 16, 24

1632	(?) Bogheryscrubby	Inq. IV 132
1655	Scoraby (féach Nóta 26)	DS
1702	Boharseadon (féach Nóta 56)	Percival Map
1723	East Bohir Scrub	CGn. 35.457.23274
1737	Bohurscrub	CGn. 87.131.60916
1784	East, West Bohirscrub	CGn. 356.397.240911
1795	Boherscrubba	Adm.Bds.Cloyne (s.n. Philip Dunn)
1811	Boherascrub (féach Nóta 11)	Bath Map
1812	Boherascrab (T.L.)	Leet I 103
29/1/1817	Bohirscrub	Par.Reg. (p.4998) (s.n. Mary Barry)
1840	Boherascrub East, -West	AL (1:7) : BS
	Bohernascrub (<i>sic</i>)	: Bath Map
	Boherscrubb	: Ld. Arden's Map 1702
	Boherascrubb (<i>sic</i>)	: Ld. Egmont's Trace 1702
	Boherascrub	: Mr. J. O Sullivan
	Boherscrub	: Revd. C. Buckley
	Boherascrub	: Mr. J. Blake
	Boherscrub	: Mr. T. Barry
	a new name, road of the scrubs, or shrubs, a hybrid compound	: OD
2002	/bo:hær(ə)'sgrob; bo:hær(ə)sgro'bi:st, bo:hær(ə)sgrob'west/	F36, 346

Síneann an bóthar atá i gceist anseo soir ó dheas ó John's Cross (bf. Boherascrub East) go dtrasnaítear Boherascrub West a fhaid le Boherascrub Cross (E3).

In ainneoin go luaitear dhá bhrí le *scrob* in *Dinneen*, mar atá, 'the crow of a bird' agus 'potato-leavings', tharlódh go mbeadh tagairt d'fhás an phráta anseo (faoin mbliain 1632 de réir na fianaise) ábhairín róluath i bhfianaise a ndeir G.B. O'Connor i dtaobh a úsáide teoranta in Éirinn le linn nó faoi dheireadh ré Eilise (1558 – 1603), 'the potato, introduced about the year 1565, had not come into general use' (*Elizabethan Ireland. Native and English.* 27).

Cat.1.1 Min.2

BÓTHAR AN SCRUIB (q.v. *Dinneen*, s.v. *scrob*); road of the bird's crow.

(51)	10.	Castle-land 17 (Castlelands, leagan logánta)
------	-----	--

1344c.	pro castro Bothon	PRC III 112
1734	the Castle and Lands (Buttevant)	CGn.76.104.53076
1811	Castle (féach Nóta 8)	Bath Map
1840	Castleland	AL(1:35) : BS, Revd. D.P. Falvey, Mr. D. Buckley, Mr. M. Rogers, Mr. J. Blake, Mr. O. Daly, Mr. G. Chapman
	This is a small townland, all a Demesne. It contains a large Castle still inhabited.	: Descr. Rem.
1844	Castle; Buttevant Castle	E1
1937	Castle (in Ruins)	E3
1988	The castle of Buttevant was built at an early stage of the Norman intrusion into Ireland by the De Barrys The	Cork Castles 309

original castle formed part of the town walls being at the extreme south-east corner of them.

2002 /kasi'lanz/ F96, 245

Cat.1.2 Min.2

CASTLELANDS

(52) 11. Clashnabuttry 16

1737	Cnasnugbuttry (<i>recte Clas-</i>)	CGn. 87.131.60916
1811	Clashnabuttily (féach Nóta 8)	Bath Map
1812	Clashnabuttery (<i>T.L.</i>)	Leet I 155
1818	Clashnabuttery	CGn.734.553.500888
1840	Clashnabuttry	AL(1:28) : BS, Revd. D. P. Falvey, Mr. D. Buckley, Mr. M. Rogers, Mr. J. Blake, Mr. O. Daly, Mr. G. Chapman

clais na bpotairídhe,

trench or furrow of the potters : OD

It contains nothing except a limestone quarry [clais] and two houses. : Descr.Rem.

2002 /klaʃnə'botri:/ F96, 243

Cat.1.1 Min.2

CLAIS NA _BPOTAIRÍ; trench or ravine of the potters.

(53) 12. Copsetown 24 (Copstown, litriú logánta)

1637	Ballengarrane	Lodge Mss. V 471
1702	Ballingarrune (féach Nóta 55)	Percival Map

11/9/1769	Copstown	CEP XIV 73.3.2
1810	Ballygurrane <i>orse</i> Copstown	CGn. 617.383.424847
1811	Copstown (féach Nóta 8)	Bath Map
1835	Ballingerane	Co.Cess 3
1840	Cobstown	AL (1:12) : BS
	Copstown	: Revd. C. Buckley, Mr. J. O Sullivan
	Cobstown	: Mr. J. Blake
	Copstown	: Mr. J. Barry, Mr. M. Cronin
	Cobstown	: Mr. M. Linehan
	baile an gharráin?, town of the copse	: OD
1851	Ballygurrane <i>orse</i> Copstown	Seanchas 147
2002	/'kɒpstoun/	F53, 55

Lastuas de Killeen Church (423) is dóichí a bhí fásra an gharráin suite de réir E1.

Cat.1.1 Min.2

BAILE AN GHARRÁIN; town (place) of the grove or copse.

(54)	13. Creggane 16, 17 (Cregane, litriú logánta)
------	--

1676-9	Cregane	Orr.Pap. 223
1702	Cregane (féach Nóta 55)	Percival Map
1718	Cregans	CGn. 23.74.12680
1723	Cregganes	CGn. 35.457.23274
1737	Cragans	CGn. 87.131.60916
1784	Cregganes	CGn. 356.397.240911

1812	Cregane (<i>T.L.</i>)	Leet I 198
1818	Cragane	CGn. 734.553.500888
28/12/1831	Craggan	Par.Reg. (p.4999) (s.n. Mary O Brien)
1840	Cregane	AL (1:30) : BS, Revd. D. P. Falvey, Mr. D. Buckley, Mr. M. Rogers, Mr. J. Blake, Mr. O. Daly, Mr. G. Chapman
	creagán	: OC
	rocky land	: OD
2002	/kri'ga:n/	F56.57

Ní mór an áit seo a idirdhealú ó bhf. Creggannacourty (X57.16; SO 16), (arb é Creggane, leis, a leagan logánta (ó c. 1770)) atá suite i ngiorracht trí mhíle éigin slí siar ó thuaidh uaidh.

Tabhair faoi deara an leagan san iolra faoi na blianta 1718, 1723, 1737 agus 1784 thuas.

Is léir an feiniméan céanna seo leis ar fhianaise *Curra* (X117.12; SO 6), *Fortlands* (X214.11; SO 2), *Gardeen* (379) agus *Lybaun* (459).

Cat.1.1 Min.2

CREAGÁN; (small tract of) rocky land.

(55)	14.	Curraglass 16, 24
------	-----	-------------------

1618	Curraghlass	CPR 364-b
1618	Curraglass	Lodge Mss. IV 29
1626	Curraghlass (OC; OD)	Inq. III 117
1653	Curraglass (OC; OD)	Dep. VI 107
1655	Curraghlass (féach Nóta 26)	DS
1660c.	Curraghlass (féach Nóta 15)	BSD 120

1702	Curraghglass (féach Nóta 55)	Percival Map
1719	Curragh Glasse	CGn. 24.39.12967
1743	Curraghglass	CGn. 112.186.77643
1750	Caraglass	Smith Map
27/4/1769	Curroghglass	CEP XIV 34.4.3
1811	Curraglass (féach Nóta 11)	Bath Map
1833	Curriglass	TAB 3
1840	Curraglass	AL (1:24) : BS
	Curraughglass (<i>sic</i>)	: Bath Map
	Curraghglass	: Prop's Map 1702
	Curraglass	: Mr. Wright's Map 1723
	Curraghglass	: Ld. Arden's Map 1702
	Curraughglass	: Rectors's List
	Curraghglass	: Boyce's Map 1772
	Curraghglasse	: Car.1
	Curraglass	: Dep. 1653
	currach glas	: OC
	green moor	: OD
1840	All arable except a small portion under plantation and another under a pond.	: Descr.Rem.
2002	/'korəglas/	F96, 101

Tugtar faoi deara go léirítear idir *Curragh-*, *Curra-* agus *Curri-* anseo thuas dála fhianaise stairiúil *Curryglass* (X228.17; SO 1, 2, 6, 7) thíos.

Cat.1.1 Min.2

CURRACH GLAS; greenish wet land.

(56)	15.	Dreenagh East 16, 24 (Drinagh, litriú logánta)
------	-----	--

(57)	16.	Dreenagh West 16, 24
------	-----	----------------------

1618	Drinagh	CPR 364-b
1618	Drinagh	Lodge Mss. IV 29
1626	Drynaghe (féach Nóta 36)	Inq. III 117
1639	Drinagh (<i>OC; OD</i>)	Inq. VI 126, -7
1639	Drynagh (féach Nóta 36)	Inq. VI 127
1653	Dreinaghe	Dep. VI 107
1655	East Drinagh;	
	W[est] Drinagh (féach Nóta 26)	DS
1657	East Drynaghe (<i>OC; OD</i>)	Inq. VII 113
1659	Drinagh	Cen.241
1660c.	East Drenogh (féach Nóta 15)	BSD 120
1660c.	West Drenogh	BSD 121
1666	East Drynagh;	
	Drenagh	ASE 59-b
1666	West Drinagh	ASE 118-b
1683	Drynagh	Hib.Del.
1702	Dreenagh (féach Nóta 55)	Percival Map
1712	West-, East Drinagh	Percival Pap. 46979. 108
1812	Dreenagh (<i>T.L.</i>)	Leet I 227
1822	East-, West Drinak	CGn. 775.316.524966
1833	West Drinagh;	
	East Dringh (<i>sic</i>)	TAB3
1840	Dreenagh East, -West	AL (2:26) : BS
	Drinagh	: Prop's Map
	Dreanagh	: Mr. Wright's Map 1723
	Dreenagh	: Ld. Arden's Map 1702
	Drinaghe	: Ld. Doneraile's Map 1826
	Drinogh	: Rector's List
	Drinagh	: HCR, Revd. C. Buckley
	Drynagh	: Jac.1
	Drinagh	: Car.1

	Drynagh	: Crom.
	occidental' Drynighe alias Drynighin tample? (féach Nóta 34)	: Jac.1
	draighneach	: OC
	abounding in blackthorns	: OD
2002	/'dri:nə; dri:'n(ə)i:st, dri:nə'west/	F68, 99

In ainneoin gur le comhartha ceiste a áirítear an iontráil *occidental' Drynighe alias Drynigh in tample?* anseo, *AL : Jac. 1, Inq. 1* 317, anno 1618 (*varie the West Drinagh orse Drinaghentemple, CPR 289*, anno 1615), is do *Drinagh West* (*bar. Carbery East, West Division; p. Drinagh; SO 120*) agus ní don áit seo a thagraíonn sé dáiríre.

Cat.1.1 Min.2

DRAIGHNEACH; place abounding in blackthorns.

(58)	17.	Farrancotter 16, 24
------	-----	---------------------

1618	Farrinecotter or Faryn-lcottyre	CPR 364-b
1618	Farrinecotter or Farynlcottyre	Lodge Mss. IV 29
1626	Farrincottir (<i>OC; OD</i>)	Inq. III 117
1638	Faryn Cotter (féach Nóta 36)	Inq. VI 15
1640	Farrinlcotter (féach Nóta 36)	Inq. VI 204
1640c.	FarrenMccotter	Percival Pap. 47043.11
1655	Farincotter (féach Nóta 26)	DS
1660c.	Famry Cotter (féach Nóta 15)	BSD 120
1668	Farrenmacoder	ASE 185-b
1669	Famry-Cotter	ASE 204-a
1702	Farrincotter (féach Nóta 55)	Percival Map

1715	Farrincotter	CGn. 14.330.6328
1719	Farrenmacoffer (<i>leg. -macotter</i>)	CGn. 24.39.12967
1728	Farrinecothr or Faryn-lcottyre	Hist.Top.Notes IV 241
1743	Farrenmacotter	CGn. 112.186.77643
1762	Farrincotter	CGn. 241.571.142326
1781	Farranmacoder	CGn. 346.22.230064
1811	Farrencotter (féach Nóta 11)	Bath Map
1812	Farnecutter (<i>T.L.</i>)	Leet 1 263
1840	Farneycotter	AL (1:17) : BS
	Farrincotter (<i>sic</i>)	: Bath Map, Mr. Martin's Map 1712
	Farrincotter	: Prop's Map
	Farinecotter	: Miss Purcell's Map 1702
	Fareancotter	: HCR
	Faranphibee	: Revd. C. Buckley
	Farnacotter	: Mr. J. O Sullivan
	Farnafubber	: Mr. J. Blake
	Farrincottir	: Car.1
	fearann mhic Oitir	: OC
	Cotter's land	: OD
2002	/farən'kötər/	F75, 76

Tagairtí stairiúla de chuid *Farnifibber* (367) agus ní de chuid na háite seo is ea *Farranphibee* (*AL* : Revd. C. Buckley) agus *Farnafubber* (*AL* : Mr. J. Blake) thuas.

Tarlachtaintí eile den sloinne seo i logainmneacha an chontae is ea (i) **Ballymacotter** (*bar.* Imokilly) < Ballymccottir, *CPR* 130-b, anno 1608, (ii) **Dooneenmacotter** (*bar.* Imokilly) < Dun McCottir, *CPR* 130-b, anno 1608, Downeenemacotter, *DS* agus (iii) **Dunsfort** (*bar.* Imokilly) < SkartemcCottyr, *Inq.* 1 5, anno 1586; Dunsfort alias Scartmacolter (*sic*), *CGn.* 59.152.3945, anno 1728.

I mbarúntacht Bharrach Móra (atá comharsanach ach gan a bheith teorantach le hOrbhraí agus An Choill Mhór) agus i mbarúntacht Uí Mhic Coille (atá teorantach le Barraigh Mhóra) ba chomónta daoine den sloinne á lua timpeall an ama chéanna, viz. (i) John og m'Shane M'Cottier, Inshynybacky (Barraigh Mhóra), *Fiant* 2246, anno 1573; (ii) James balluf m'Shane M'Cottirr, Ballycoppinger > Coppingerstown (Uí Mhic Coille), *Fiant* 2260, anno 1573 agus (iii) Wm. genaghe M'Cottir, Barries Courte (Barraigh Mhóra), *Fiant* 3974, anno 1582. Faoi lár na haoise ina dhiaidh sin (1659), ba é an sloinne seo leis an dara sloinne ba chomónta (51 tarlachtaint) i ndiaidh Barry i mbarúntacht Bharrach Móra (Pender, *Cen.* 239). Tugtar faoi deara, áfach, gur mar O Cotter a litrítear an sloinne san fhoinsé chéanna, litriú nár éalaigh ón údar seo a leanas, 'Curiously, it was written O Cotter, an obvious slip of the pen since it never so appears before or after' (Ó Murchadha, *Fam.Names* 264).

In ainneoin an ráitis dheireanaigh seo (agus is fíor gan amhras ar fhianaise Ballymacotter, Dooneenmacotter, Dunsfort agus na dtagairtí eile thuas gurbh é **Mac Coitir** a ghnáthlitriú) is fiú a lua go bhfuil idir **Mac Coitir** (1640, 1668, 1719, 1743 agus 1781) agus **Ó Coitir** (1618, 1640, 1660, 1728) léirithe san fhianaise dhoiciméadach ar Farrancotter.

I gcomhair scéal na clainne sa chontae agus go sonrach i mbf. Rockforest i mbarúntacht theorantach Mhainistir Fhear Maí, féach Coleman, "Notes on the Cotter Family of Rockforest, Co. Cork", *JCHAS* 14 (1908), 1 – 12 agus Cotter, "The Cotter Family of Rockforest, Co. Cork", *JCHAS* 43 (1938), 21 – 31.

Dhá fhoroinn de chuid an bhf. seo ab ea **Farrangrove** (*AB* 15) agus **Parkeffarren** (*AB* 46).

Cat.1.6 Min.2

FEARANN MHIC COITIR (< - MHIC OITIR); land of the person surnamed
Mac Coitir or Cotter

(59)	18.	Garranengeevoge 24 (Gurrane, litriú logánta)
-------------	------------	---

1618	Garraneogevoige	CPR 364-b
1618	Garraneogevoige	Lodge Mss. IV 29
1626	Garranegivogge (<i>OC; OD</i>)	Inq. III 117
1629	Garrenigivoge	Lodge Peerage II 251
1640c.	Garraniogyvoige	Percival Pap. 47043.11
1655	Garrangranoge (féach Nóta 26)	DS
1659	Garranenagivoge	Cen.241
1660c.	Garranig looge (<i>leg. -givoge</i>) (féach Nóta 15)	BSD 129
1666	Garranmclvoige	ASE 93-b
1702	Garranegivoge (féach Nóta 74)	Percival Map
1712	Garrenigivoge	Percival Pap. 46979.120
1760	Garranagivoge <i>orse</i> Garranmaclvoige	CGn. 203.332.135658
1765	Garranmaclvoige <i>orse</i> Garranimaclvoige	CGn. 240.470.156420
1812	Garranegavoge (<i>T.L.</i>)	Leet I 279
1833	Garranigivogue	TAB3
1840	Garraanageevogue Garranageevoge Garransgeogue (<i>sic</i>) Garranegevogue Garranageevogue Garranegivogge garán na gcíonóga shrubbery of the half farthings	AL (1:20) : BS : Prop's Map 1702, Ld. Arden's Map 1702 : Rector's List : HCR : Revd. C. Buckley, Mr. J. O Sullivan, Mr. T. Blake : Car.1 : OC : OD

Dhealródh sé go bhfuil litriú fhormhór na bhfoirceann anseo (iad san dar deireadh *-nage(e)voge*, *-nagivoge* agus litrithe mar iad) ar son *Garrán na gCiabhóg*, < *ciabhóg*, q.v. *Dinneen*, 'a small lock of hair', ar leagan díspeagtha é féin de *ciab* (*DIL*).

De bharr míthuisceana nó mí-thraslitrithe is dóichí a thagtar ar *mc/mac* in áit *na* i bhfoirmeacha áirithe anseo (1666, 1760 agus 1765), dála **Bally McKelly** (1659) < *Baile na Coille* (féach Ó Maolfabhail, *Log. na hÉir.* I 39) agus **Bally McFrancky** < *Baile na Fraince* (*Ibid.* 40), cuiream i gcás, i gcontae Luimnigh.

Áitainmneacha sa chontae ar dóichí a dtagann fásra gruaige nó féasóige (i gcomhthéacs meafarach) isteach iontu is ea :

- (i) **Garraveasoge** (*bar.* Duhallow; p. Dromtarriff) < *Garraí Féasóg* ("garden of (the) beards");
- (ii) **Garravesoge** (*bar.* Kinalea; p. Ballymartle) < *Garraí Féasóg* agus
- (iii) **Lackenafasoge** (*bar.* Carbery West; p. Caheragh) < *Leaca na Féasóige* ("hillside of the beard").

Ní fios nach faoi anáil leagan Gaeilge *Crusheenkeenoge*, is é sin, *Croisín Cionóg*, 'small cross of the small coin' (q.v. *Log. na hÉir.* I 144) a bhí scrúdaithe timpeall an ama chéanna seo in *AL* Luimnigh, a bhí *OC* agus *-na gcionóga* á bhreacadh thuas aige.

Cat.1.1 Min.2

GARRÁN NA ḠCIABHÓG; grove of the small locks of hair.

(60)	19.	Grange East 16, 17, 24, 25
(61)	20.	Grange West 16, 24

1659	Grange	Cen.241
1663	Grange	Sub.Roll (Hist.Top.Notes III 160)
1683	Grange	Hib.Del.
1702	Grange (OC; OD)	Percival Map
1723	Grange	CGn. 42.13.25453
26/1/1769	Grange	CEP XIV 8.4.4
1772	Grange	CGn. 291.270.191409
1811	Grainge; Grange (OC; OD)	Bath Map
1833	Grange	TAB9
2002	/don'bari-/	F40, 69

Is áirithe gurbh aon bhf. amháin é **Dunbarry** anseo (108 acra) agus **Dunbarry** (X36.4; SO 16; 40 acra) lena ais sula ndearnadh iad a roinnt i bparóistí éagsúla.

De Barry (31) an ceathrú sloinne ba chomónta sa bharúntacht seo i ndiaidh O'Connell (45), McTeige (39) agus McShane (35) faoi 1659 (q.v. *Cen.* 242), ina measc **William Barry**, Annagh (*Ibid.* 241) agus **James Barry**, Carrigine (*Ibid.*) sa pharóiste céanna. Féach leis 'The Fitz James Barrys of Annagh (*par.* Churchtown) were descended from Nicholas Barry, a younger son of William Maol, first lord of Ishawne' (Ó Murchadha, *Fam. Names* 30).

I gcomhair tarlachtaintí níos luaithe den sloinne sa pharóiste céanna seo féach (i) *terrae de Brochoyn [285] olim fuerunt Odonis de Barry, et post Philippus filius suus* [lands originally held by Odo de Barry and thereafter by his son Philip, q.v. *PRC* III 56, anno 1250] agus (ii) *Jacob[us] fili[us] Nicolai, filii Philippi Jacobi Barry domino de Bruchane* [285, James, son of Nicholas fitz Philip son of James de Barry, lord of Bruhenny, féach *PRC* III 34, anno 1481] agus *PRC* III 206, -7, fonóta 156.

Cat.1.1 Min.2

DÚN AN BHARRAIGH; (de) Barry's fort.

(93)	19.	Egmont 16
-------------	------------	------------------

1592	Ballimckowa	CSP 63
1601	Ballymakowe	Fiant6539
1617	Ballimccowe	CPR 343-b
1629	Ballymaccow	Lodge Peerage II 251
1636	BallymcCow	Longfield Pap. 137
1637	Ballymacowe	Egm.Mss. I.I.100
1637	Ballymccowe	Lodge Mss. V 473
1640c.	Bally McCowe	Percival Pap. 47043.11
1642	Ballymaccow	Egm.Mss. I.I.179
1642	Ballymckugh (féach Nóta 20)	Dep.I 246
1642	Ballimackue (féach Nóta 20)	Dep.II 215
1642	Ballymccowe (féach Nóta 20)	Dep.III 41
1643	Ballymacooe	Egm.Mss. I.I.195
1654	Bally Mc Cow	Egm.Mss. I.II. 561
1657	BallimcCowe (féach Nóta 40)	Inq. VII 119
1659	Ballymccowe	Cen.241
1660c.	Ballymcrow (<i>leg. mccow</i>)	BSD 129
1666	BallymcCow	ASE 93-a

1683	Ballimc cow	Hib.Del.
1702	Ballymacow (féach Nóta 55)	Percival Map
1715	Egmont	Lodge Peerage II 268
20/12/1727	Ballymacow	Justices 63
1741	Egmont	Descr.Cork 155
1744	Egmont	Milit.Comm. 6
1760	Ballymacowe alias Egmont	CGn. 203.332.135658
1765	Ballymac Cow alias Egmont	CGn. 240.472.156420
4/6/1770	Egmont	CEP XV 55.4.2
1778	Egmont	T & S 185
1785	Egmont	Vallencey Map
1811	Eggmount (<i>OC, OD</i>)	Bath Map
1812	Egmond (<i>S.</i>)	Leet I 255
1815	Egmont	Stat.Surv. I 445
1833	Egmonte	TAB9
1835	Ballymacow & Egmont	Co.Cess 3
1840	Egmont Eggmount Egmont	AL (1:20) : BS : Bath Map : HCR, Arrowsmith Map, BCR, Revd. M. Purcell, Mr. J. Lynch, Mr. M. Hadigan
	-----	OC, OD
1844	512' ar airde	E1
1850	Ballyvacoo. The Earl of Egmont derives title from this place.	Windele Mss. 12 I 10.205
2002	/egmont/	F73, 236

Tharlódh gur *mhic Cua* ba bhonn le cuid *McCow* na seanfhoirme traslitrithe, dá neamhchomóntacht an t-ainm pearsanta seo, *Cua (DIL)*.

Sampla eile d'ainm athartha an ainm neamhchoitianta seo is ea *Ballymacoo* (*bar.* Muskerry East; p. Iniscarra; *SO* 37), < Balymacowe, *Plea Roll* 65 (1301), BallymcCow, *Inq.* VI 36 (1638), baile mhic Cua; Mac Cua's town, *AL : OD*, ní hionann agus (i) *Cloghmacow* (*bar.* Muskerry East; p. Kilmurry; *SO* 83) < cloch Mochua; Mochua's stone, *AL : OC*, is é sin, foirm cheana ainm naoimh ná (ii) *Kilmacow* (*bar.* Kinnatalloon, p. Mogeely; *SO* 37, 46) < Cill Mochua, St. Mochua's church, *AL : OD*, sa chontae céanna.

Ainm bréag-ghalánta, ní foláir, is ea *Egmont* thuas agus é bainteach le teach mór (John, iarla) Egmont, a bhí tite go talamh roimh 1750 (cf. *Smith, Cork I* 319). I gcomhair éachtaint ar a áilleacht shuaithinseach tráth dá raibh (ar chuma Egmont, binn bholcánach sa Nua-Shéalainn, 'noted for its symmetry and beauty' (q.v. *Webster's Dict.* 323), féach 'Trinacrian height, High rising Emblem of it's Owner's State, Egmont, which gives rise to the illustrious Race, The highest Honour, and the Senate's Place' (q.v. Anderson, *Gen. Yvery* I.113.290-3).

Cat.1.7 Min.2

BAILE MHIC CUA; town (place) of the son of Cua.

(94)	20.	Gurteenroe 16
(95)	21.	Gurteenroe Commons 16

1630	Gurtineroe (féach Nóta 36)	<i>Inq.</i> IV 50
1630	Gortinroe (<i>OC; OD</i>)	<i>Inq.</i> IV 55
1637	Gurtineroe	<i>Egm.Mss</i> I.I.95
1637	Gurtineroe	<i>Lodge Mss.</i> V 470
1683	Gortneroe	<i>Hib.Del.</i>
1702	Gurteenroe (féach Nóta 55)	<i>Percival Map</i>
1710	Gurtinroe	<i>CGn.</i> 6.185.1768

1765	Gortenroe	CGn. 240.472.156420
13/9/1773	Gurteenroe	HC V 73.581.1
1811	Gurteenruoe (<i>OC; OD</i>)	Bath Map
1811	Bog [of] Gurteenruoe [= Commons], (<i>OC; OD</i>)	Bath Map
1812	Gurteen-roe (<i>T.L.</i>)	Leet 1 308
1821	Commons	CGn. 762.91.517226
1833	Gurteenroe; Commons	TAB7
1840	Gurteenroo Gurteenruoe Gurteenroe Gortinroe Commons of Gurteenroe A small townland without a house upon it, two thirds bog. guirtín ruadh Red little garden	AL (1:21) : BS : Bath Map : HCR, BCR, Prop's Map, Miss Purcell's Map 1702, Revd. M. Purcell : Car.1 : BS : Descr.Rem. : OC : OD
2002	/gorti:n'ru:/	F88, 328

Trácht ar an áit dheireanach seo, Gurteenroe Commons, ní chloistear anois.

Cat.1.1 Min.2 (Gurteenroe)
GOIRTÍN RUA; reddish little field.

(96)	22.	Imogane 16
------	-----	------------

1630	Imogan (<i>OC; OD</i>)	Inq. IV 53
1630	Imogan	Inq. IV 55
1637	Imogan	Egm.Mss. I.I.95

1637	Imogan	Lodge Mss. V 470
1640c.	Imogan	Percival Pap. 47043.6
1642	Imogane (féach Nóta 20)	Dep.IV 52
1642	Mogane (féach Nóta 20)	Dep.IV 116
1642	Mogan (féach Nóta 20)	Dep.IV 168
1644	Mogaine	Egm.Mss. I.I.232
1644	Mugawne	Egm.Mss. I.I.233
1653	Imogane	Egm.Mss. I.II.527
1659	Imogane	Cen.241
1683	Immogán	Hib.Del.
1730	Immogán	Percival Pap. 46995.121
1765	Imogane	CGn. 240.474.156420
20/7/1769	Imogane	CEP XIV 58.4.1
1812	Emoe-gane (S.)	Leet I 257
1833	Imogane	TAB8
1840	Immogaun	AL (1:28) : BS
	Imogaune	: HCR, BCR
	Imogane	: Revd. M. Purcell, Mr. D. Buckley, Mr. J. Laffan
	Immogaun	: Mr. J. Lynch
	Imogan	: Car.1
	iomagán	: OC
	a small <i>ime</i> : dam, or weir	: OD
1923	Imogane, Mogaine, Maigawne	Hist.Top.Notes IV 310
2002	/imə'gɔ:n/	F2, 236

Tharlódh ar fhianaise na litrithe stairiúla thuas gur *imbe ócán* (nó a leithéid) an bhunfhoirm ar dóichí a ndeachaigh an fhorbairt seo a leanas uirthi : *imbe ócán* > *ime ógán* > *im(e)ógán* > /imə'gɔ:n/, mar a luíonn an phríomhbhéim ar an siolla deireanach, gné is dóichí a mhíneodh an lagú ar cháilíocht an ghuta ó /o:/ go dtí /ə/.

Féidearthacht nár mhór a chur san áireamh anseo maidir le brí *imbe* de is ea *clai* nó *fál*, ‘the act of fencing or hedging’ (q.v. *DIL* (a)), ‘fence, hedge’ (*Ibid.* (b)) seachas *cora*, ‘weir or dam’ (*Ibid.* (c)) ón uair nach ann do ghné thopagrafach mar é san áit.

Cat.1.9 Min.2

IME ÓGÁN; fenced piece of land of (the) youths.

(97)	23.	Leap 7, 16
------	-----	------------

1812	Leap (<i>T.L.</i>)	Leet II 70
9/10/1834	Leap	Par.Reg. (p. 4999) (s.n. Thomas Fox)
1836	the Leap	CGn. 20.39.517
1840	Leap	AL (1:27) : BS, Revd. M. Purcell, Mr. J. Lynch, Mr. M. Hadigan, Mr. W. Connor, Mr. D. Buckley, Mr. J. Laffan
	Leppe (?) (féach Nóta 23)	: Dep. 1652
	léim	: OC
	the leap	: OD
1844	the farm called the Leap	MSO IV 443
1937-8	There was a man in this district but his name is not known. He was a famous jumper living in Walshtown [the adjoining townland to the north-east]. There was a jumping competition in this district [in which] several men competed. This man was one of them. He jumped five or six feet farther than the others. He was living where the Murphys are living now and the farm is still called the Leap. There were many other famous jumpers in this district.	
		Bail.na S. 367.399 (<i>per</i> Eilish Noonan, Liscarroll ó Denis O'Sullivan, Windmill, (Churchtown).

Ní leagan stairiúil de chuid na háite seo é *Leppe* (*AL : Dep.* 1652) ón uair gur don bhaile *Leap* (*bar.* Carbery East, West Division; p. Kilmacabea; *SO* 142) atá suite sa chontae céanna (ach é a bheith i bhfad ó láthair anseo) a thagraíonn sé.

Soláthraíonn *OC* leagan Gaeilge thuas.

Trácht níor chuala Michael Murphy (F359, úinéir reatha na feirme is *Leap* ann agus garmhac le húinéir na feirme aimsir *Bail.na S.*) i dtaobh chomórtas nó éacht na holl-léime dá dtagraítear san ainm, ná níl ar a chumas suíomh na léime laistigh den bhf. a thomhas.

Tagraíonn P.W. Joyce do chomóntacht na seanléimeanna fordhaonna oscartha seo sna logainmneacha trí chéile, 'a favourite mode of exhibiting physical activity among the ancients, as well as the moderns, was by a leap' (féach Joyce, *Or.Hist.Ir.N.P.* I 170) agus arís 'there are several places whose names contain this word *léim* in such a way as to render it probable that they are connected with legends' (*Ibid.* 171).

I gcomhair léimeanna eile sa bharúntacht staidéir agus sa chontae trí chéile, féach Nóta 75.

Cat.1.2 Min.2

THE LEAP

(98)	24.	Moanroe 16
------	-----	------------

9/1/1769

Moneroe Bog

CEP XIV 3.4.1

1836	Moneroe Bog	CGn. 22.249.580
1840	Moanrooa	AL (1:30) : BS
	Moneroe	: Revd. M. Purcell, Mr. D. Buckley, Mr. J. Laffan, Mr. J. Lynch
	Moanrooa	: Mr. M. Hadigan, Mr. W. Connor
	móin ruadh	: OC
	Red bog	: OD
	A small and compact townland but an unvaried swamp.	: Descr.Rem.
2002	/dəmoun'ru:; dəmounru:'bɔg/ n n	F125, 236

Is fiú a lua mar fhianaise thopagrafach anseo go bhfuil *Ballincurrig* (X122.1; SO 16, < *Baile an Churraigh*, 'town of the wetland') suite díreach laisteas de *Moanroe* sa tslí is nár mhór a cheapadh gur chodanna éagsúla den aon phortach amháin iad na háiteanna seo tráth.

Cat.1.1 Min.2
MÓIN RUA; reddish bogland.

(99)	25.	Mountbridget 16 (Mount Bridget, litriú logánta)
------	-----	--

1316	Kylbride	PRC III 200.142
1611	Kilvridy	Lodge Mss. III 140
1630	Kilbridy et Knockilbridy (féach Nóta 36)	Inq. IV 50
1630	Kilbredy (féach Nóta 36)	Inq. IV 53
1630	Kilbridy, Knockilbridy (OC; OD)	Inq. IV 55
1637	Killbridy	Egm.Mss. I.I.95

1637	Kilbride	Lodge Mss. V 470
1640c.	Kilbridy	Percival Pap. 47043.6
1642	Kilbridy (féach Nóta 20)	Dep. IV 70
1642	Kilbride (féach Nóta 20)	Dep. IV 132
1660c.	Killbreedy (féach Nóta 15)	BSD 121
1683	Killbre	Hib.Del.
1702	Knockillybreedy (féach Nóta 55)	Percival Map
1704	Knockilbreedy	Moland Map
1712	Knockilbreedy	Percival Pap. 46979.107
1737	Knockilbreedy	Percival Pap. 47003
1760	Knockilbreedy	CGn. 203.333.135658
15/1/1761	Knockillibreedy	CJ VIII 5.2.3
1765	Knockilbreedy	CGn. 240.474.156420
28/10/1771	Knockillebreedy	CEP XVI 86.2.3
1785	Killbride	Vallencey Map
1811	Knock Killbreedy (féach Nóta 8)	Bath Map
1812	Knock-kelabreda (<i>T.L.</i>)	Leet II 59
6/11/1813	Knockillibreedy	Par.Reg. 2, 45
29/1/1813	Knockillabreedy	CMC X.3.5
1833	Knockellybreedy	TAB4
1835	Kilbreeda	Co.Cess 3
1840	Mount Bridget	AL (1:25) : BS
	Knockillebreedy or Mt. Bridget	: Revd. M. Purcell
	Mount Bridget	: Mr. J. Lynch, Mr. M. Hadigan, Mr. D. Buckley, Mr. J. Laffan, Mr. W. Connor
	Kilbridye et Knockilbridy	: Car.1
	cnoc chille bhrighde	: OC
	Hill of Kilbride	: OD
	On the E[ast] a tree [cf. <i>St. Bridget's Tree</i> , 562] and well [cf. <i>St. Bridget's Well</i> , 563] called after St. Bridget	: Descr.Rem.

	stand.	
1844	548' ar airde	E1
2000 (1984)	Burial ground known locally as "children's burial ground".	FSCC IV 14149
2002	/mount'bridʒit/	F236, 237

Le haghaidh comóntacht na míre *mount* i logainmneacha an cheantair staidéir, féach *Currymount* (X36.3; SO 16), *Mount Barry* (AB 38, bf. Currymount), *Mountelm* (X228.20; SO 7), *Mount Mary* (AB 39, bf. Currymount) agus *Mountmurphy* (AB 40, bf. Templemary, X41.30; SO 16).

I gcomhair eiseamláirí eile de chultas an naoimh i logainmneacha na barúntachta staidéir féach (i) *St. Bridget's Tree* (562, bf. Mountbridget); (ii) *Kilbride* (AB 27, bf. Moyge (X182.7; SO 7)); (iii) *St. Bridget's Well* (563, bf. Mountbridget) agus (iv) *Templebridey* (572; i gcomharsanacht Chill na Mallach).

Cat.1.5 Min.2

CILL BHRÍDE > CNOC CILLE BHRÍDE; (hill of) the church (dedicated to St.) Bridget.

(100)	26.	Mountcorbitt 16 (Mount Corbet, litriú logánta)
-------	-----	---

1317c.	Duncorbit	PRC III 218.204
1629	Drumcarbud	Lodge Peerage II 251
1637-8	Dromcarbuid	Egm.Mss. I.I.100
1637	Dromcarbud	Lodge Mss. V 474
1660c.	Drumcorbud (féach Nóta 15)	BSD 129
1666	Drumcarbud	ASE 93-a
1702	Drumcarbud (féach Nóta 55)	Percival Map
1704	Drumcarbud	Moland Map

1711	Dromorbud	CGn. 6.377.2296
1765	Dromcorbud	CGn. 240.474.156420
1778	Dromcorbet	T & S 185
1785	Drumcarbet	Vallencey Map
1786	Droumcorbitt	CGn. 378.503.254031
1801	Drumcorbett	Hist.Top.Notes IV 114
1812	Mount-corbet (<i>S.</i>)	Leet II 120
6/6/1813	Mount Corbett	Par.Reg. 2, 45
1814	Mount Corbett	Hist.Top.Notes IV 115
1822	Drawmcorbet	CGn. 775.31d.524966
1833	Droumcorbet	TAB6
1836	Drumcorbritts	Reg.Trees 47
1840	Mount Corbet	AL (1:23) : BS
	Droumcorbete	: HCR
	Drumcorbet	: Arrowsmith Map
	Droumcorbit	: BCR
	Mount Corbet	: Revd. M. Purcell
	Mount Corbit	: Mr. J. Lynch, Mr. M. Hadigan, Mr. D. Buckley
	drom carbaid, ridge of the chariot	: OD
1844	443' ar airde	E1
2002	/mount'kɔːrbit/	F126, 127

I gcomhair comóntacht na heiliminte *mount* i logainmneacha na barúntachta trí chéile, féach **Mountbridget** thuas.

Carbaid, is é sin, foirm ghinidigh uatha *carbad* seachas foirm ghinidigh iolra an fhocail chéanna (*carbad*) is dóichí is bonn le dara mír an ainm (féach ina leith seo 1317, 1637-8 agus 1784 go speisialta) – dá mba ghinideach iolra a bheadh sa treis, ar éigean a bheadh rian ar chonsan caol in aon cheann d'fhoirmeacha traslitrithe an Bhéarla.

Féach leis **Corrabul** < *Baile an Charbaid*, 'the town of the boulder' (Ó Maolfabhail, *Log. na hÉir.*I 14) i gcontae Luimnigh.

Tharlódh go ndeachaigh an sloinne **Corbett** (> Corbaid, Woulfe *SGG* 239; Reaney, *Brit.Surn.*77) i bhfeidhm ar fhoircinn thraslitríthe na fianaise thuas.

Cat.1.11 Min.2

DROM CARBAID; ridge of (the) boulder, (cf. *DIL*, s.v. *carpat* (b)); ridge of the gum, palate (*Ibid.*, *carpat* (c)).

(101)	27.	Rath 7, 16
-------	-----	------------

1630	Rath (féach Nóta 36)	Inq. IV 52
1637	Rath	Egm.Mss. I.I.95
1637	Rath	Lodge Mss. V 471
1643-4	Rath	Egm.Mss. I.I.206
1663	Rath	Sub.Roll 20
1683	Rath	Hib.Del.
1702	Rath (<i>OC; OD</i>)	Percival Map
1704	Rath	Moland Map
1711	Rath	CGn. 6.377.2296
1748	Rath or Windmill [609]	Percival Pap. 47013
1750	Rath	Smith Map
1833	Rath	TAB10
1840	Rath	AL (1:10) BS, Ld. Egmont's Trace 1702, HCR, BCR, Mr. J. Lynch, Mr. M. Hadigan, Mr. W. Connor
	Ráith	: OC
	a fort	: OD
	There is a fort in the S[outh] W[est]	: Descr.Rem.

	boundary.	
2000	Ringfort (ruined windmill)	FSCC IV 12827
2002	/rat/ "	F134, 135

Ní léir fianaise ar an alt i gcás an ainm seo, ní hionann, cuiream i gcás, agus Rathgoggan (X214.1-3; SO 2, 3 / Charleville/An Ráth, cf. 1706, 1738 (x3), 1750 (x2), 1770, 1773, 1776 (x5), 1800 (x8), 1835).

Cat.1.1 Min.2

RÁTH; a fort.

(102)	28.	Walshestown 7, 16
--------------	------------	--------------------------

1356	Gregory Walshe, Anath (sa pharóiste céanna)	Fam.Names 319
1612	Walshtowne	CPR 276-b
1626	Wailshisland alias Ballinvallishie (OC; OD)	Inq. III 142
1630	Walshestowne (OC; OD)	Inq. IV 50
1637	Walshestowne	Egm.Mss. I.I.95
1641	Welshestowne	Egm.Mss. I.I.147
1642	Ballinvallish (p. Bruheny) (féach Nóta 20)	Dep. II 64
1642	Welchestowne	Dep. IV 71
1643	Welchestowne	Egm.Mss. I.I.195
1659	Welshestowne	Cen.241
1662-3	Wailshistown; Waylshstoune	Hist.Top.Notes IV 31
1683	Walshestowne	Hib.Del.
1702	Walshestown (féach Nóta 56)	Percival Map
1710	Walcestown	CGn. 6.185.1768

1712	Welshestown	Percival Pap. 49678.704
1750	Walsh's - Town	Smith, Cork I 320
1812	Walsh's - town (S.)	Leet II 252
1833	Walshstown	TAB11
1840	Walshestown	AL (1:17) : BS
	Welchestown (féach Nóta 11)	: Bath Map
	Welshestown (<i>sic</i>)	: Ld. Egmont's Trace 1702
	Walshestown	: HCR, BCR
	Wailshisland alias Ballinvallishie	: Car.1
	Walshestowne	: Car.1
	Ballywallis (féach Nóta 23)	: Dep.
	Welchestowne (p. Browhany)	: Dep.
	-----	: OC, OD
1956	Baile an Bhailisigh	Ó Fogh. : Log. 64
1985	In an inquisition dated 1626 Walshestown appears as "Wailshisland alias Ballinvallishe", the Irish form <i>Baile an Bhailisigh</i> , indicates that Breatnach [e.g. <i>Walshestown</i> (<i>bar.</i> Muskerry East; p. Athnowen, in the same county: Walshstown, <i>Fiant</i> 6539, anno 1601 and Ballynemrannagh (< <i>Baile na mBreatnach</i>), <i>CPR</i> 488-b, anno 1620)] was not the only Irish version used in the area. There was also Kilevallynvallishig [<i>AB</i> 31] near Ballyhea in 1608.	
		Fam. Names 319
2002	/ˈwelt ʃɪztoun/	F164, 165

I leith ainmneacha a bhfuil fianaise ar Bhéarla agus ar Ghaeilge araon iontu (is cosúil gur ghearmharthanach go maith an leagan Gaeilge sa chás seo), féach 6, 8, 12, 73, 105, 156, 158 agus *AB* 50.

Cat.1.8 Min.2

BAILE AN BHAILISIGH; town of the person surnamed Walsh.

(103)	1.	Cooliney Parish (X70.1-4), (Cooline, litriú logánta)
-------	----	--

Cooliney 7

845	co Cuil Emni	CGG 14.xiii
1160c.	Cill [<i>sic</i>] Eimni	CGG 227 (LL V 1321.39407)
1176	Cúil Emni	AIF308.3
1176	Cúil Eidhni	MIA 60.8
1300c.	Colonene	Pap.Tax.277
1300c.	Oulenene (<i>recte Culenene</i>)	Pap.Tax.314
1300c.	(<i>recte</i>) Culenene	Pap.Tax.xx
1301	Coylhenyny	Plea Roll 11
1364	Coulheneny	PRC III 28
1364	Coulheneny	PRC III 30
1364-5	Coulheneny	PRC III 52
1364-5	Coulheneny	PRC III 54
1364-70	Coulheneny	PRC III 112
1370c.	Coulheneny	PRC III 120
1448-9	Coyleyneh	CPL X 381
1461	Croylleny	CPL XII 117
1492	Cuylleyn	Ann.Cloyn. 21.66
1587	Cowlin	Fiant5066
1591	Colline	Cl.Par.Rec.CCR II 175
1593	Cowlynagh	CPR 286-a
1600	Colina	Boazio Map
1615	Cowleyny	Roy.Vis. 201
1617	Cowleyny <i>orse</i> Culyne	CPR 315-b
1621	Cowlin	CPR 513-b
1630	Culline	Cl.Par.Rec.CCR II 175
1655	Cooldine (<i>leg. ? Cooleline</i>) (féach Nóta 26)	DS
1659	Cooleyney	Cen.240
1660c.	Coloyne Parish	BSD 118

1660c.	Conleny (<i>leg. Couleny</i> ; bf.), (<i>OC, OD</i>)	BSD 118
1661	Colleyney	CSP 317
1661	Cooline	Cl.Par.Rec.CCR II 176
1662	Coolelyne	Sub.Roll 7
1663	Coolleene	Cl.Par.Rec.CCR II 176
1666	Cullinie	Cl.Par.Rec.CCR II 176
1668	Couleeny	ASE 185-b
1676	Cooliney	Cl.Par.Rec.CCR II 176
1682	Coolinie	Cl.Par.Rec.CCR II 176
1700	Cooline	Will Abstrs. 182 (s.n. Henry Bowerman)
1702	Coolynee (<i>féach Nóta 55</i>)	Percival Map
1703	Cooleiny	Adm.Bds. Cloyne (s.n. Sarah Gibbings)
1704	Cooliny	Par.Priests 57
1720	Cooliny	Crow's Vis. 71
1736	Cooline	Cl.Par.Rec.CCR II 177
1744	Cooline	Milit.Comm. 6
1748	Coolinah	Hist.Top.Notes II 252
1750	Cooline	Smith, Cork I 315
1750	Cooliny	Smith Map
1759	Cooline	Bhea Vestry Bk 26
30/3/1769	Cooline	CEP XIV 26.3.3
1772	Cooline <i>orse</i> Cooleeny	CGn. 288.274.190545
10/2/1777	Coolynee	Par.Reg. (p. 5001) (s.n. Mary Lynch)
7/8/1780	Coolynee	Par.Reg. (p. 5001) (s.n. Darby Lynch)
6/2/1781	Coolyne	Par.Reg. (p. 5001) (s.n. James Galvan)
1781	Coolyne	Hist.Top.Notes II 253
1/1/1784	Cooline	CEP XXIX 1.4.4

1785	Cooline	Vallencey Map
1795	Coolinay	Seward
1806	Cooliney	Cl.Par.Rec.CCR II 177
1810	Cooliney (<i>OC; OD</i>)	Carlisle
1811	Cooleeny (<i>féach Nóta 10 thíos</i>)	Bath Map
23/7/1822	Cooline (parish)	CM1 3.4
1837	Cooline parish	Lewis I 397
1840	Cooline	ALPB (2) : BS
	Cooliney	: Carlisle
	Coolinay	: Beaufort's Map
	Coolina	: HCR
	Culeiney	: BCR
	Culeiney	: Lady Geary's Map 1726
	Cooleyline (<i>féach Nóta 10</i>)	: Bath Map
	Couleny	: Distrib.Bk.
	cúilín,	
	a small corner or angle	: OD
1840	cúilínidhe,	ALPB (76) : OD
	small corners or angles	: OD
1911-3	a small corner or angle (<i>per AL : OD</i> <i>thuas</i>)	Hist.Top.Notes III 241
1923	Cúilínidhe	Or.Hist.Ir.N.P. III 245
1986	Cooliney (now generally pronounced Cooline by the local population).	CDHJ 1.86
1986	Cooline	CDHJ 1.94-8
2002	/ku:'lɔin/	F206, 208

Is do sheanfhoirm de chuid Farthingville East/West (X228.20, 21; *SO* 7; 1, 6, 7), *Cúil Uí Laighin*, sa chontae céanna agus ní don áit seo a thagraíonn *Cooleyline* (*AL : Bath Map*) thuas.

In ainneoin go dtacódh foirmeacha stairiúla áirithe thuas (1668, 1772, 1777 agus 1811) leis an tuiscint áitiúil, ní foláir, gur *Cúilíní*, 'small corners or

angles' ba bhonn leis an ainm, tuairim a nochtar leis in *AL : OD*, in Joyce, *Or.Hist.Ir.N.P.* III 245 agus in Grove-White, *Hist.Top.Notes* II 247, is áirithe go bhfuil formhór mór na fianaise, idir luath agus dhéanach (agus fuaimniú an leagain labhartha san áireamh) glan in aghaidh a leithéid de réasúnaíocht. Is lú fós an iontaoibh is féidir a thabhairt leis an moladh gurb ó *coill* a eascraíonn sé, 'the name 'Cooline' is said to be derived from the root-word "Coill" meaning "a wood" (q.v. Meagher, *CDHJ* 1 (1986), 94) agus gur le coill mhór ainm na barúntachta ('which extended for some miles north-westwards from this point', *Ibid.*) atá sé bainteach.

Is é an tuairim a nochtann T.F. O'Rahilly i dtaobh cheartbhrí an ainm an ceann is barántúla ar fad, is é sin, gurb é *Cúil Eimni* (*Hermathena* 23 (1933), 198) (< *Cúil Eimhne*, féach leis anno 845 agus anno 1176) ceartfhoirm na dara míre agus gurb ó Eimhne, iníon le Aengus Tíreach a luaitear in 'Forbais Droma Damgaire' a ainmníodh é (*Rev.Celt.* 43, 72).

Cat.1.9 Min.1

CÚIL EIMHNE; corner or place of (?) Eimhne

(104)	2.	Kiltass 2, 7	
1624		Killteshe (<i>OC; OD</i>)	CPR 584-a
1635c.		Killcasse (<i>leg. -tasse</i>)	Chan.Pl. B/163
1640		Kilteashe (<i>OC; OD</i>)	Inq. VII 16
1640		Kilteashe;	
		Kiltash (féach Nóta 36)	Inq. VII 17
1655		Killtas (féach Nóta 26)	DS
1660c.		Killtassey (<i>OC; OD</i>)	BSD 118
1668		Killcasse	ASE 185-b
1669		Killtassey	ASE 204-a

1683	Kiltas	Hib.Del.
1772	Kiltasse	CGn. 288.274.190545
1781	Killtasse	CGn. 346.22.230064
1788	Clontass (<i>sic</i>)	Nevill Rent Roll 21.3
1812	Kil-toss (<i>T.L.</i>)	Leet II 51
1834	Killtass	TAB5
1840	Kiltas	AL (5) : BS
	Killglass (<i>leg. Killtass; féach Nóta 11</i>)	: Bath Map
	Kiltas	: HCR, BCR, Revd. J. Power, Mr. E. Ellard, Mr. G. Clarson, Mr. D. Horan, Revd. C. McCarthy.
	Killtassey	: Distrib. Bk.
	Kilteashe (<i>sic</i>)	: Car.1
	cill taisé (<i>scriosta ag OD</i>)	: OC
	coill teas?	
	south church, wood	: OD
2001	/kil'tas/	F206, 208

In ainneoin go bhfuil E1 agus FSCC IV folamh ó aon tagairt do chill a bheith san áit, ní fios dáiríre cé acu an cill nó coill ba bhonn le céad mhír an ainm ón uair go dtiocfadh bríonna éagsúla *taise* thíos le ceachtar den dá fhéidearthacht. Is é is dóichí gur dhéshiollach do na foircinn *-teshe* (1624), *-teashe* (1640 (x2)), *-tasse* (1772, 1781) ar fhianaise dhúbalta an litrithe *-tassey* (1660, 1669).

Cat.1.4 Min.3

CILL/COILL TAISE; church or wood of the relics (*DIL*, *taise* (b)) or (holy) remains (*Ibid.*, *taise* (c)).

(105)	3.	Milltown 2, 7
-------	----	---------------

1301	Wylton (<i>leg. Mylton</i>)	Plea Roll 11
1370c.	Coullenary [Cooliney] ... <i>in aquis et molendis</i>	PRC III 120
1591	Ballinwollen	Fiant5535
1611	Milltowne (<i>OC; OD</i>)	Inq. I 232
1638	Milton	PRC II 207
1655	Miltowne (muileann léirithe) (féach Nóta 26)	DS
1659	Miltowne	Cen.240
1660c.	Milltown (féach Nóta 16 thíos)	BSD 118
1666	Milltown	ASE 102-a
1683	Milltowne	Hib.Del.
1750	Mill-Town	Smith, Cork I 314
1788	Cooline Mill Farm	Nevill Rent Roll 21.6
1811	Milltown (muileann léirithe) (<i>OC; OD</i>)	Bath Map
1834	Milltown	TAB35
1837	Milltown	Lewis I 397
1840	Milltown	AL(4) : BS, Bath Map, HCR, BCR, Lady Geary's Map 1821, Lady Geary's Map 1762, Lady Geary's Map 1736, Revd. J. Power, Mr. E. Ellard.
	Milltowne (féach Nóta 16)	: Distrib.Bk.
	Milltowne	: Jac.1
	Milltowne	: Dep.
	-----	: OC, OD
1844	Cooliney Mill (féach <i>PRC</i> thuas)	E1
1989	Milltown, ... "The townland of the Mill", which once existed near the little bridge below Maurice Reidy's house.	CDHJ 4.60
1999	/miltoun/	F51, 312

I gcomhair solaoídí eile sa cheantar staidéir a dtagtar ar fhianaise Bhéarla agus ar fhianaise Ghaeilge araon iontu, féach 6, 8, 12, 73, 102, 156, 158 agus *AB* 50.

Níl ann, áfach, ach gur ghearmharthanach go maith d'fhoirm na Gaeilge sa chás seo.

Cat.1.8 Min.2

BAILE AN MHUILINN; town (place) of the mill.

(106)	4.	Rathnacally 7
-------	----	---------------

1301	Callathysrath	Plea Roll 11
1591	Rathnekally	Fiant5535
1611	Rathnycalli (<i>OC; OD</i>)	Inq. I 229
1613	Rathnecally	Lodge Mss. III 273
1614	Rathnecally	CPR 270-a
1655	Rathnacalline (féach Nóta 36)	DS
1660c.	Ranocolly (<i>OC; OD</i>)	BSD 118
1668	Ranakally	ASE 185-b
1683	Rathnacally	Hib.Del.
1781	Rathnacally	CGn. 346.22.230064
1788	Rathnacally	Nevill Rent Roll 21.3
1811	Rathnahaly (<i>OC; OD</i>)	Bath Map
1834	Raynacally	TAB 3
1840	Rathnacally	AL (3) : BS
	Rathnahaly	: Bath Map
	Rathnacaille	: HCR
	Rathnacaillee	: BCR
	Raghncally	: Lady Geary's Map 1736
	Rathnacally	: Revd. J. Power, Mr. E.

		Ellard, Mr. G. Clarson, Mr. D. Horan
	Ranocally	: Distrib.Bk.
	Rathnycalli	: Jac.1
	ráith na caillíge	: OC
	Fort of the hag	: OD
	It contains a Danish fort	: Descr.Rem.
1844	Léirithe ar	E1
1999	/ratnə'kali-/	F206, 208
2000 (1986)	Ringfort	FSCC IV 12836

I gcomhair sampla eile de thagairt (ó thosach na ceathrú haoise déag) d'ainm de bhunús Gaeilge inar tugadh iarracht ar s an ghinidigh iolra sa Bhéarla a imirt ar eilimint nó ar eilimintí Gaeilge, féach **Crannokeston** < *Garraí na gCrannóg* (187), bf. ar leis atá Rathnacally teorantach ó dheas.

Tharlódh go mba fhoirceann aicmeach cuid *-nacally* den ainm anseo dála **Poulnacallee** (*bar.* Carbery West, East Division; p.Aghadown) < *Pollnecally*, *CPR 290* (anno 1615), *Polenecally*, *BSD 240* (1660), < *Poll na Cailli*, sa chontae céanna.

Féach leis **Aghnacallee** (228) agus **Killnecallie** (*AB 28*) sa bharúntacht chéanna.

Cat.1.1 Min.2

RÁTH NA CAILLÍ; fort (dwelling) of the hag or nun.

(107)	Corcomohide Parish (X72.0-1)
-------	-------------------------------------

1253 Corkmoy

CD1 II 526

1276c.	Corkmohyd	RBK 50
1280c.	Corkomoyd; Corkemoyd	BBL 102
1288	Corcomochyd	RBK 76
1299	Corkomoyd; Corkomoyde	BBL 106
1306	Korkemoyde	Pap.Tax. 291
* 1390c.	Muichead Corco Mhuiched	BB 54 a 32
1390c.	Muichet	BB 89 a 6
1400c.	Corca Muichead	Top.Poems 54.1462
1418	Corkmohid	BBL 149
1421	Corcumheyd	Ann.Lim.104.1
1425	Corkmoyhid	Ann.Lim.106.7
1471	Corchimohyt	Ann.Lim.126.57
1490c.	Corco Muichit	Lis. 175 va 34
1494	Corcomwhyd	Ann.Lim.151.111
1611	Corkymohir	CPR 198-a
1618	Corckmaheade	CPR 389-a
1619	Corkomohoid	CPR 445-a
1650c.	Corca Muichead	LGen.DF 51.15
1650c.	Muiceadh, ó ttá Corca Mhuichead	LGen.DF 195.1
1650c.	Muicheadh, a quo Corca Muichead	LGen.DF 1052.3
1650c.	Corcu Muichead	LGen.DF1054.7
1655	Corcamohid (féach Nóta 36)	DS (Lm.)
1656	Corckamahuyde	CS IV 271
1656	Corkamohyde; Corckamoide	CS IV 272
1656	Corckamyde	CS IV 273
1656	Corkamahide Corckamohyde;	CS IV 274
	Corkamohide	CS IV 275
1659	Corchomohir	Cen.278
* 1666	Corcamohoid	ASE 60-a

* 1673-4	Corcanhide	Orr.Pap. 126
* 1683	Corkamohid	Hib.Del. (Lm.)
* 1740	Corkomahide	CGn. 96.473.69016
* 1782	Corkomahide	CGn. 339.627.230353
* 1786	Corcomohide	Mon.Hib. 202
* 1795	Corcomohide	Seward
* 6/7/1804	Corkamohoyde	CMC 345.1.1
* 1810	Corcomohide	Carlisle
* 1835	Corcomohide	CGn. 6.93.136
* 1837	Corcomohide	Lewis I 407
* 1839	Corcumohide	CGn. 11.204.286
1840	Corco Muichead, the property of Muichead (a tribal name of the Hy-Figeinte the old Irish name of Mac Eniry's territory)	ALPB : OD
* 1840	The name of this parish was originally Corcomohid, the name of Mc Eniry's Territory, but latterly it is called Castletown Mac Eniry from the ancient chiefs of Corca - Muiceat.	LSO : Lm.1.54.183
* 1841	Corkamohide	CGn. 20.297.648
* 1850	Corkamohide	CGn. 6.194.176
* 1864	Corca Muicheat	OD Suppl. 608
* 1910	Corcu mhuichet so called from Muichet, son of Brian, son of Eocho Muidhmeadhón.	Onom.Goed. 295-a
* 2000	When people in the Castletown district [cf. 1840 thuas] ... refer to Corcomohide they usually mean the area round about where the last Church of Ireland church was situated	Seoighe 343
* 2001	/kɔrkəmo·'həid/	F97, 154

Ós amhlaidh atá an paróiste sibhialta seo roinnte ar chontae Chorcaí (439 acra) agus ar chontae Luimnigh (9,572 acra), is as Ó Maolfabhail, *Log. na hÉir. I*

140, -1 a baineadh an fhianaise thuasluaite cés moite de na tagairtí dar comhartha * a dtángthas orthu ó 1990 ar aghaidh.

De na heilmintí seo a leanas is dóichí atá an t-ainm comhdhéanta: *Corca* (< *Corcu*, q.v. *DIL*, 'probably related to the Irish word *coirce*', féach Ó Corráin, *PNITM* 41 agus Vendryes, *LEIA*, C, Mac Neill, *PRIA* 29 C (1911), 64), is é sin, ainm treabhchais dála *Corca Dhuibhne* i gCiarraí agus *Corca Mrua* sa Chlár agus *Muichead* a bhfuil a bhri doiléir, 'the Muichead or Muchet part of the name is Brythonic or Welsh, rather than Goedelic or Irish' (Seoighe 2000, 344). Is é is dóigh leis an údar céanna gur focal comhchiallach le *muccaid* na Gaeilge é *muchet*, 'a swineherd' (*Ibid.*)

I gcomhair liosta de sheanainmneacha treabhchais (163 – *muichet* agus malairtí leaganacha ainmneacha éagsula san áireamh anseo), féach Mac Neill, *PRIA* 29 C (1911), 66, 67.

Cat.1.1 Min.3

CORCA MHUICHEAD; the people of Muichead.

(108)	1.	Rusheen 2
-------	----	-----------

1655	Ballerushine (féach Nóta 26)	DS
1656	Russinhoase	CS IV 252
1656	Russin	CS IV 275
1656	Russin	CS IV 276
1660c.	Ballerushin (féach Nóta 15)	BSD 123
1667	Rushine	ASE 133-b
1683	B[ally]rushin	Hib.Del.
1684	Rusheene alias Ballypisheene (<i>leg.-risheene</i>)	CG 6-a

1685	Rusheenhouse	CG 5-b
1714	Rusheene	CGn. 13.345.5902
1811	Rusheen (féach Nóta 8)	Bath Map
1840	Rusheen	AL (1) : BS, Barony Map
	Ruisín, a little ross, i.e. shrubbery or underwood.	: OD
1904	Ross Corn Mill (Disused)	E2
2001	/ro' ʃ:n/ ; /'ros milz/	F200, 208

Áit choilltiúil seachas talamh ard is dóichí is bonn le *roisín* (is é sin, foirm dhispeagtha *ros*) anseo ón uair nach talamh ró-ard é talamh *Rusheen* ar aon chuma (284¹ a mhóirarde de réir E1) agus díreach laistear de *Rusheen* atá *Ballynakilla East* (X228.6; SO2) suite, áit atá buailte le *Ballynakilla West* (X228.7; SO 2) < *Baile na Coille*, 'townland of the wood', ceantar substaintiúil 1,515 (idir thoir agus thiar) trí chéile.

Cuireann Pat Carroll (F154, Rusheen) in iúl dom gur stádas oifigiúil amháin atá ag *Rusheen* anois de bhrí gurb é *Rossmills* (atá ainmnithe i ndiaidh mhuileann a bhí suite i gcúinne oirthuaisceartach an bhf. tráth) foirm cheannasach an lae inniu.

Cat.1.1 Min.3

BAILE ROISÍN (1655, 1660, 1683, 1684) > ROISÍN; place of the small wooded area.

Dromdowney Parish (X89.1-3), (Drumdowney, litriú logánta)		
(109)	1.	Dromdowney 24
(110)	2.	Dromdowney Lower 24
(111)	3.	Dromdowney Upper 24, 32

1300c.	Drumdewony	Pap.Tax.277
1300c.	Drodowyn (<i>sic</i>)	Pap.Tax.314
1300c.	<i>recte</i> Dromdowyn	Pap.Tax.xx
1301	Dromdouny	Plea Roll 11
1573	Dromdony	Fiant2246
1573	Dromdony	Fiant2260
1582	Dromdony	Fiant3947
1600	Drumdown	Boazio Map
1610	Dromdoney	CPR 168-b
1611	Dromedowny (<i>OC; OD</i>)	Inq. I 241
1612	Dromdowny	CPR 241-a
1615	Drumdowning	Roy.Vis.190
1615	Dromnedowny	Roy.Vis.202
1615	Drumdowney	Cl.Par.Rec.CCR II 297
1634	Drumdowney	Cl.Par.Rec.CCR II 28
1637	Dromdowney	Cl.Par.Rec.CCR II 28
1637	Dromdowney	Cl.Par.Rec.CCR II 29
1642	Dromdowne (féach Nóta 20)	Dep. VI 80
1659	Dromdowny	Cen.242
1661	Dromdowney	Cl.Par.Rec.CCR II 28
1687	Drumdowny	Adm.Bds.Cloyne
1702	Drumdowny (féach Nóta 55)	Percival Map
1704	Drumdowne	Moland Map
1720	Drumdouny	Crow's Vis. 71
1748	Dromdowney	Cl.Par.Rec.CCR II 29
1750	Dromdowne	Smith, Cork I 327
11/9/1769	Drumdown	CEP XIV 73.3.2
1785	Drumdowna	Vallencey Map
1795	Drumdowne	Seward
1810	Drumdowney (<i>OC; OD</i>)	Carlisle
1811	Dromdowny (<i>OC; OD</i>)	Bath Map
1812	Drumdowne (<i>T.L.</i>)	Leet I 237

1832	Dromadowna	TAB 1
1837	Drumdowney, or Drumdowna	Lewis I 515
1840	Droumdowna	AL (9) : BS
	Drimdouney (<i>sic</i>)	: Bath Map
	Droumdowna	: HCR
	Drumdowney	: Carlisle
	Drumdoune	: Arrowsmith Map
	Drumdowny	: Beaufort Map
	Droumdowna	: BCR
	Drumdowny	: Prop's Map 1702
	Dromedowny	: Jac.1
	Dromdoney (féach Nóta 22)	: Dep.
	drom domhnaigh, ridge of Sunday	: OD
	Droumdowna Old Castle	: Inhab.
	caisleán droma domhnaigh	: OD
	Tobar rígh an domhnaigh, Sunday's well	: OD
1840	Drom Domhnaigh, ridge of the church	ALPB (93) : OD
1844	505' ar airde (Dromdowney Upper)	E1
1844	Is not Sunday Well at Drumdowney a Holy Well? (Mooney).	MSO I 285
	Yes - auth[ority] local, and by inspection it appears to be one. (Hodgeman)	MSO I 285
*2000 (1987)	Possible church ... Known locally as site of burial ground and church.	FSCC IV 14475
2001	/drom'dounə; dromdounə'lo:(ə)r, 'opər/	F307, 308

Cat.1.1 Min.1

DROM DOMHNAIGH; ridge of (the) church.

1290c.	Hakemys	BBL 80
1297	Acmys	Westropp 423; Mac Spealáin 159
* 1309	Akynnys	Westropp 423; Mac Spealáin 159
* 1410	Achinis	Westropp 423
1418	Hakmys	BBL 146
1418	Hakmys alias Kylcommyn	BBL 147
1615	Kilcoyn alias Haknis	Westropp 423; Mac Spealáin 159
* 1810	Hackneys or Killcummin	Carlisle
1840	Hackmys	AL (1) : BS
	This is not known by the people	: OD
	The Irish word <i>aicme</i> signifies a people or tribe, the plural of which is <i>na haicmidhe</i> , of which Hackmys is an anglicised form.	: OD
* 1840	This name is not known to the natives, but it is probable the anglicising of the Irish word <i>Aicme</i> , a tribe, a word which entered into the names of several Irish tribes and territories as Trughanackmy in Kerry, Na hAicmidhe in Wexford and Kilkenny. (OD)	LSO : Lm. II 30.86
* 1840	This name is not known to the natives; it seems an anglicising of <i>na haicme</i> , the tribes.	ALPB (68) : OD

Ós amhlaidh atá an paróiste sibhialta seo roinnte ar chontae Chorcaí (63 acra) agus ar chontae Luimnigh (2,248 acra), is as Ó Maolfabhail, *Log. na hÉir.*I 169-70 a baineadh an fhianaise thuasluaite cés moite de na tagairtí dar comhartha * a dtángthas orthu ó 1990 ar aghaidh.

Ba dheacair easaontú leis an tuairim seo Ghearóid Mhic Spealáin, ‘the –m- first crept into the name through a scribal error in writing Acmys for Acinys’ (q.v. *NMAJ* 4 (1945), 159; *Uí Cairbre Aobh.* (1960), 202).

Ní haon ábhar iontais é nár chuala Michael Byrne (F251, Ballysallagh) ná a bhean Mary (F252) trácht ar an ainm i bhfianaise a ndeir *OD* faoi thrí ina thaobh thuas, ‘not known to the natives’ (anno 1840).

Ar na naoi bparóiste sibhialta déag dá bhfuil an bharúntacht seo comhdhéanta, is é seo an t-aon cheann díobh nár mhair, rud a fhágann go maireann 94.7% de na hainmneacha céanna seo.

Cat.1.4 Min.0
EACHINIS; horse-island.

(113)	1.	Ballysallagh 3 (Ballysally, litriú logánta)
-------	----	--

1840	Ballysallagh	AL (2) : BS
	Ballysollagh (féach Nóta 11)	: Bath Map
	Ballyslough	: BCR
	Ballysallagh (féach Nóta 58)	: Ld. Arden's Map 1702
	baile salach	: OC
	Dirty town	: OD
2001	/bali.'sali·/	F251, 252

Le haghaidh fianaise bhreise ar an ainm seo (is é sin, an t-aon bhf. (63 acra) i bparóiste sibhialta *Hackmys* ar thaobh chontae Chorcaí de), féach **Ballysallagh** (X214.5; *SO* 3; 280 acra) atá suite díreach lastuas den áit seo againne anseo.

Is díol spéise é go dtagtar ar leithéid na forbartha seo, *-sallagh*, *-slough*, *-sally* < *salach* leis i gcás dhá áitainm eile mar iad seo i gcontae Luimnigh, mar atá, **Ballysallagh** < *An Baile Salach* (feach Ó Maolfabhail, *Log. na hÉir.*I 51) agus **Ballysalla** < *An Baile Salach* (*Ibid.*)

Cat.1.1 Min.2

BAILE SALACH; dirty town.

(114)	Imphrick Parish (X109.1-2) (féach N6ta 69)
-------	--

1300c.	Inpric	Pap.Tax.277
	<i>recte</i> Inthric	Pap.Tax.xvi
1300c.	Inithruc	Pap.Tax.314
	<i>recte</i> Imthruc	Pap.Tax.xx
1301	Yncchiyk	Plea Roll 11
1461	Imfrig'	CPL XII 117
1472	Ymbrych	CPL XII 349
1605	Emerick	Chan.Pl. R/165
1611	Imerick	CPR 209-a
1615	Inffricke	Roy.Vis.200
1620	Immerick	Inq. VII 45
1621	Imerick	CPR 501-a
1634	Imerick	Inq. IV 45
* 1642	Imphricke (féach Nóta 20)	Dep. I 91
* 1643	Infrick (féach Nóta 20)	Dep. I 117
* 1643	Emrik (féach Nóta 20)	Dep. II 16
* 1655	Emrick Parish (féach Nóta 26)	DS (Fer.)
1683	Impherick	Hib.Del.
1692	Imphrick	Adm.Bds.Cloyne (s.n. Paul Holmes)
1720	Imphrick	Crow's Vis. 70

1734	Imerick	CGn. 76.325.54663
1734	Infrick alias Imberick	CGn. 78.242.55142
1750	Impherick	Smith Map
1787	Emerick or Imberick	CGn. 391.134.257408
* 1811	Immerick (féach Nóta 8)	Bath Map
1837	Emerick or Imphrick	Lewis 1 137
1840	Imbrick Parish	AL (1) : BS
	uí mbric (scriosta ag OD)	: OC
	Hi mBric would appear to have been a tribe name (scriosta ag OD)	: OD
	Imbrick	AL (8) : BS
	<i>ime</i> , i.e. dam, <i>bric-</i> of the trout?	: OD
	This is very doubtful.	: OD
* 1840	This name is probably the Inis pich of the old Irish writers.	ALPB (119) : OD
2001	/'imfrik/	F89, 90

Tagairt iomrallach sa chomhthéacs reatha is ea *Inis pich* (ALPB : OD) ós do *Spike Island* (cf. *Onom. Goed.* 469-a, s.n. *inis picht*) sa chontae céanna agus nach don áit seo a thagraíonn sé.

Tá an paróiste sibhialta seo roinnte ar dhá bharúntacht, is é sin, ar Orbhraí agus An Choill Mhór agus ar Mhainistir Fhear Maí (féach Nóta 69).

Déantar beagán athmhachnaimh anseo leis ar bhunús na n-eilimintí dá bhfuil an t-ainm, is dóichí, comhdhéanta : *imbe* (q.v. *DIL* (a), ‘the act of fencing or hedging’; (b) ‘fence or hedge’) – is é sin, más féidir glacadh leis gurb é atá ann : *n* a léirítear i gcás sé cinn de na leaganacha Béarlaithe thuas (29) agus *m* an litriú i gcás na coda eile (23)) móide *bhric*, nach fios go díreach cé acu an tabharthach uatha den aidiacht *brecc* i ndiaidh an ainmfhocail bhaininscnigh

imbe atá ann nó an ginideach uatha den ainm pearsanta *Brecc* (féach Ó Corráin, Maguire, *GPN* 33 -4, agus an chiall chéanna ‘speckled’ leis) é féin.

Agus a rá go bhfuil *Imphrick* roinnte ar an dá bharúntacht réamhluaite, féidearthacht amháin nár mhór béim a leagan anseo air maidir le brí *imbe* de is ea ‘fence or hedge’ (ní fios nach é an teora tadhaill féin idir an dá bharúntacht is ceart a thuiscint leis an gcláí sa chás seo) seachas *imbe* (q.v. *DIL* (c), ‘a weir, dam’ a cuireadh san áireamh sa saothar eile (*Log. Dhá Bhar.*308) de bhrí nach ann d’aon fhianaise chartagrafach a threiseodh leis an bhféidearthacht dheireanach seo.

Forbairt mar é seo a leanas is dóichí a chuaigh ar an ainm : *imbe bhric* > *Imvrick* > *Imfrick* / *Imphrick* de bharr díghlóraithe, v → f.

Le réiteach fuaime a thagann le formhór na leaganacha traslitrithe a chloítear anseo d’ainneoin iarracht den éiginnteacht bhrí a bheith ag roinnt leis an ainm.

Cat.1.9 Min.1

IMFRIC (< ? *Imbe Bhric*); speckled fence or hedge; *Brecc*’s fence or hedge.

(115)	1.	Castlewrixon 8
(116)	2.	Castlewrixon South 7, 8

1601	Ballinlynigh	Fiant6539
1611	Ballenleynig (féach Nóta 33)	Inq. I 232
1623	Ballinlyne (féach Nóta 33)	Inq. II 167
1632	Ballinleinie (féach Nóta 36)	Inq. IV 147
1640c.	Ballinlynyn	Percival Pap. 47043.12
1643	Ballinlinye	Egm.Mss. I.I.193
1643,-4	Ballenlyne	Egm.Mss. I.I.206

1643,-4	Ballylyne	Egm.Mss. I.I.207
1655	Balleline (féach Nóta 26)	DS
1662	Ballinleynie	Sub.Roll 7
1702	Ballinliny (féach Nóta 55)	Percival Map
1711	Ballinliny	CGn. 6.377.2296
1714	Ballynliny	Percival Pap. 46980.230
1777	Castle Wrixin	Wilson Map
1782	Castle Wrixon	CGn. 349.260.234090
1785	Mr Wrixon (<i>persona pro loco</i>)	Vallencey Map
1790	Ballinliny <i>orse</i> Castle Wrixon	CGn. 421.549.275510
1811	Castle Wrixon (<i>OC; OD</i>)	Bath Map
1812	Castle-wrixon (<i>S.</i>)	Leet I 148
1830c.	Ballynlinig	TAB 3
1835	Ballinlinig	Co.Cess 4
1840	Castlewrixon, -South Castle Wrixon	AL (3) : BS : Bath Map, Revd. J. L. Cotter, Mr. P. Daly, Mr. M. O Connor, Mr. D. O. Brien
	-----	OC; OD
1911	Castle Wrixon (Ballinliny)	Hist.Top.Notes II 171
1985	One of the ploughlands of Lord Roche in 1611 was Ballinleynig, now apparently part of Castle Wrixon, par. Imphrick, but again this name may derive from one of the Leynagh family.	Fam.Names 216
2001	/kasil'riksən; kasilriksən'sout/ "	F42, 176

In ainneoin nach bhfuil aon ábhar amhrais ann i dtaobh cheartfhoirm sheanleagan traslitríthe an ainm, *Baile an Laighnigh*, tharlódh go mba an sloinne **Ó Laighin** (féach Woulfe, *SGG* 579) nó go deimhin, duine a tháinig anuas ó chúige Laighean, ba cheart a thuiscint leis, dála **Ballinlyna** (féach Ó Maolfabhail, *Log. na hÉir.* I 21; *SO* 56) atá suite i ngiorracht tamall de mhílte

slí ón áit seo i gcontae Luimnigh agus **Ballinlyny** (*Ibid.*; *SO* 28, 29) sa chontae céanna.

I gcomhair eiseamláirí de dhream daoine ó chúige amháin a bheith á n-ainmniú i logainmneacha i gcúige eile, d'áireoinn (i) **Bawntanameenagh** < *Bánta na Muimhneach* (féach *Liostaí Log. CC* : 17) i gcontae Chill Chainnigh, (ii) **Boleynanoultagh** < *Boulynoultagh, CGn.443.531.287107* (anno 1792), Ballinynaulagh, *CPR* 209-a (anno 1611) < *Buaile na nUltach* i dtuaisceart chontae Chorcaí (*bar. Condons and Clangibbon; p.Kildorrery; SO* 9, 18) agus (iii) **Gorteconaghtie**, *Inq.* V 86 (anno 1637) < *Gort an Chonnachtaigh* i mbarúntacht theorantach Mhainistir Fhear Maí (p. Carrigleamleary)

Ní miste a lua anseo i leith chás an tsloinne seo romhainn gurbh amhlaidh a bhí ocht gclann déag dar shloinne **O Leyne** lonnaithe sa bharúntacht seo (X) sa bhliain 1659 (q.v. *Cen.* 242). Féach leis **Cúil Uí Laighin** > Farthingville East, -West (X228.20, 21; *SO* 7, 1, 6, 7 faoi seach sa bharúntacht chéanna.

Foirm chiorraithe den sloinne gallda **Wrightson** é **Wrixon**, 'a form of the English Wrightson well known in Co[unty] Cork since the end of the seventeenth century' (féach MacLysaght, *Ir.Surn.* 205).

Fág is gurbh ann i gcónaí don seanleagan, *Baile an Laighnigh*, sa tréimhse 1830 – 35, is é ainm galánta an Bhéarla amháin a luaitear san *AL* taca an ama seo (1840) agus is é amháin a fuair stádas oifigiúil dá réir.

Cat.1.7 Min.2

BAILE AN LAIGHNIGH; town of the person surnamed O'Leyne; of the Leinsterman.